An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2024













# Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Tuarascáil ó Chathaoirleach an Bhoird | 2 |
| Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh | 3 |
| Giorrúcháin | 5 |
| Ról | 6 |
| Ráiteas Straitéise 2022 – 2024 | 6 |
| Bord agus Feidhmeannas | 7 |
| Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú | 9 |
| Ceanglais reachtúla a chomhlíonadh | 10 |
| Tosaíochtaí Straitéiseacha | 12 |
| **Príomhéachtaí:** **Clár Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde** | **24** |
| **Príomhéachtaí:** **Clár Ceimiceán** | **31** |
| **Príomhéachtaí:** **Clár Faireachais Margaidh** | **33** |
| **Príomhéachtaí:** **Clár Náisiúnta Creidiúnaithe** | **35** |
| **Príomhéachtaí:** **Clár Éifeachtacha Oibríochtúla** | **37** |

| | | |
|---|---|---|
| **Aguisín 1:** | Príomhtháscairí feidhmíochta 2024 | 41 |
| **Aguisín 2:** | Sleachta ó Ráitis Airgeadais neamhiniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 | 42 |
| **Aguisín 3:** | Iniúchtaí, Fiosrúcháin agus Ionchúisimh | 66 |
| **Aguisín 4:** | Ionadaíocht AE agus idirnáisiúnta 2024 | 73 |
| **Aguisín 5:** | Cóid Chleachtais agus doiciméid threorach críochnaithe in 2024 | 76 |
| **Aguisín 6:** | Tuarascáil Bhliantúil 2024 chuig an Aire maidir le hOibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 | 78 |


Arna foilsiú i ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8.

© Gach ceart ar cosaint.

# Tuarascáil Chathaoirleach an Bhoird chuig Alan Dillon, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta



**Patricia Byron**
*Cathaoirleach*

## A Aire, a chara,

Agus Tuarascáil Bhliantúil 2024 á cur i láthair agam, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt ar an gcéad dul síos do dhíograis agus do thiomantas leanúnach an Údaráis agus a gheallsealbhóirí i rith na bliana seo caite. Táim bródúil as an dul chun cinn atá déanta ar fud shainchúram fairsing an Údaráis, lena n-áirítear sábháilteacht agus sláinte cheirde, sábháilteacht cheimiceach, faireachas margaidh, agus an tseirbhís náisiúnta creidiúnaithe. Éilíonn fairsinge agus castacht ár bhfreagrachtaí oiriúnú leanúnach, go háirithe i gcomhthéacs timpeallachtaí oibre agus creatlacha rialála atá ag athrú go mear.

Mar sin féin, is cúis mhóir bhróin dom an 34 duine a cailleadh i dteagmhas san ionad oibre le linn 2024 aithint. Cé go léiríonn an figiúr seo laghdú ón mbliain roimhe sin, mothaítear gach caillteanas go domhain, agus cuirim mo chomhbhrón ó chroí in iúl do na teaghlaigh, na cairde agus na comhghleacaithe a bhfuil duine muinteartha imithe uathu.

Leanann earnálacha na talmhaíochta agus na tógála de bheith ag cur dúshláin shuntasacha sláinte agus sábháilteachta i láthair, agus táimid ag comhoibriú go gníomhach lenár gcoistí comhairleacha earnálacha chun idirghabhálacha nuálacha agus éifeachtacha a shainaithint.

Ba é clár oibre 2024 an bhliain dheireanach seachadta dár Ráiteas Straitéise reatha 2022-2024. Tá áthas orm a thuairisciú gur bhain an tÚdarás a chuid cuspóirí straitéiseacha amach den chuid is mó, agus gur leag sé bunchloch láidir do straitéis nua ag an am céanna. Ba thasc suntasach don Bhord in 2024 é forbairt na straitéise do 2025-2027. Bhí próiseas forbartha straitéise an-chuimsitheach ar siúl ag an mBord, lena n-áirítear comhairliúchán leis an bhfoireann, le geallsealbhóirí agus leis an bpobal. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hoifigigh do Roinne as oibriú linn agus luach a chur leis an bpróiseas forbartha straitéise ar fad.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an Roinn, leis an mBord, leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Feidhmeannas, lenár bhfoireann, agus le gach páirtí leasmhar as a dtacaíocht agus a dtiomantas i rith 2024. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le do réamhtheachtaí, an tAire Emer Higgins, as a tacaíocht i rith na bliana.

# Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh chuig Alan Dillon, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta



**Mark Cullen**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach an Údaráis Sláinte agus Sábháilteacht*

## A Aire, a chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2024 an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta a chur i láthair, an tríú tuarascáil agus an tuarascáil dheireanach faoinár Straitéis 2022-2024. Le linn an timthrialla straitéisigh dhíríomar ar mhaoirseacht rialála a fheabhsú, cultúr sábháilteachta a chur chun cinn agus nuálaíocht a ghlacadh inár mbealach oibre. Leagann an tuarascáil seo béim ar na príomhchlocha míle agus na táscairí feidhmíochta a chuir le cur i gcrích na straitéise in 2024.

Ceann de phríomhfhreagrachtaí an Údaráis is ea rialáil agus cur chun cinn sláinte agus sábháilteachta ceirde. Rinne an tÚdarás breis is 11,600 cigireacht agus imscrúdú i rith na bliana. Bhain siad seo le gach earnáil eacnamaíoch, agus béim ar leith ar thionscail ardriosca amhail tógáil, talmhaíocht, cúram sláinte agus déantúsaíocht. Rud tábhachtach, chuireamar dlús lenár n-iarrachtaí chun dul i ngleic le rioscaí a bhaineann le guaiseacha síceasóisialta amhail strus agus bulaíocht san ionad oibre, agus na dúshláin atá i gcónaí ag fás agus a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua agus digitiú san ionad oibre.

Ag an am céanna, chuireamar acmhainní breise ar fáil d'fhostóirí agus d'oibrithe, ag tabhairt uirlisí agus treorach dóibh chun cloí le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Mar shampla, bhí breis is 20,000 clárú úsáideora nua ag ár n-uirlis BeSMART. ie in 2024, uirlis atá deartha chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide a measúnuithe riosca féin a dhéanamh. Ina theannta sin, chuir ár dtairseach foghlama ar líne oiliúint inrochtana ar fáil do na mílte oibrí.

I réimse na sábháilteachta ceimiceán, lean an tÚdarás de ról ceannródaíoch a imirt i gcur i bhfeidhm rialacháin na hEorpa maidir le ceimiceáin in Éirinn, ag soláthar saineolais theicniúil agus maoirseachta rialála. Chuir an tÚdarás saineolas teicniúil ar fáil do choistí agus do ghrúpaí oibre éagsúla de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA).

Trí rannpháirtíocht sna fóraim seo cinntímid go mbíonn tionchar ag Éirinn ar reachtaíocht agus ar bheartais atá dírithe ar oibrithe agus an comhshaol a chosaint, agus go bhfuil gnólachtaí Éireannacha ullmhaithe go maith chun freastal ar riachtanais rialála atá ag teacht chun cinn agus chun iomaíochas a choinneáil.

Lean Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) de thacaíocht a thabhairt do chaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta in earnálacha amhail cúram sláinte agus cosaint an chomhshaoil. In 2024, leathnaíomar ár scéimeanna creidiúnaithe, ag freagairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn agus ag neartú cháil dhomhanda na hÉireann as caighdeáin arda agus maoirseacht rialála láidir.

Ceann de na héachtaí is suntasaí a bhí againn i mbliana ná seoladh ár gcroíardáin nua teicneolaíochta. Tá feabhsuithe suntasacha tagtha chun cinn dár bhfoireann i mbailiú sonraí, i mbainistíocht cásanna agus i gcinnteoireacht bunaithe ar riosca mar gheall ar an gcóras nua seo. Chuir sé ar ár gcumas ár bpróisis chigireachta a shruthlíniú, cumais anailísíochta sonraí a fheabhsú, agus comhroinnt faisnéise i measc foirne a fheabhsú. Beidh an córas nua seo ríthábhachtach i múnlú cur chuige níos freagraí agus níos bunaithe ar shonraí i leith ár gcuid oibre.

I mbliana, comóradh 35 bliain ó bunaíodh an tÚdarás. Leanfaimid orainn ag cur leis an dul chun cinn atá déanta le 35 bliain anuas agus muid ag bogadh ar aghaidh lenár Straitéis nua a bhfuil sé mar aidhm aici tacú le hiomaíochas agus le hinbhuanaitheacht gheilleagar na hÉireann. Beimid uaillmhianach agus nuálach, ag díriú ar bhealaí nua oibre agus ag baint amach torthaí inláimhsithe.

Chuireamar fáilte roimh an laghdú ar bhásanna a bhain leis an obair, leis an líon is lú básanna ar taifead ó bunaíodh an tÚdarás in 1989. Mar sin féin, ba mhaith liom a thabhairt faoi deara gur cailleadh 34 duine i dteagmhais intuartha agus inchoiscthe san ionad oibre. Ba mhaith liom mo chomhbhrón ó chroí a ghabháil leis na teaghlaigh, na cairde agus na pobail a ndearnadh dochar dóibh de bharr na gcaillteanas tragóideach seo.

Ní bheadh aon cheann de na héachtaí a bhfuil aird á tabhairt orthu sa tuarascáil seo indéanta gan dúthracht, gairmiúlacht agus athléimneacht ár bhfoirne. In ainneoin na ndúshlán a bhaineann le heagraíocht atá ag fás agus timpeallachtaí oibre atá ag athrú i gcónaí, lean an tÚdarás ag feidhmiú le hardleibhéal tiomantais agus éifeachtachta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mBord agus leis an Aire as a dtacaíocht agus a dtreoir leanúnach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na mílte fostóirí agus oibrithe ar fud na tíre a leanann orthu ag tabhairt tús áite don tsláinte agus don tsábháilteacht ina ngnóthaí laethúla. Is é croílár obair an Údaráis ná saolta a chosaint, agus cuireann gach gníomh a dhéantar chun caighdeáin chomhlíonta a fheabhsú, is cuma cé chomh beag is ata na gníomhartha sin, le fiontair níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos táirgiúla.



# Giorrúcháin

**AE** – An tAontas Eorpach

**ATV** – Feithicil Ilraoin

**BNÉC** – Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

**BSL** – Bord Soláthair an Leictreachais

**BSS** – Bileog Sonraí Sábháilteachta

**CAB** – Comhlacht um Measúnú Comhréireachta

**CAS** – Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch

**CCCSF** – Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirme

**CCSS** – An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

**CCSS** – Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair

**CE** – An Coimisiún Eorpach

**CLH** – Aicmiú agus Lipéadú Comhchuibhithe

**CLP** – Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú Substaintí agus Meascán

**CMR** – Coiste um Measúnú Riosca

**COMAH** – Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí

**CSPAC** – Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht sa Tógáil

**CTAE** – Comórtas Tomhais Anailíseach Eurachem

**DCS** – Dea-Chleachtas Saotharlainne

**EA** – Comhar Eorpach don Chreidiúnú

**EA MLA** – Comhaontú Iltaobhach Creidiúnaithe Eorpach

**ECFE** – An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

**ECHA** – An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

**EU-OSHA** – An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

**FFR** – Fóram Forfheidhmithe REACH

**FGL** – Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

**FTE** – Coibhéis Lánaimseartha

**GCC** – An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**GEC** – An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil

**GPL** – Gás Peitriliam Leachtaithe

**ICSMS** – An Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh

**IE** – Éire

**IECB** – Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar

**INMO** – Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann

**ISME** – Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann

**LNFN** – Lárionad Náisiúnta Faisnéise Nimhiúcháin

**MT** – Meabhrán Tuisceana

**OPDC** – Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta

**PCN** – Fógraí Lárionaid Nimhniúcháin

**PIC** – Toiliú Feasach Roimh Ré

**PIU** – Próiseáil Iontrála Uathoibrithe

**POP** – Truailleán Orgánach Marthanach

**POW** – Clár Oibre

**PÚT** – Pleanáil Úsáide Talún

**RA** – An Ríocht Aontaithe

**RCPI** – Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann

**RCV** – Feithicil Bailithe Dramhaíola

**REACH** – Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán

**RFTF** – An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

**RiME+** – Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca

**RSTB** – Bord um Chlaochlú Sábháilteachta ar Bhóithre

**RTBM** – An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**SIPTU** – Seirbhísí Gairmiúla Tionsclaíocha agus Ceardchumainn

**SSC** – Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

**TCP** – Táirge Cosanta Plandaí

**TFC** – Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

**ÚI** – Údarás Inniúil

**ÚNA** – Údarás Náisiúnta Ainmnithe

**ÚSS** – Údarás Sláinte agus Sábháilteachta

**UTA** – Uimhir Thagartha Aitheantais

**VLO** – Oifig Idirchaidrimh Íospartach

**WWTP** – Plean Cóireála Fuíolluisce


# Ról

**Áirítear le sainordú an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta na freagrachtaí seo a leanas:**

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil;
- Feabhas ar shábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a chur chun cinn;
- Monarú, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn
- Feidhmiú mar údarás faireachais de réir na reachtaíochta baintí ar an margadh aonair Eorpach agus
- Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.

# Ráiteas Straitéise 2022-2024

**Leagtar amach cúig thosaíocht straitéiseacha, *i Ráiteas Straitéise 2022-2024* an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS), mar atá léirithe thíos:**



# Bord agus Feidhmeannas

Is é an Bord a chinneann treoir straitéiseach an ÚSS. Tá 12 chomhalta ar an mBord: Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus 10 ngnáthchomhalta arna gceapadh ag an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Ceapann an tAire comhaltaí arna n-ainmniú ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde (SSC), le ceimiceáin agus le rialú faireachais margaidh. Áirítear ar na leasanna sin fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile. Ceaptar comhaltaí den Bhord ar feadh téarma trí bliana ar acmhainn pháirtaimseartha. Is féidir go n-iarrfar ar chomhalta dhá théarma a dhéanamh.

## Bord an ÚSS

| Comhalta Boird | Dáta ceapacháin | Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | | |
| **Patricia Byron** | 30 Meitheamh 2023 | **7 as 7** |
| **Ainmnithe na bhFostóirí** | | |
| **Paul Kelly** (Leaschathaoirleach) | 20 Nollaig 2022 | **7 as 7** |
| **Padraig Somers** | 20 Nollaig 2022 | **6 as 7** |
| **Frank Kelly** | 20 Nollaig 2022 | **6 as 7** |
| **Ainmnithe na bhFostaithe** | | |
| **Deirdre MacDonald** | 20 Nollaig 2022 | **7 as 7** |
| **David Hughes** | 20 Nollaig 2022 | **7 as 7** |
| **Michelle Quinn** | 20 Nollaig 2022 | **4 as 7** |
| **Ainmnithe an Aire** | | |
| **Bríd De Buitléar** | 11 Lúnasa 2023 | **5 as 7** |
| **Mary Coyne** | 11 Lúnasa 2023 | **7 as 7** |
| **Ciarán Roche** | 11 Lúnasa 2023 | **7 as 7** |
| **Terry O'Niadh** | 30 Meitheamh 2023 | **7 as 7** |
| **Fiona Kilcullen** | 25 Meán Fómhair 2023 | **7 as 7** |

### Cathaoirleach



Patricia Byron

### Ainmnithe na bhFostóirí



Paul Kelly
*Leaschathaoirleach*



Padraig Somers



Frank Kelly

### Ainmnithe na bhFostaithe



Deirdre MacDonald



David Hughes



Michelle Quinn

### Ainmnithe an Aire



Bríd De Buitléar



Mary Coyne



Ciarán Roche



Terry O'Niadh



Fiona Kilcullen

## Feidhmeannas an ÚSS

Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, mar aon le ceathrar Leas-Phríomhfheidhmeannach, bainistíocht ar chur i bhfeidhm na straitéise i gcomhréir le freagrachtaí agus beartais reachtúla an ÚSS mar atá leagtha amach ag an mBord.

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 275 duine fostaithe ag an Údarás (269.7 FTE), lena n-áirítear cigirí, speisialtóirí gairmiúla agus teicniúla, oifigigh chreidiúnaithe, riarthóirí agus foireann chléireachais.

#### An Príomhfheidhmeannach



Conor O'Brien

#### Na Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Mark Cullen



Yvonne Mullooly



An Dr Kevin De Barra



An Dr Adrienne Duff

# Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Is Coiste den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC). Tá 12 chomhalta ag bord an BNÉC, a dhéanann cinntí i dtaca le creidiúnú a bhronnadh, agus is é Bord an ÚSS a cheapann na comhaltaí sin.

| Comhalta Boird | Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu in 2024 |
|---|---|
| **An Dr Micheál Lehane,** *Cathaoirleach* | 6 as 6 |
| **Rosemary Hayden** | 6 as 6 |
| **Cecilie Laake** | 4 as 6 |
| **John O'Loughlin** | 5 as 6 |
| **An Dr David Graham** | 3 as 6 |
| **Denise Barry** | 5 as 6 |
| **Paul Scallan** | 3 as 6 |
| **Gail Carroll** | 4 as 6 |
| **Rita Purcell** | 5 as 6 |
| **Barbara O'Leary** | 5 as 6 |
| **Joe Ryan** | 5 as 6 |
| **Folúntas** | |

**Tabhair faoi deara:** Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí folúntas amháin ar Bhord BNÉC.

# Ceanglais reachtúla a chomhlíonadh

## Tuarascáil faoi réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, forordaítear Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an ÚSS mar fhaighteoir nochtaí cosanta i ndáil le gach ábhar a bhaineann le reachtaíocht a fhorfheidhmíonn an ÚSS. Féadfaidh oibrithe ábhartha, mar a shainmhínítear san Acht iad, nochtaí inmheánacha a dhéanamh a bhaineann leis an ÚSS freisin.

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú a leagann amach líon na nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus na gníomhartha a rinneadh chun dul i ngleic leo. Ní mór do chomhlachtaí poiblí na sonraí sa tuarascáil a fhoilsiú ar bhealach a chosnaíonn céannacht na nochtóirí.

Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024, fuair Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an ÚSS, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, 56 tuairisc ar mhí-iompar líomhnaithe a bhain le tríú páirtithe, arna gcur isteach ag páirtithe lasmuigh den ÚSS. Díobh seo, rinneadh 30 tuairisc ar éagóir go díreach, agus tarchuireadh 26 ó dhuine forordaithe eile nó ó Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta (OPDC). As na 56 tuairisc ar éagóir, measadh gur nochtaí cosanta iad 24 acu a bhí le himscrúdú faoi shainchúram an ÚSS. Cuireadh na 24 nochtadh seo ar aghaidh chuig cigirí ÚSS ina dhiaidh sin lena n-imscrúdú. As na nochtaí a fuarthas in 2024, tá 16 cinn dúnta agus tá 8 gcinn fós faoi imscrúdú. Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach.

Déantar miondealú i dTábla 1 ar na nochtaí cosanta a fuarthas in 2024, an líon imscrúduithe a osclaíodh mar thoradh ar na nochtaí cosanta, agus stádas agus torthaí na n-imscrúduithe a tugadh chun críche.

**Tábla 1.**
**Tuairiscí ar mhí-iompar a fuarthas in 2024 faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014**

| Tuairiscí ar éagóir faighte in 2024 | Uimhir |
|---|---|
| Tuairiscí a dhéantar go díreach chuig an ÚSS | 30 |
| Tuairiscí a tarchuireadh chuig an ÚSS ó dhuine forordaithe eile nó ón gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta | 26 |
| Imscrúduithe a d'oscail an ÚSS mar gheall ar thuairiscí a fuarthas in 2024 | 24 |
| Imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an ÚSS mar gheall ar thuairiscí a fuarthas in 2024 | 16 |
| Imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an ÚSS in 2024 mar gheall ar thuairiscí a fuarthas roimh 2024 | 3 |

Mar thoradh ar imscrúduithe agus imeachtaí a sheol an ÚSS mar thoradh ar thuairiscí a fuarthas agus a críochnaíodh in 2024, seirbheáladh 14 nOrdú Forfheidhmithe. Áiríodh orthu seo 13 Thuarascáil Cigireachta agus 1 Fhógra Feabhsúcháin.

Tugadh sé imscrúdú chun críche le linn 2024, a osclaíodh de bhun nochtadh cosanta a fuarthas in 2023 nó sna blianta roimhe sin agus a bhí fós ar siúl ar an 31 Nollaig 2023.

## Tuarascáil faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021)

Tá an ÚSS tiomanta do chomhlíonadh a chuid oibleagáidí uile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna nuashonrú ag Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Tá Ceann Cumarsáide agus Caidreamh le Custaiméirí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú a dhéanamh ar oibleagáidí an ÚSS faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla.

In 2024, ghlac an ÚSS na gníomhartha seo a leanas chun comhlíonadh na nAchtanna a chinntiú:

- **Oiliúint foirne:** Tá seisear ball foirne tar éis an clár Teastas sa Gaeilge Ghairmiúil le Gaelchultúr a chríochnú, agus tá beirt bhall foirne ag freastal ar Leibhéil 2, 3 agus 4 den chúrsa seo.
- **Foilseacháin:** Cuireadh deich bhfoilseachán nua ar fáil i nGaeilge ar shuíomh gréasáin ÚSS.
- **Stáiseanóireacht:** Comhlíonann an stáiseanóireacht uile a úsáideann an ÚSS na ceanglais faoi na hAchtanna.

Ina theannta sin, in 2024, chomhlíon an ÚSS an ceanglas nua faoi Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (Fógraíocht ag comhlachtaí poiblí) chun a chinntiú go bhfuil 20% ar a laghad den fhógraíocht uile i nGaeilge. Chomhlíon an ÚSS an oibleagáid freisin 5% dá bhuiséad fógraíochta bliantúil a leithdháileadh ar na meáin chumarsáide Gaeilge, mar a shonraítear in Alt 10A(1)(b) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021.

## Tuairisciú ar spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide

Tá an ÚSS tiomanta dá éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus tá roinnt tionscnamh tugtha isteach aige chun tacú le ceanglas an Rialtais go laghdóidh gach eagraíochtaí san earnáil phoiblí a n-úsáid fuinnimh 50% faoi 2030.

Ón mbliain bhunlíne 2009, amhail 2023, tá laghdú tagtha ar úsáid iomlán fuinnimh an ÚSS faoi thart ar 37% agus tá laghdú 36% tagtha ar a astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin. Léiríonn an éacht seo tiomantas an ÚSS a lorg carbóin a laghdú agus cur le timpeallacht níos inbhuanaithe. Níl an tuarascáil ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann do 2024 eisithe le linn don tuarascáil seo a scríobh.

# Tosaíocht Straitéiseach
# Rialáil

Le reachtaíocht rioscabhunaithe, imscrúdú, faireachas agus forfheidhmiú a úsáid, cuirfimid béim níos láidre ar chomhlíontacht



## Imscrúdú agus iniúchadh

Rinne an ÚSS timpeall ar 11,667 cigireacht agus imscrúdú ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha uile agus faoina sainordú SSC.

Rinneadh cigireachtaí ar fud na n-earnálacha uile, agus béim ar leith á leagan ar na hearnálacha tógála, talmhaíochta, sláinte agus cúraim sóisialta, iompair agus miondíola, déantúsaíochta, fóntais agus cairéalachta.

Críochnaíodh breis is 1,000 cigireacht sláinte agus sláinteachais cheirde, ag díriú ar ghníomhairí ceimiceacha, bitheolaíocha agus fisiceacha mar aon le guaiseacha agus rioscaí síceasóisialta.

Rinneadh 796 cigireacht ceimiceán san iomlán, ag clúdach gach gné de tháirgeadh, stóráil, úsáid agus iompar ceimiceán.

Rinneadh 34 imscrúdú ar theagmhais mharfacha a bhain leis an obair.

Bunaíodh Oifig Idirchaidrimh Íospartach (VLO) in 2023. Is é ról an VLO, a mhéid is féidir, ná íospartaigh a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn cáis agus faoi dhátaí cúirte ábhartha maidir le haon ionchúiseamh ina dhiaidh sin. Bhí leibhéal suntasach cumarsáide le híospartaigh in 2024. Cuireadh 34 cás san iomlán faoi bhráid an VLO in 2024, agus eisíodh breis is 200 cumarsáid sheachtracha chuig íospartaigh agus a n-ionadaithe dlí.

## Feidhmeanna Údaráis Inniúil agus Údaráis Náisiúnta Ainmnithe

Tá sainordú suntasach (beartas teicniúil agus cigireacht) le comhlíonadh ag an Údarás mar Údarás Inniúil (ÚI) an Aontais Eorpaigh (AE) agus Údarás Náisiúnta Ainmnithe (ÚNA) maidir le ceimiceáin AE, iompar earraí contúirteacha de bhóthar (IECB) agus reachtaíocht faireachais margaidh. Ghlac foireann an Údaráis páirt in 93 cruinniú AE/ÚI (hibrideach agus go pearsanta) maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascán (CLP), Seveso, Glantaigh, Toiliú Feasach Roimh Ré (PIC) agus Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (IECB).

Ghlac an ÚSS páirt freisin i dtionscadal píolótach de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) maidir le measúnú a dhéanamh ar riachtanais rialála chun srian a chur le tionscnóirí grianghraf.

Chomh maith le cigireachtaí reachtúla, rinneadh 62 measúnú faoi na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí lena mbaineann Substaintí Contúirteacha) 2015 (Rialacháin COMAH) maidir le fógraí COMAH (40), tuarascálacha sábháilteachta (11) agus mionathruithe suntasacha (11). Ina theannta sin, próiseáladh 302 iarratas ar chomhairle maidir le pleanáil úsáide talún (PÚT).

D'ullmhaigh ár saineolaithe tuairimí eolaíocha a bhaineann le haicmiú comhchuibhithe maidir le héifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol i gcás dhá shubstaint cheimiceacha don Choiste um Measúnú Riosca (CMR) de chuid an ECHA.

I rith 2024, thug saineolaithe ÚSS ionchur suntasach i bpléití CMR ECHA lenar bhain thart ar 60 aicmiú substaintí a chlúdaigh breis is 175 aicme guaise. Bhí siad freagrach go díreach freisin as dréachtú agus plé dhá thuairim eolaíocha a thionscnamh ag an CMR mar rapóirtéirí CMR.

Ghlac CMR ECHA leis an aicmiú atá beartaithe don tsubstaint pearóinil (1,3-beinsidhé-ocsól-5-carbocsaildihíd) mar thocsain atáirgthe (is é sin, d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do thorthúlacht agus do leanbh sa bhroinn) agus mar íogróir craicinn (is é sin, d'fhéadfadh imoibriú ailléirgeach craicinn a bheith mar thoradh air) i gcomhréir leis an togra ón ÚSS ag gníomhú mar aighnitheoir sainchomhaid aicmithe agus lipéadaithe comhchuibhithe (CLH).

Chuir an tÚdarás comhad isteach ina moltar an tsubstaint O-iseapróipile tiacarbamáite eitile a aicmiú mar thocsain atáirgthe agus mar ghuais chomhshaoil (is é sin, tá sé tocsaineach don saol uisceach le héifeachtaí fadtéarmacha). Tá sé sceidealaithe go bpléifidh an CMR an sainchomhad agus go nglacfaidh sé leis in 2025.

Chomh maith leis sin, chuir an ÚSS sainchomhad faoi bhráid ECHA i ndiaidh an mheasúnaithe comhshaoil ar an tsubstaint clóiríte sóidiam chun tús a chur leis na céimeanna deiridh sa phróiseas CLH ag CMR.

Chuir an ÚSS tús lena mheasúnú freisin ar an tsubstaint 3,3'-[meitiléinbis(ocsaimeitiléin)] bisheptán faoin bpróiseas meastóireachta substaintí, agus é i gceannas ar an measúnú ar shláinte an duine.

### Faireachas Margaidh

Rinne an ÚSS 413 measúnú ar tháirgí tionsclaíocha lena n-áirítear innealra, ardaitheoirí, trealamh cosanta pearsanta (TCP) agus trealamh brú iniompartha. I gcás ina bhfuarthas amach nach raibh táirgí ag cloí leis na rialacháin, baineadh den mhargadh iad. Eisíodh ceithre fholáireamh sábháilteachta in 2024, ag tabhairt aird ar tháirgí a bhfuil cúis mhór imní ag baint leo.

Chríochnaigh an ÚSS dhá thionscadal faireachais mhargaidh chomhghníomhaíochta AE ar shábha ciorclacha agus ardaitheoirí siosúrtha, agus rinneadh obair leantach chuí i gcás inar aimsíodh nach raibh táirgí ag cloí leis na rialacháin.

Áiríodh ar fhaireachas margaidh ceimiceán measúnú a dhéanamh ar tháirgí le fáil amach an raibh siad ag comhlíonadh cheanglais Chlárú REACH, chomh maith le hoibleagáidí srianta agus údaraithe. Rinneadh measúnú ar 472 táirge ceimiceach san iomlán le haghaidh comhlíonadh rialála, agus baineadh táirgí ceimiceacha a fuarthas amach nach raibh siad ag cloí leis na rialacháin de mhargadh na hÉireann.

### Tacaíocht don Aire agus don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

Thug an ÚSS tacaíocht don Attaché AE agus don Aire um Ghrúpa Oibre um Chomhchuibhiú Teicniúil Chomhairle an AE maidir le cruinnithe le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán na nGlantach. D'ullmhaíomar seisiúin eolais teicniúla agus tuairimí foirmiúla i scríbhinn don Aire. Chomh maith leis sin, chuir an ÚSS tacaíocht agus eolas teicniúil ar fáil don Aire maidir le pacáiste reachtach trí chéim an Choimisiúin Eorpaigh (CE) 'Substaint amháin, measúnú amháin'.

Ullmhaíodh achoimrí freisin don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) maidir le forbairtí reachtaíochta tras-earnálacha eile de chuid an AE nach bhfuil faoi shainordú an ÚSS ach a bhaineann le réimse na rialála ceimiceán agus le *Straitéis Ceimiceán an CE um Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallachta atá Saor ó Thocsainí*, amhail an nuashonrú ar Threoir 94/62/CE maidir le pacáistiú agus dramhaíl phacáistithe agus cruinniú an Ghrúpa Oibre um Shaincheisteanna Comhshaoil Idirnáisiúnta (Domhanda) maidir le truailliú plaisteach. Sa bhliain 2024, chabhraigh an ÚSS leis an RFTF le 441 iarratas a bhain le fiosrúcháin ghinearálta agus cheimiceacha, ceisteanna parlaiminte (PQanna) agus ionadaíochtaí.

Thug an ÚSS tacaíocht theicniúil don RFTF maidir le nuashonruithe ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008, ar an mBille um Cheadúnú Sábháilteachta Foirgníochta 2023 agus ar na ceanglais sábháilteachta maidir le tógáil tionscadal fóntais amach ón gcósta.

# Tosaíocht Straitéiseach Cur Chun Cinn

## Cuirfimid tacaíocht, oideachas agus eolas ar fáil chun teagmhais, gortuithe agus drochshláinte a chosc



### Tionscnaimh chun feasacht a mhéadú

Sa bhliain 2024, chomhoibrigh an ÚSS leis an Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann chun sraith ceardlann sábháilteachta a reáchtáil i roinnt suíomhanna. Chomh maith leis sin, chomhoibrigh an ÚSS le Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann (ISME) chun míreanna nuachta, ábhar nuachtlitir LinkedIn agus ailt ghné-ailt a chur ar fáil dá n-iris ráithiúil. Clúdaíodh sna hairteagail seo téamaí straitéiseacha tábhachtacha amhail oibrithe leochaileacha, an geilleagar poistíneachta, rialacháin oibre ardáin agus bainistíocht sláinte ceirde. Ghlac an ÚSS páirt i seónna bóthair ISME chun dul i ngleic le fiontair bheaga agus mheánmhéide ar ábhair éagsúla lena n-áirítear ceanglais sláinte ceirde.

Cuireadh ár n-acmhainní agus ár gcláir oideachais i láthair ag comhdhálacha tábhachtacha oideachais, lena n-áirítear Comhdháil Bhliantúil Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí 2024 de chuid Bhoird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann agus Comhdháil Náisiúnta Líonra Gairmiúil Múinteoirí na hIdirbhliana. Ina theannta sin, cuireadh acmhainní ÚSS chun cinn ag imeachtaí éagsúla tionscail, lena n-áirítear an Hospitality Expo; an Cruinniú Mullaigh Náisiúnta um Thógáil; an Chomhdháil um Chomhshaol, Sláinte agus Folláine; agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Rinneamar cur i láthair freisin ar shábháilteacht san ionad oibre le linn Sheachtain Sábháilteachta Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus chuireamar le plé ar SSC ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, lena n-áirítear Comhdháil Eolaíochta Idirnáisiúnta Chumann Idirnáisiúnta Sláinteachais Oibre agus Comhdháil Bhliantúil Chumann Fachtóirí Daonna agus Eirgeanamaíochta na hÉireann.

Bhí láithreacht rathúil ag an ÚSS arís ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, agus na mílte daoine i láthair ag caint faoi thopaicí ríthábhachtacha sábháilteachta feirme. Bhí taispeántais phraiticiúla sábháilteachta feirme ar siúl inár seastán taispeántais, agus ba bhuaicphointe é an deis a bhí ag feirmeoirí agus ag cuairteoirí eile idirghníomhú go díreach lenár gcigirí. Bhí Foras Croí na hÉireann agus Embrace Farm i láthair ag seastán an ÚSS chomh maith, a chuir seiceálacha sláinte agus comhairle ar fáil d'fheirmeoirí agus dá dteaghlaigh. Ina theannta sin, chomhoibrigh an ÚSS le FBD Insurance Ireland agus Seirbhísí um Fhaoiseamh Feirmeoireachta ag Seó Thulach Mhór chun comhairle sábháilteachta ríthábhachtach a sholáthar maidir le feithiclí agus innealra feirme.

D'fhoilsigh an ÚSS feachtas fairsing sna meáin maidir le húsáid shábháilte feithiclí ilraoin (ATVanna) roimh ár bhfeachtas cigireachta feirme ar fheithiclí agus ar innealra. Seolfar feachtas nua sna meáin maidir le tuirse feirmeoirí, arna fhorbairt i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), i ráithe 1 2025. Bhí an ÚSS le feiceáil in iris talmhaíochta míosúil nua tríú páirtí atá dírithe ar pháistí bunscoile, áit ar thug sé comhairle maidir le sábháilteacht feirme.

D'fhorbair agus d'fhoilsigh an ÚSS acmhainní nua maidir le carcanaiginí san ionad oibre mar aon le hacmhainní gréasáin maidir le táirgí míochaine guaiseacha. Foilsíodh nuashonruithe ar an gCód Cleachtais do na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (2001-2021).

Chuir an ÚSS roinnt tionscnamh i bhfeidhm a dhíríonn ar ghuaiseacha folaithe SSC, lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta agus saincheisteanna fachtóirí daonna amhail tuirse. Bhí imeachtaí agus seimineáir ghréasáin do pháirtithe leasmhara i láthair go pearsanta mar chuid de na tionscnaimh sin. Léirigh an tinreamh ard a bhí ag imeachtaí pearsanta agus ar líne araon an t-éileamh atá ar níos mó treorach agus tacaíochta i measc páirtithe leasmhara agus léiríonn sé an spéis atá ag méadú i ndul i ngleic le rioscaí agus guaiseacha síceasóisialta.

Seoladh feachtas meán agus acmhainní chun feasacht a mhúscailt ar thábhacht bhainistiú an ghuais a bhaineann le foréigean agus ionsaitheacht tríú páirtí i measc earnálacha éagsúla, lena n-áirítear miondíol, fáilteachas agus cúram sláinte agus sóisialta.

I gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, d'óstáil an ÚSS seimineár gréasáin ar shábháilteacht feithiclí a bhaineann le hobair. Dhírigh an seimineár gréasáin seo ar gach fostóir a bhfuil cabhlaigh á mbainistiú aige nó a bhfuil fostaithe aige a thiomáineann don obair, ag soláthar léargais thábhachtacha ar an dea-chleachtas.




## Tacaíocht d'fhiontair agus d'fhostaithe

Sa bhliain 2024, tháinig fás agus forbairt shuntasach ar ardán ÚSS BeSMART, le 21,719 clárú úsáideoirí nua, rud a thug líon iomlán na n-úsáideoirí go 130,859. Rinneadh uasghrádú teicniúil mór ar an ardán, mar aon le feabhsuithe ar dhoiciméid tacaíochta d'úsáideoirí, ar ghrafaicí an tsuímh ghréasáin agus eisíodh dhá fhíseán teagaisc nua.

Leathnaigh an t-ardán a thairiscintí trí uirlisí measúnaithe riosca a thabhairt isteach do thrí chineál nua gnó – bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus feirmeacha déiríochta – agus ábhar do siopaí tatúnna a nuashonrú ag an am céanna. Ina theannta sin, cuireadh ceithre ghuais nua san ionad oibre leis – dé-isicianáití, stóráil breosla, rioscaí do dhaoine nua sa phost agus tuirse. Rinneadh athbhreithniú ar ocht gcatagóir guaise atá ann cheana féin – lena n-áirítear aispeist, ceimiceáin agus cáilíocht aeir faoi dhíon – chun na caighdeáin sábháilteachta reatha a léiriú. Neartaíonn na nuashonruithe seo tiomantas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta acmhainní bainistíochta riosca atá inrochtana agus cothrom le dáta a sholáthar do ghnólachtaí.

Sa bhliain 2024, críochnaíodh 73,890 cúrsa ríomhfhoghlama san iomlán ar hsalearning.ie, ardán oideachais ar líne an ÚSS, agus rinneadh 43,843 cúrsa go díreach ar an ardán agus fuarthas rochtain ar 30,047 cúrsa eile trí HSeLanD. Leagann an rannpháirtíocht láidir seo béim ar an éileamh leanúnach atá ar oiliúint agus oideachas sábháilteachta san ionad oibre ar líne.

Thug Hsalearning.ie isteach trí chúrsa gearra nua a chlúdaíonn príomhábhair sábháilteachta san ionad oibre: oibrithe leochaileacha, timpistí san ionad oibre a thuairisciú agus foréigean agus ionsaitheacht san ionad oibre a bhainistiú. Ina theannta sin, trí chúrsa atá saincheaptha do ghnólachtaí beaga – 'Gnólacht Beag: Fostóirí; 'Gnólacht beag: Fostaithe'; agus 'Gnólacht Beag: Gnólacht nuathionscanta' – rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú iomlán orthu, agus rinneadh feabhsuithe beaga ar roinnt eile.

Fuair roinnt cúrsaí – lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le sábháilteacht iompair san ionad oibre, 'Safer Steps and Stairs' ('Céimeanna agus Staighrí Níos Sábháilte') agus 'An Introduction to Ergonomic Risk Assessment' ('Réamhrá ar Mheasúnú Riosca Eirgeanamaíochta') – ceadú ó Innealtóirí na hÉireann mar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL), rud a neartaíonn tiomantas an ardáin d'fhoghlaim ardchaighdeáin atá aitheanta ag an tionscal.

## Ionadaithe Sábháilteachta

Reáchtáil an ÚSS comhdháil náisiúnta ar chomhairliúchán agus ionadaíocht sábháilteachta. Mar chuid den obair ullmhúcháin don chomhdháil, rinne an tÚdarás suirbhé ar chomhairliúchán agus ionadaíocht sábháilteachta agus roinn sé na torthaí ag an gcomhdháil agus ar a shuíomh gréasáin araon. Reáchtáladh cúig cheardlann oiliúna ar ionadaíocht sábháilteachta do Chumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann (INMO), do Cheardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU) agus do Bhord Soláthair an Leictreachais (BSL). Rinneadh acmhainní d'ionadaithe sábháilteachta a chur chun cinn ar líne agus ag imeachtaí do pháirtithe leasmhara araon.

As na hionaid oibre a ndearnadh cigireacht orthu in 2024, bhí ionadaí sábháilteachta i bhfeidhm ag 28% díobh. I measc na gcúiseanna a tuairiscíodh gan ionadaí sábháilteachta a bheith ann bhí; níor éascaigh an fostóir an post, bhí an post folamh, easpa feasachta, fórsa saothair beag nó comhaontú go raibh cumarsáid dhá bhealach leordhóthanach i bhfeidhm cheana féin.

## Ceimiceáin

Chuir an ÚSS tacaíocht ar fáil d'fhiontair a raibh fiosruithe faoi cheimiceáin acu. Nuashonraíodh an treoir do chuideachtaí a allmhairíonn ceimiceáin ó lasmuigh den AE.

D'fhreagair ár ndeasc chabhrach ceimiceán náisiúnta le haghaidh REACH agus CLP do bhreis is 425 fiosrúchán. Tháinig na fiosrúcháin seo den chuid is mó ón tionscal agus a n-ionadaithe agus bhain siad le ceanglais maidir le bileoga sonraí sábháilteachta (BSS), clárú faoi Rialachán REACH, agus oibleagáidí aicmithe agus lipéadaithe faoi Rialachán CLP. Mhéadaigh meánlíon na bhfiosrúchán a fuarthas le linn an timthrialla straitéise seo faoi 16% i gcomparáid leis an tréimhse straitéise roimhe sin.

Sa bhliain 2024, fuair an ÚSS 167 iarratas chun tacú leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta faoinár sainorduithe maidir le ceimiceáin agus faireachas margaidh. Léiríonn sé seo an leibhéal suntasach gníomhaíochta rialála san AE, a bhaineann go príomha le hathbhreithniú Rialachán CLP, athbhreithniú Rialachán na nGlantach, Rialachán nua (AE) 2023/1230 ('an Rialachán Innealra') agus an pacáiste reachtach 'Substaint amháin, measúnú amháin'.

## Tosaíocht Straitéiseach

# Tionchar

Rachaimid i mbun comhpháirtíochta agus comhoibre chun ár sainorduithe a chur chun feidhme agus chun ár bhfís a bhaint amach



## Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Bhuail an ÚSS le páirtithe leasmhara éagsúla a raibh suim acu i bpróisis REACH agus CLP, agus chuireamar na hathruithe reachtacha nua ar CLP in iúl tuilleadh tríd ár suíomh gréasáin agus trí chainéil na meán sóisialta.

Cuireadh Plean Gníomhaíochta Choiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht sa Tógáil (CSPAC) do 2022-2024 i gcrích in 2024, agus formhór na gcuspóirí agus na spriocanna beartaithe bainte amach nó bainte amach go páirteach. Rinne na grúpaí oibre obair shuntasach, rud a d'eascair as cruthú acmhainní fairsinge don earnáil tógála, lena n-áirítear treoir, cúrsaí sábháilteachta ar líne agus feachtais feasachta.

Tá Plean Gníomhaíochta nua do 2025-2027 forbartha agus molta ag an CSPAC. Tá an plean nua seo ag teacht le *Ráiteas Straitéise ÚSS 2025 – 2027* agus leagann sé amach na gníomhartha is gá chun feabhas a chur ar SSC san earnáil tógála. Díreoidh sé ar chaighdeánú dea-chleachtas san ionad oibre a chur chun cinn agus acmhainní úsáideacha a fhorbairt a mbeidh an tionscal ag tacú leo chun sábháilteacht, sláinte, leas agus folláine a fheabhsú do gach oibrí san earnáil.

Ag cur leis na héachtaí atá bainte amach ag an CSPAC san am atá thart agus ag léiriú na ndúshlán reatha don tionscal bunaithe ar athbhreithniú 2022–2024, leagfar amach sa Phlean Gníomhaíochta nua ceithre phríomhsprioc atá ailínithe le plean straitéiseach an Údaráis don tréimhse chéanna.

Bhuail an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirme (CCCSF) le chéile trí huaire in 2024, agus bhuail formhór na ngrúpaí oibre le chéile trí huaire freisin. Ba í an bhliain dheireanach den *Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme 2021-2024*. Rinneadh athbhreithniú ar na cuspóirí agus bhí siad bainte amach den chuid is mó. Rinne an CCCSF agus fochoiste iarracht shuntasach chun an *Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme 2025–2027* a dhréachtú. Tá struchtúr reatha an CCCSF, lena ghrúpaí oibre ag tabhairt aghaidh ar réimsí imní lárnacha, tar éis a bheith éifeachtach maidir le raon leathan tionscnamh sábháilteachta feirme a sheachadadh. Tá sé beartaithe an struchtúr seo a choinneáil don CCCSF dá Phlean Gníomhaíochta 2025–2027.

Áiríodh na nithe seo a leanas i measc rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a rinne an ÚSS chun sábháilteacht feirme a chur chun cinn:

- Champions for Safety – laethanta feasachta sábháilteachta feirme agus laethanta sábháilteachta praiticiúla curtha i gcrích ag gach coláiste talmhaíochta i gcomhar le FBD, BSL agus eagraíochtaí eile.
- Imeachtaí aistrithe eolais le comhairleoirí Teagasc agus foireann RTBM.
- Cur i láthair le linn Sheachtain na Sábháilteachta Feirme agus ag imeachtaí eile do pháirtithe leasmhara.
- Tionóladh cruinniú de chuid Ghrúpa Sábháilteachta Feirme Thuaidh Theas leis an bhFeidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta do Thuaisceart Éireann (HSENI) agus leis an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe i dTuaisceart Éireann.
- Cur i láthair ag seimineár gréasáin Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) ar shábháilteacht ATV.

Bhí cruinnithe tionscnaimh an Choiste Chomhairligh um Shláinte agus Cúram Sóisialta nuabhunaithe ar siúl in 2024, agus tháinig siad le chéile trí huaire chun a phlean gníomhaíochta a fhorbairt dá théarma trí bliana. D'fhormheas an Bord an plean gníomhaíochta, atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar phríomhréimsí fócais don earnáil, ag deireadh 2024 agus cuirfear i bhfeidhm é thar na trí bliana atá romhainn. Ina theannta sin, in 2024, rinne an Coiste athbhreithniú ar *Threoirlínte ÚSS maidir leis an Riosca a Bhaineann le hObair Aonair a Bhainistiú in Earnáil na Sláinte agus an Chúraim Shóisialta* agus thug siad moltaí maidir leis.

Bhuail an Fóram Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Cairéal le chéile faoi dhó in 2024. Roinn an Chomhpháirtíocht faisnéis maidir le comhlíonadh rialachán sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach, tuiscint a fháil ar fheidhmeanna cigireachta agus forfheidhmithe an ÚSS agus machnamh a dhéanamh ar riachtanais shonracha sábháilteachta na hearnála.

Lean an ÚSS de bheith ag cur le *Ár nAistear i dTreo Fhís an Nialais: Straitéis Rialtas na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021–2030*. Reáchtáil sé seimineár gréasáin leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir, chomh maith le seimineár gréasáin trasghníomhaireachta in 2024 le cur i láthair ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána, Uisce Éireann agus páirtithe leasmhara an tionscail.

## Ionchur beartais an AE

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag tacú le páirtithe leasmhara a bhfuil leasanna acu i bpróisis cheimiceacha an AE faoin Acht Ceimiceán. Rinneamar ionadaíocht ar Éirinn ar roinnt coistí agus grúpaí oibre teicniúla de chuid ECHA agus CE. Mar ÚI lárnach na hÉireann faoin Acht Ceimiceán, dhíríomar iarrachtaí suntasacha ar bheartas nua ceimiceán a mhúnlú ar leibhéal an AE, go háirithe i gcomhthéacs phacáiste reachtaíochta trí cinn an CE 'Substaint amháin, measúnú amháin'.

Ghlac an ÚSS páirt i ngrúpa oibre de chuid an Fóraim an ECHA um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú chun treoir a ullmhú agus oiliúint a chur ar fáil d'oiliúnóirí le haghaidh tionscadail fhorfheidhmiúcháin maidir le comhlíonadh cheanglais fógraí an Lárionaid Náisiúnta um Fhaisnéis Nimheanna (LNFN) faoin Rialachán CLP.

Ghlac an ÚSS páirt i ngrúpa oibre an CE chun treoir a ullmhú maidir le srianadh micreaplaisteach polaiméire sintéiseacha mar a fhoráiltear i Rialachán REACH.

Lean an ÚSS de bheith rannpháirteach i gCoiste Comhairleach an AE um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (CCSS) agus chuir sí leis na grúpaí oibre maidir le hathbhreithniú agus nuashonrú Threoir 90/270/CEE ('an Treoir maidir le Trealamh Scáileán Taispeána') agus Threoir 89/391 CEE ('an Treoir um an Ionad Oibre').

## Tosaíocht Straitéiseach

# Creidiúnú

Cuirfimid an straitéis chreidiúnaithe chun feidhme



I mbliana, shroicheamar leath bealaigh an tsuirbhé cúig bliana *Straitéis um Chreidiúnú 2022-2026*. Leagtar amach sa straitéis conas a bhainfidh Éire leas iomlán as creidiúnú, rud a mbeidh tionchar dearfach aige ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann. Aithnítear sa Straitéis an ról a bheidh ag creidiúnú i dtacaíocht a thabhairt don rialtas, do ghnólachtaí, do rialtóirí agus do thomhaltóirí. Tá an Straitéis dírithe ar na ceithre mhórthosaíocht seo a leanas:

- Eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta agus tionchar a imirt air
- Feasacht agus rannpháirtíocht a chur chun cinn
- Glacadh agus cur chun feidhme an chreidiúnaithe a mhéadú
- Acmhainn agus infreastruchtúr a chur ar fáil

Leanadh plean tionscadail na Straitéise, rinneadh monatóireacht air i rith na bliana agus rinneadh é a nuashonrú chun an dul chun cinn i gcoinne na straitéise a léiriú.

## Eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta agus tionchar a imirt air

I rith 2024, tionóladh cruinnithe le páirtithe leasmhara ó Ranna Rialtais éagsúla. Áiríodh leo an RFTF, an Roinn Iompair agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tionóladh cruinnithe maidir le cur i bhfeidhm creidiúnaithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Bhí sé mar aidhm ag na cruinnithe seo faisnéis a chur ar fáil faoi ról an chreidiúnaithe agus a oibriú i dtaca le reachtaíocht shonrach.

## Feasacht agus rannpháirtíocht a chur chun cinn

Leanadh le plean cumarsáide atá ailínithe le *Straitéis um Chreidiúnú 2022-2026* i rith 2024. D'fhreastail bainisteoir cláir BNÉC ar an gcéad chruinniú pearsanta de Líonra Cumarsáide Creidiúnaithe na hEorpa. Foilsíodh dhá eagrán de nuachtlitir BNÉC agus dáileadh iad ar na Comhlachtaí um Measúnú Comhréireachta (CABanna) agus na páirtithe leasmhara uile, agus cuireadh ar fáil iad ar LinkedIn agus ar shuíomh gréasáin BNÉC. Tionóladh fóram do mheasúnóirí teicniúla BNÉC i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2024, áit ar cuireadh oiliúint ar fáil do na freastalaithe go léir.

Tugadh cur i láthair do gheallsealbhóirí i gcúram sláinte ag Siompóisiam III BioBANC, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann (RCPI) agus Acadamh na hEolaíochta Cliniciúla agus an Leighis Saotharlainne.

Rinne BNÉC urraíocht ar dhuaiseanna do Chomórtas Tomhais Anailíseach Eurachem, a bhfuil sé mar aidhm aige feasacht a mhúscailt i measc mac léinn eolaíochta maidir le tábhacht na hinniúlachta i scileanna saotharlainne agus cruinneas i dtomhas anailíseach. Reáchtáladh an ócáid ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) Sligeach i mí Aibreáin 2024.

## Glacadh agus cur chun feidhme an chreidiúnaithe a mhéadú

Sa bhliain 2024, bhronn BNÉC 13 chreidiúnú nua. Áiríodh leis seo trí chreidiúnú in ISO/IEC 17025, cúig thástáil leighis do ISO 15189, dhá chomhlacht cigireachta do ISO/IEC 17020, comhlacht deimhniúcháin córas bainistíochta amháin do ISO 17021-1 agus dhá chomhlacht deimhniúcháin táirgí do ISO/IEC 17065. Ina theannta sin, bhronn BNÉC seacht síneadh ar raon feidhme disciplíní nua.

Críochnaíodh an chéad mheasúnú le haghaidh creidiúnú saoráid bithbhaincéireachta (ISO 20387) in 2024. Tá sé beartaithe ag BNÉC iarratas a dhéanamh freisin chun dul isteach sa Chomhaontú Iltaobhach Creidiúnúaithe Eorpach (EA MLA) do ISO/IEC 17029 in 2025/2026.

Ag deireadh mhí na Nollag 2024, bhí 11 iarratas nua ar chreidiúnú idir lámha. Áiríodh leis seo trí chreidiúnú in ISO/IEC 17025, tástáil leighis amháin do ISO 15189, dhá chomhlacht cigireachta do ISO/IEC 17020, dhá chomhlacht deimhniúcháin do ISO/IEC 17024, dhá chomhlacht deimhniúcháin táirgí do ISO/IEC 17065 agus áis bhithbhaincéireachta amháin (ISO 20387).

Bhronn BNÉC 159 síneadh ar raon feidhme do chliaint reatha, méadú 35% ar fhigiúirí 2023.



## Tosaíocht Straitéiseach

# Ár modh oibre

Feabhsóimid agus athróimid ó bhonn go leanúnach an chaoi a n-oibrímid trí dhaoine, próisis, teicneolaíocht agus nuálaíocht



## Rialachas

Leanann an ÚSS de bheith ag oibriú i gcomhréir le hardchaighdeáin rialachais chorparáidigh. Deimhníonn sé seo go bhfuil struchtúir, beartais agus próisis i bhfeidhm chun feidhmeanna reachtúla an Údaráis a chomhlíonadh, agus ag an am céanna deimhníonn sé go bhfuil gach riosca á bhainistiú go héifeachtach agus ceadaíonn sé measúnú oibiachtúil ar fheidhmiú bainistíochta agus corparáideach. I rith na bliana, choinnigh an ÚSS ardleibhéal comhlíontachta leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Maidir leis an gcreat rialachais níos leithne, lean an ÚSS de bheith ag feabhsú a chuid próiseas agus ag cloí le hoibleagáidí maidir le nochtaí cosanta, saoirse faisnéise, cosaint sonraí, reachtaíocht eitice, i measc nithe eile. Lean sé de phróiseas bainistíochta riosca dinimiciúil a bhainistiú freisin, agus an bhainistíocht shinsearach ag reáchtáil ceardlanna rialta chun rioscaí a mheas agus rialuithe a mhonatóiriú, chomh maith le hionchur a sholáthar don chlár riosca foriomlán a bhreithnigh an Bord go rialta.

## Próiseas forbartha straitéise

Ghlac Bord ÚSS páirt i bpróiseas cuimsitheach forbartha straitéise le linn 2024. Chuaigh an Bord i gcomhairle go forleathan leis an lucht bainistíochta agus le baill foirne, leis an RFTF, le páirtithe leasmhara tábhachtacha agus leis an bpobal d'fhonn sraith tosaíochtaí a fhorbairt chun treoir a thabhairt do ghníomhaíochtaí an ÚSS thar na trí bliana atá romhainn. Chuir an próiseas forbartha sainordú leathan an ÚSS san áireamh agus sainaithníodh príomhfhachtóirí eacnamaíocha, polaitiúla agus sochaíocha a mbeidh tionchar acu ar obair an ÚSS sna blianta amach romhainn. Rud nua sa straitéis seo ná fócas ar thorthaí agus tionchar dearfach ár gclár oibre a léiriú, seachas tuairisciú a dhéanamh ar aschuir amháin. Tá an Bord ag spreagadh an ÚSS freisin chun na hacmhainní atá ar fáil a bharrfheabhsú trí úsáid a bhaint as an raon iomlán idirghabhálacha atá ar fáil, ní hamháin cigireachtaí, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna agus ar rioscaí. D'fhormheas an tAire an straitéis nua i mí na Samhna, agus tá tionscadail nua á bpleanáil ag an ÚSS chun an straitéis a chur i bhfeidhm agus chun bealaí feabhsaithe oibre agus tuairiscithe ar dhul chun cinn a fhorbairt.

## Forbairt eagraíochtúil

Bhí an ÚSS ag feidhmiú ar feadh 2024 le folúntais i roinnt réimsí. I gcásanna áirithe, bhí gá acmhainní a athshannadh laistigh dár n-eagraíocht chun freastal ar réimsí oibre ríthábhachtacha agus chun oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, amhail imscrúduithe teagmhas agus comhlíonadh Rialacháin COMAH. A bhuí leis na hacmhainní breise a leithdháiltear faoi na Meastacháin do Sheirbhísí Poiblí 2025, beidh an ÚSS in ann folúntais a líonadh agus fás i dtreo a líon foirne ceadaithe.

Sa bhliain 2024, chuireamar an dara bliain dár Straitéis Daoine, Empowering our Future 2023-2025 (Cumhachtú ár dTodhchaí 2023-2025), i bhfeidhm. Léiríonn na tionscadail agus na tionscnaimh faoin straitéis seo an luach a chuirimid ar thaithí na bhfostaithe a fheabhsú agus todhchaí ár bhfostaithe linn a fhorbairt. Tá feabhas tagtha ar ár gcumas an fhoireann is fearr a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil mar gheall ar chur i bhfeidhm na straitéise.

## Córais agus sonraí

Maidir le sonraí breoiteachta ceirde, bhí roinnt cruinnithe cuiditheacha ag an ÚSS le páirtithe leasmhara tábhachtacha amhail an Roinn Coimirce Sóisialaí, Clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann, Scéim Faisnéise Ospidéil d'Othair Chónaitheacha agus an Bord Taighde Sláinte, chomh maith le cruinniú réamhráiteach le Dámh an Leighis Cheirde. Tá treoirphlean á ullmhú faoi láthair chun sonraí ábhartha maidir le breoiteacht cheirde a fháil.



## Ardán lárnach

I mí Aibreáin 2024, sheol an ÚSS Céim 1 dá ardán lárnach nua, Córas. Tugann an t-ardán nua seo go leor buntáistí, lena n-áirítear comhtháthú le Microsoft Power BI chomh maith le ríomhphost, réamhphleanáil cigireachtaí, scáileáin eolais, radhairc agus scuainí a éascú chun cabhrú le tosaíocht a thabhairt don obair agus í a mhonatóiriú. Tá feidhm ann freisin chun cásanna a chumasc agus cigireachtaí comhpháirteacha a rianú. Faoi dheireadh 2024, bhí breis is 15,000 cás taifeadta ar Córas.

## Riachtanais níos leithne na hearnála poiblí a chomhlíonadh

Mar chomhlacht poiblí, breithnímid go gníomhach conas is féidir linn ár ndualgas a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtaí chun idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna agus cóireála a chur chun cinn, agus cearta daonna na ndaoine a bhfreastalaímid orthu, chomh maith lenár bhfoireann, a chosaint. I rith na bliana, tugadh faoi roinnt tionscnamh chun tacú le hoibrithe leochaileacha – iad siúd a d'fhéadfadh a bheith thar a bheith íogair nó ró-nochtaithe do rioscaí sláinte agus sábháilteachta féideartha i gcomparáid leis an daonra oibre i gcoitinne.

D'ullmhaíomar treoir shonrach, lena n-áirítear treoir maidir le bainistiú oibrithe leochaileacha san ionad oibre, atá dírithe ar fhostóirí agus ar fhostaithe i ngach earnáil oibre. Ina theannta sin, d'fhoilsíomar bileog eolais d'fhostóirí agus do bhainisteoirí, ag díriú ar oibrithe leochaileacha a chosaint.

Táimid tiomanta a chinntiú go bhfuil ár mbeartais earcaíochta éifeachtach maidir le spriocanna atá leagtha amach sa *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015–2024* a bhaint amach. Leanaimid de bheith ag sárú na sprice atá leagtha amach i gCuid 5 den Acht um Míchumas 2005, a chuireann dualgas ar chomhlachtaí poiblí riachtanais daoine faoi mhíchumas a bhreithniú agus freagairt dóibh. Léiríonn ár ndaonáireamh foirne ar líne is déanaí (bliain tagartha 2024) gur daoine faoi mhíchumas iad 8.7% dár bhfoireann faoin sainmhíniú atá san Acht um Míchumas 2005.

Ina theannta sin, chun tacú le baill foirne a bhfuil freastal réasúnta de dhíth orthu, rinneadh measúnuithe riachtanas agus cuireadh tacaíochtaí cuí ar fáil i gcás go raibh gá leo.

Tugadh isteach an bonn reachtach do thuairisciú na bearna pá idir na hinscní in Éirinn faoin Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Ceanglaíonn an tAcht ar eagraíochtaí (foireann de 250+) tuairisc a thabhairt ar a mbearna pá in aghaidh na huaire idir na hinscní thar raon méadrachta. D'fhoilsíomar ár ndara *Tuarascáil ar an mBearna Pá idir na hInscní* in 2024, agus léiríonn bearna de 0.8% go raibh cothromaíocht shláintiúil idir tuilleamh fireann agus baineann sa tréimhse tuairiscithe.

Tá seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí mar phríomhthosaíocht ag anÚSS. I rith na bliana, leanamar orainn ag cloí lenár gCairt Seirbhíse do Chustaiméirí athbhreithnithe agus ag cur ár bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí i bhfeidhm. Leagtar amach inár gCairt Seirbhíse do Chustaiméirí an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leis agus iad ag déileáil linn. Leagtar amach inár bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí raon beart a fheabhsóidh seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí ar fud an ÚSS bearta atá le cur i bhfeidhm le linn shaolré an phlean.



# Príomhéachtaí: Clár Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde

Rialáil | Cur Chun Cinn | Tionchar

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| Rinneadh imscrúdú ar gach teagmhas marfach a tuairiscíodh don ÚSS | Fiosraíodh gach timpiste marfach a tuairiscíodh don ÚSS. Rinneadh 34 imscrúdú ar theagmhais mharfacha a bhain leis an obair. |
| Rinneadh measúnú ar thimpistí tromchúiseacha san ionad oibre agus freagairt dóibh, ag baint úsáid as cur chuige bunaithe ar riosca | Rinneadh gach timpiste oibre neamh-mharfach thromchúiseach a thuairiscigh na seirbhísí éigeandála don ÚSS a thriáiseáil agus tugadh freagairt thiomnaithe dóibh. |
| Ciontóirí a thabhairt chun cuntas, i gcomhar le hoifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | Críochnaíodh 11 ionchúiseamh san iomlán in 2024. Díobh seo, tugadh naoi gcinn chun críche ar dhíotáil agus dhá cheann go hachomair. Mar thoradh ar na cásanna sin, gearradh fíneálacha arbh fhiú €1,440,000 iad san iomlán. Cuireadh promhadh i bhfeidhm in dhá cheann de na cásanna díotála. |



<table>
<tr><th>Gníomh i gClár Oibre 2024</th><th>Bainte amach in 2024</th></tr>
<tr><td>

**10,000 iniúchadh réamhghníomhacha a dhéanamh trí fheachtais shonracha agus iniúchtaí spriocdhírithe ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha uile ach ag díriú ar na rioscaí is airde. Beidh fócas ar leith ar an méid seo a leanas sa chlár cigireachta in 2024:**

- guaiseacha agus rioscaí síceasóisialta, lena n-áirítear bulaíocht agus strus san ionad oibre;
- oibrithe leochaileacha agus oibrithe sa gheilleagar poistíneachta
- foréigean agus ionsaitheacht
- oibriú aonair;
- slándáil ualaigh, ualú/dí-ualú, rácáil stórála, trucailí tionsclaíocha agus trealamh ardaithe;
- nochtadh d'oibreáin bhitheolaíocha
- baint agus bainistiú ábhar ina bhfuil aispeist;
- nochtadh d'oibreáin cheimiceacha amhail substaintí carcanaigineacha, só-ghineacha agus iad siúd atá tocsaineach don atáirgeadh;
- táirgí míochaine guaiseacha agus comhdhúile cumhachtacha;
- measúnuithe riosca agus oiliúint i spásanna teoranta;
- nochtadh do thorann agus do chreathadh;
- cáilíocht an aeir faoi dhíon;
- láimhsiú sábháilte agus gníomhaíochtaí láimhseála daoine agus
- timpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú.

</td><td>

Rinne an ÚSS 11,523 iniúchadh san iomlán.

Fuair ár gcigirí amach go raibh ráiteas sábháilteachta ar fáil ag 74% de na hionaid oibre san áit oibre. In 28% de na cásanna, d'éiligh an cigire ar an sealbhóir dualgais tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an ráiteas sábháilteachta.

Thug an ÚSS faoi fheachtais chigireachta náisiúnta sna hearnálacha seo a leanas:

### Foirgníocht

Rinneadh dhá fheachtas tógála spriocdhírithe ar láithreáin tógála.

Bhí feachtas obair ar airde a dhírigh ar obair ar airde agus eirgeanamaíocht ar siúl ar feadh ceithre seachtaine i Ráithe 4 2024. Bhí 232 iniúchadh mar chuid den fheachtas agus mar thoradh air sin, eisíodh 178 Tuarascáil ar Chigireacht, 33 Fógra Toirmisc agus 2 Fhógra Feabhsúcháin.

Rinne an ÚSS feachtas cigireachta ar fud na tíre a dhírigh ar obair ar airde ar feadh tréimhse dhá sheachtain idir R2 agus R3 2024. Rinneadh 104 cigireacht san iomlán sa tréimhse seo, agus rinneadh formhór díobh ar thionscadail tithíochta ina raibh il-aonaid. I measc na suíomhanna eile bhí tógáil tithe aonair, agus oibreacha tráchtála/sibhialta/bóthair. D'eisigh cigirí 68 fógra forfheidhmiúcháin le comhairle i scríbhinn/ó bhéal, 4 Fhógra Toirmisc agus 1 Fhógra Feabhsúcháin le linn thréimhse an fheachtais. D'eisigh cigirí gníomh forfheidhmiúcháin i ndáil le scafall neamhshábháilte a cuireadh suas – mar shampla, imill tosaigh ar scafall gan ráillí láimhe, nó le ráillí lár ar iarraidh – agus d'fhreagair siad freisin do ghuaiseacha tógála eile a breathnaíodh le linn na cigireachta. Chuir cigirí in iúl go soiléir d'fhostóirí an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht láithreáin agus an riosca a bhaineann le hobair ar airde.

### Cairéalú

Reáchtáil an ÚSS dhá fheachtas cigireachta sábháilteachta cairéal náisiúnta.

Bhí fócas an chéad fheachtais ar bhainistiú conraitheoirí. Dhírigh an feachtas cigireachta seo ar phríomhréimsí sábháilteachta, lena n-áirítear bainistíocht agus maoirseacht conraitheoirí agus iad ar an láthair, comhoibriú agus comhordú fostóirí agus áit oibre á roinnt, a chinntiú go bhfuil trealamh sábháilte in úsáid agus a chinntiú go bhfuil cáilíochtaí cuí ag pearsanra ábhartha agus innealra á n-úsáid acu.

Dhírigh an dara feachtas cairéil ar oibriú sábháilte innealra, garda innealra agus gníomhaíochtaí cothabhála. Rinne cigirí ÚSS cigireacht ar phríomhghuaiseacha a bhaineann le hinnealra cairéal a oibriú agus cothabháil innealra a dhéanamh i gcairéil agus in áitreabh déantúsaíochta gaolmhara. Dhírigh cigirí freisin ar a chinntiú go bhfuil cleachtais oibre sábháilte agus bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm chun an riosca teagmhas a laghdú, lena n-áirítear gortú tromchúiseach nó marfach.

### Déantúsaíocht

Cuireadh feachtas cigireachta náisiúnta spriocdhírithe ar bun san earnáil déiríochta. Bhí an phríomhfhócas ar shábháilteacht garda agus cothabhála. Rinneadh 54 cigireacht san iomlán i monarchana móra próiseála bainne agus táirgí déiríochta, agus eisíodh 47 Tuarascáil ar Chigireacht agus seirbheáladh 8 bhFógra Feabhsúcháin.

### Iarnród

Rinneadh cigireachtaí ar shábháilteacht iarnróid idir Aibreán agus Meitheamh 2024. Roinneadh torthaí an fheachtais le hIarnród Éireann, leis an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid agus leis an Aonad Imscrúdaithe Timpistí Iarnróid.

### Dramhaíl

I mí Iúil 2024, rinne an ÚSS feachtas cigireachta dírithe ar fheithiclí bailithe dramhaíola (RCVanna). Dhírigh an feachtas cigireachta ar sholáthar agus ar chaitheamh éadaí sofheicthe, ar chaochspotaí tiománaithe agus ar chomhlíonadh chláir coise a úsáideann oibrithe leis an gCaighdeán Éireannach C.É. EN1501-1:2021.

Mar chuid den fheachtas, rinneadh cigireacht ar 101 RCV i measc 25 oibreoir éagsúla. Mar aon leis na Tuarascálacha ar Chigireacht a eisíodh ar chigireacht, eisíodh 20 Fógra Toirmisc agus 7 bhFógra Feabhsúcháin.

</td></tr>
</table>

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| | I ndiaidh an fheachtais, foilsíodh bileog eolais chun a chur i gcuimhne d'fhostóirí cé chomh tábhachtach is atá sé RCVanna a iniúchadh agus a chothabháil, éadaí sofheicthe a chaitheamh agus aghaidh a thabhairt ar caochspotaí tiománaithe. Mar thoradh ar thorthaí an fheachtais agus líon na mbásanna a bhain le RCVanna le sé bliana anuas, mhol an ÚSS d'fhostóirí gan cláir coise a úsáid ar RCVanna.<br>**Gás peitriliam leachtaithe**<br>Rinneadh 238 cigireacht ar ghás peitriliam leachtaithe (GPL) san iomlán i réimse earnálacha, lena n-áirítear cóiríocht, bia agus deoch, oideachas agus foirgnimh iláitithe. Aithníodh roinnt saincheisteanna, lena n-áirítear lua agus suíomh na n-umar agus na sorcóirí GPL, chomh maith le cigireacht agus cothabháil píbobair, feistis agus fearais seirbhíse GPL.<br>**Gléasraí cóireála fuíolluisce**<br>Rinneadh feachtas cigireachta spriocdhírithe ar iontráil i spásanna teoranta ag gléasraí cóireála fuíolluisce (WWTPanna) agus ag stáisiúin chaidéalaithe. Rinneadh 41 cigireacht san iomlán mar chuid den fheachtas. I measc na bpríomh-shaincheisteanna a sainaithníodh i dTuarascálacha ar Chigireacht bhí an gá atá le sealbhóirí dualgais clár spásanna cúnga a bhunú agus a chothabháil, comharthaíocht sábháilteachta a fheabhsú agus córas ceadanna oibre a chur i bhfeidhm le haghaidh obair iontrála spásanna cúnga.<br>**Gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí**<br>Bhí feachtais chomhordaithe cigireachta náisiúnta ar siúl sna húdaráis áitiúla, sa tSeirbhís Chúirteanna, in Oifig na nOibreacha Poiblí, i Seirbhís Phríosúin na hÉireann, sna Fórsaí Cosanta, in údaráis Dóiteáin na hÉireann agus sa Gharda Síochána.<br>Rinneadh breis is 1000 cigireacht sláinte agus sláinteachais cheirde i dtaca le hoibreáin cheimiceacha, bhitheolaíocha agus fhisiceacha, chomh maith le guaiseacha agus rioscaí síceasóisialta.<br>Chríochnaigh an ÚSS 240 cigireacht a dhírigh ar rioscaí síceasóisialta, lena n-áirítear guaiseacha bulaíochta san ionad oibre agus foréigean agus ionsaitheacht tríú páirtí, chomh maith le hobair aonair.<br>Dhírigh breis is 600 cigireacht ar oibreáin cheimiceacha, lena n-áirítear substaintí carcanaigineacha, só-ghineacha agus iad siúd atá tocsaineach don atáirgeadh, chomh maith le táirgí míochaine guaiseacha. Ina theannta sin, rinneadh breis is 70 measúnú ar tháirgí ceimiceacha.<br>Próiseáladh beagán faoi bhun 480 fógra aispeiste. Chomh maith leis sin, rinne an ÚSS beagán os cionn 140 cigireacht inar díríodh ar ábhair ina raibh aispeist a bhaint agus a bhainistiú.<br>Rinne an ÚSS 300 cigireacht inar tugadh aghaidh ar eirgeanamaíocht, lena n-áirítear láimhsiú sábháilte ar fud na n-earnálacha uile agus láimhseáil daoine san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta.<br>Rinneadh beagnach 270 cigireacht inar pléadh oibreáin bhitheolaíocha, agus próiseáladh beagán faoi bhun 20 fógra ar oibreáin bhitheolaíocha freisin.<br>Rinne an ÚSS 242 cigireacht inar díríodh ar oibreáin fhisiceacha amhail torann, creathadh, radaíocht neamh-ianúcháin agus radón.<br>Rinneadh 200 cigireacht a chlúdaigh cáilíocht aeir faoi dhíon.<br>Rinneadh breis is 550 cigireacht san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta, lena n-áirítear ospidéil agus cúram cónaithe, chomh maith le seirbhísí cúraim phríomhúil agus leanúnacha.<br>Díríonn cigireachtaí ar gach guais agus riosca SSC atá oiriúnach don suíomh oibre, lena n-áirítear:<br>• bainistíocht ghinearálta sláinte agus sábháilteachta,<br>• foréigean agus ionsaitheacht agus obair aonair,<br>• COVID-19/ionfhabhtuithe víreasacha riospráide,<br>• sciorrthaí, tuislí agus titim,<br>• oibrithe gníomhaireachta,<br>• sábháilteacht dóiteáin,<br>• láimhsiú sábháilte othar, agus<br>• cáilíocht an aeir faoi dhíon. |

<table>
<tr><th>Gníomh i gClár Oibre 2024</th><th>Bainte amach in 2024</th></tr>
<tr><td>Feachtais chigireachta sonracha a dhéanamh sna hearnálacha seo a leanas:<br>• talmhaíocht,<br>• cairéil,<br>• láithreáin déantúsaíochta,<br>• foirgníocht<br>• duganna agus calafoirt, agus<br>• áiseanna dramhaíola,</td><td>Bhí cúig fheachtas cigireachta spriocdhírithe ann a dhírigh ar:<br>• láimhseáil ainmhithe,<br>• feithiclí agus innealra,<br>• sláinte feirmeoirí,<br>• ag obair ar airde, agus<br>• sábháilteacht foraoiseachta.<br>Tacaíodh le gach feachtas trí phreasráitis, agallaimh raidió agus teagmháil leis na meáin shóisialta, rud a chinntigh feasacht agus rannpháirtíocht fhorleathan sna hearnálacha.<br>Críochnaíodh dhá fheachtas um shláinte cheirde san earnáil tógála:<br>• Feachtas ar thógáil na gréine san earnáil tógála<br>• Feachtas ar láimhsiú sábháilte san earnáil tógála</td></tr>
<tr><td>Ról an ionadaí sábháilteachta a chur chun cinn trí dhul i dteagmháil le hionadaithe fostaithe agus fostóirí. Comhdháil a reáchtáil ar ról ionadaithe sábháilteachta d'oibrithe aonair</td><td>Reáchtáladh comhdháil náisiúnta ar chomhairliúchán agus ionadaíocht sábháilteachta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.<br>Rinne an ÚSS suirbhé ar chomhairliúchán agus ionadaíocht sábháilteachta agus roinn siad a gcuid torthaí ar shuíomh gréasáin an ÚSS agus ag an gcomhdháil.<br>Reáchtáladh cúig cheardlann oiliúna ar ionadaíocht sábháilteachta don INMO, SIPTU agus BSL.<br>Rinneadh acmhainní d'ionadaithe sábháilteachta a chur chun cinn ar líne agus ag imeachtaí do pháirtithe leasmhar araon.</td></tr>
<tr><td>Tacaíochtaí agus comhairle a ullmhú sna réimsí seo a leanas:<br>• rioscaí sonracha agus bearta rialaithe d'oibrithe aonair<br>• fachtóirí daonna agus eagraíochtúla i measúnuithe riosca;<br>• foréigean agus ionsaitheacht tríú páirtí;<br>• úsáid táirgí míochaine guaiseacha;<br>• úsáid clár faireachais sláinte, garchabhair d'fhostóirí agus d'fhostaithe, agus grúpaí riosca íogaire;<br>• closmhéadracht agus bainistiú torainn a bhaineann leis an obair;<br>• coincréit réamhtheilgthe agus treoir maidir le monarú, dearadh agus tógáil tithíochta fráma adhmaid go sábháilte; agus<br>• SSC in áiseanna dramhaíola agus in áiseanna gaoithe amach ón gcósta.</td><td>Cuireadh na hacmhainní treorach seo a leanas ar fáil:<br>• Treoirlínte maidir le Garchabhair in Ionaid Oibre<br>• Treoir Ghairid maidir le Faireachas Sláinte san Ionad Oibre<br>• Treoir ar Shábháilteacht agus ar Shláinte Ghairme maidir le hOibrithe Leochaileacha san Ionad Oibre<br>• Bileog Eolais d'Oibrithe Leochaileacha<br>• Printísigh a Fhostú: Sábháilteacht ag an Obair - dírithe ar fhostóirí agus bainisteoirí<br>• Sábháilteacht ag an Obair do Phrintísigh – dírithe ar phrintísigh<br>• Tionóiscí agus Tarluithe Contúirteacha san Ionad Oibre a Thuairisciú<br>• Cúrsaí Fuaime: Torann Ceirde<br>• Measúnú Riosca Síceasóisialta: Treoir maidir le Nochtadh d'Ábhar Íogair<br>• Treoir maidir le Tuirse a Bhainistiú le hObair Feirme<br>• Treoir faoin Obair Aonair in Earnáil an Chúraim Sláinte<br>• Forbraíodh agus seoltar acmhainní gréasáin ar tháirgí míochaine guaiseacha<br><br>Clár Oideachais<br>Chuireamar cláir oideachais i bhfeidhm san oideachas bunscoile, oideachas iarbhunscoile agus breisoideachas.<br><br>Roghnaigh Sábháilteacht<br>• Ghlac 23,905 dalta san iomlán páirt sa Chlár Roghnaigh Sábháilteacht in 2023/2024:<br>  - 20,652 (daltaí iar-bhunscoile)<br>  - 3,253 (mic léinn oideachais bhreise)<br>• Bronnadh 2,325 suaitheantas digiteach san iomlán, agus ghlac 46 institiúid oideachais páirt.<br>• Ghlac 335,288 dalta san iomlán páirt sa Chlár Roghnaigh Sábháilteacht ó 2010 i leith.<br><br>Fan Sábháilte<br>• D'fhreastail 305 dalta bunscoile ar 3 imeacht Bí Sábháilte in Órán Mór, Contae na Gaillimhe; Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí; agus Bré, Co. Chill Mhantáin.</td></tr>
</table>

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| | *Breisoideachas*<br>• Méadaíodh feasacht ar SSC do mhic léinn agus do mhúinteoirí i mBreisoideachas agus Oiliúint (BOO) in Éirinn tríd an tionscadal OSHVET. I measc na bpríomhthionscnamh tá cás-staidéar spriocdhírithe ag GTI na Gaillimhe, acmhainní SSC ag an obair a fhorbairt, comórtas póstaer náisiúnta a reáchtáil ar charcanaiginí san ionad oibre, tionchar a imirt ar dhearadh churaclaim BOO, agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara trí bhealaí éagsúla. I gceardlann ag GTI i mí na Samhna 2025, cuireadh 20 mac léinn Ard-Aeistéitice ar an eolas maidir le rioscaí SSR, cearta oibrithe, agus oibleagáidí fostóirí trí chleachtaí idirghníomhacha. Tá bileoga eolais maidir le sábháilteacht cheimiceach agus cosaint printíseach cruthaithe ag an ÚSS freisin. Ina theannta sin, tá cuid thiomnaithe do OSHVET ar fáil anois ar shuíomh gréasáin ÚSS.<br>• Chuireamar dhá shraith ceisteanna ar fáil do thráth na gceist bunaithe ar Cheisteanna Iarchéime (an tsraith shinsearach, daltaí iar-bhunscoile), atá bhí á bhainistiú ag graduate.ie. Ba é 28,017 líon iomlán na scoláirí a chláraigh suas go dtí deireadh mhí na Samhna 2024. Ghlac beagán os cionn 8,750 duine, ar an meán, páirt sa chlár seachtainiúil.<br><br>**Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde Iompraíochta**<br>D'eagraíomar seimineáir ghréasáin agus seimineáir duine le duine mar seo a leanas:<br>• Seimineár Gréasáin ar Laghdú Coimhlinte Idirphearsanta ag an Obair<br>• Seimineár Gréasáin ar Shábháilteacht Shíceolaíoch a Mhéadú ag an Obair<br>• Seimineár Gréasáin ar Thionchar a Imirt ar Chultúr Sábháilteachta<br>• Guaiseacha Folaithe a Bhainistiú: Iompar Daonna ag an Obair<br>• Feachtas sna meáin maidir le foréigean agus ionsaitheacht a bhaineann leis an obair mar aon le cláir nua ríomhfhoghlama maidir le bainistiú a dhéanamh ar ghuaiseacha foréigin agus ionsaitheachta tríú páirtí |
| **Nuashonraigh BeSMART.ie chun cloí le treoirlínte nua maidir le sábháilteacht dóiteáin, srianta ceimiceacha agus cáilíocht aeir faoi dhíon, agus forbair cineálacha nua gnó chun tacú le feirmeoireacht déiríochta agus mairteola** | Tugadh isteach trí chineál gnó nua in BeSMART.ie:<br>1. Bunscoileanna<br>2. Iar-bhunscoileanna<br>3. Feirmeacha déiríochta<br><br>Forbraíodh ceithre ghuais nua do BeSMART.ie:<br>• Dé-isicianáití<br>• Stóráil breosla<br>• A bheith nua sa phost<br>• Tuirse<br><br>Nuashonraíodh ocht nguais in BeSMART.ie:<br>• Aispeist<br>• Ceimiceáin<br>• Obair ar Airde<br>• Carrchlós scoile<br>• Iomaire léana<br>• Cuairteoirí scoile<br>• GPL<br>• Cáilíocht an aeir faoi dhíon |

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| **Tacaíocht theicniúil a sholáthar don RFTF maidir leis na tograí reachtacha seo a leanas:**<br>• Treoir (AE) 2024/869 agus Treoir (AE) 2023/2668 ('an Treoir maidir le Luaidhe/Dé-iseacianáit' agus 'an Treoir maidir le hAispeist san Ionad Oibre' faoi seach)<br>• Trasuíomh leasuithe ar I.R. Uimh. 122/2024 - Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí, Só-Ghineacha agus Substaintí atá Tocsaineach don Atáirgeadh) 2024 ('an Treoir maidir le Só-Ghineacha agus Carcanaiginí')<br>• Cód Cleachtais maidir le Leibhéil Nochta Ceirde chun luachanna teorainneacha nochta nua a léiriú<br>• Rialacháin na gCairéal<br>• Bille um Cheadúnú Sábháilteachta Foirgníochta 2023 | Ghlac an ÚSS páirt i bplé agus i soláthar comhairle theicniúil don RFTF maidir le trasuí Threoir (AE) 2024/869 agus Threoir (AE) 2023/2668 ('an Treoir maidir le Luaidhe/Dé-iseacianáití' agus 'an Treoir maidir le hAispeist ag an Obair' faoi seach).<br>Ceadaíodh agus foilsíodh *Cód Cleachtais 2024 maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (2001-2021) agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí, Só-ghineacha agus Substaintí atá Tocsaineach don Atáirgeadh)* (2024).<br>D'fhreastail an ÚSS ar chruinnithe ar líne an AE chun doiciméad treorach maidir le treoir aispeiste a fhorbairt.<br>Chuir an ÚSS tacaíocht theicniúil leanúnach ar fáil don RFTF maidir leis na dréacht-Rialacháin Cairéal, lena n-áirítear seimineár gréasáin ar líne a eagrú le baill Chomhpháirtíocht na gCairéal chun comhairliúchán spriocdhírithe le geallsealbhóirí ar na dréacht-Rialacháin a éascú.<br>Thug saineolaithe teicniúla an ÚSS aiseolas mionsonraithe don RFTF ar an mBille um Cheadúnú Sábháilteachta Foirgníochta 2023 atá beartaithe agus ar na ceanglais sábháilteachta maidir le tógáil tionscadail fóntais amach ón gcósta. |
| **Na gníomhartha a sannadh don ÚSS i bPlean Gníomhaíochta Céim 1 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021–2024 a chur i gcrích, go sonrach i ndáil le forbairt straitéise idirghabhála comhpháirtí idir an ÚSS, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána. Tacóimid le prótacal comhroinnte sonraí a fhorbairt chun imbhuailtí bóthair a bhaineann leis an obair a aithint.** | D'fhreastail an ÚSS ar gach cruinniú de chuid an Bhoird um Chlaochlú Sábháilteachta ar Bhóithre (RSTB). Tá sé de chúram ar an RSTB maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh na míreanna gníomhaíochta a sainaithníodh i bPlean Gníomhaíochta Céim 1 2021-2024 de Straitéis Rialtas na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre agus rianú a dhéanamh orthu.<br>Áirítear ar aschuir ÚSS:<br>• Dréacht-Threoirlínte maidir le *Tiomáint don Obair* a ullmhú le foilsiú in 2025, agus<br>• Reáchtáladh Seimineár Gréasáin Tiomáint don Obair 2024 i mí na Samhna 2024, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus leis an gGarda Síochána.<br>Bhí baint ag an ÚSS leis an nGarda Síochána maidir le prótacal comhroinnte sonraí a fhorbairt chun imbhuailtí bóthair marfacha a bhaineann leis an obair a aithint. |

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| **Cúrsaí nua hsalearning.ie a fhorbairt a dhíríonn ar thopaicí amhail guaiseacha síceasóisialta sa chúram sláinte, tuairisciú timpistí/teagmhas, nochtadh do dheannach silice, tosca daonna agus SSR do phróifílí printíseachta éagsúla** | Glacadh 73,890 cúrsa ríomhfhoghlama san iomlán ar hsalearning.ie le linn 2024, lena n-áirítear:<br>• hsalearning.ie (43,843 cúrsa glactha), agus<br>• HSeLanD (30,047 cúrsa glactha).<br>Forbraíodh trí chúrsa ghearra nua ar hsalearning.ie ag plé téamaí amhail oibrithe leochaileacha, tuairisciú timpistí san ionad oibre, agus foréigean agus ionsaitheacht.<br>Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú iomlán ar thrí chúrsa ar hsalearning.ie: 'Gnólacht beag: Fostóirí', 'Gnólacht Beag: Fostaithe agus 'Gnólachtaí Beaga: Gnólachtaí nuathionscanta'.<br>Bhain an ÚSS ceadú FGL amach do na cúrsaí seo a leanas le hInnealtóirí na hÉireann: 'Workplace Transport Safety' ('Sábháilteacht Iompair san Ionad Oibre'), Safer Steps and Stairs ('Céimeanna agus Staighrí Níos Sábháilte') agus 'An Introduction to Ergonomic Risk Assessment' ('Réamhrá ar Mheasúnú Riosca Eirgeanamaíochta').<br>Rinneadh nuashonrú cuimsitheach ar an gclár ríomhfhoghlama ar Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde i gCúram Sláinte agus Sóisialta. |
| **Comhoibrigh le grúpaí páirtithe leasmhara atá ag obair le hoibrithe leochaileacha chun a chinntiú go scaiptear acmhainní agus tacaíochtaí ÚSS** | Bhain an ÚSS na nithe seo a leanas amach in 2024:<br>• bileog eolais nua, *Bileog Eolais d'Oibrithe Leochaileacha,* a sholáthar atá dírithe ar fhostóirí agus ar bhainisteoirí;<br>• tugadh treoir nua maidir le bainistíocht oibrithe leochaileacha san ionad oibre – *Treoir um Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde maidir le hOibrithe Leochaileacha san Ionad Oibre* – dírithe ar fhostóirí agus ar fhostaithe i ngach earnáil oibre;<br>• forbraíodh cúrsa gearr nua ar hsalearning.ie – 'Oibrithe Leochaileacha a Chosaint' – dírithe ar fhostaithe/oibrithe;<br>• forbraíodh leathanach ábhair nua ar shuíomh gréasáin ÚSS a dhíríonn ar théama na n-oibrithe leochaileacha; agus<br>• forbraíodh naisc straitéiseacha le comhlachtaí ionadaíocha fostaithe agus oibrithe imirceacha, chun SCC i measc oibrithe imirceacha a chur chun cinn. |
| **Páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair (CCSS) sa CE maidir le hoibreáin bhitheolaíocha, ceimiceáin agus tumadóireacht, agus i ngrúpaí oibre an CCSS maidir le nuashonrú Threoir 89/654/CEE ('an Treoir maidir leis an Ionad Oibre') agus an Treoir ar Threalamh Scáileán Taispeána** | Ghlac an ÚSS páirt sna grúpaí oibre CCSS seo a leanas:<br>• Grúpa Oibre um Fhorfheidhmiú Ginearálta<br>• Grúpa Oibre Chemex<br>• Grúpa Oibre um Oibreáin Bhitheolaíocha (BIOLEX)<br>• Grúpa Oibre Divex<br>Ghlac an ÚSS páirt i ngrúpaí oibre de chuid an CCSS a thug bailchríoch ar thuairimí maidir le nuashonruithe beartaithe ar an Treoir maidir le hIonad Oibre agus ar an Treoir maidir le Trealamh Scáileáin Taispeána. Cuireadh na tuairimí seo ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach lena mbreithniú, agus táthar ag súil go dtosófar ar dhréachtú dlíthiúil na nuashonruithe ar na Treoracha in 2025. |

# Príomhéachtaí:
# Clár Ceimiceán

**Rialáil** | **Cur Chun Cinn** | **Tionchar**

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| 620 iniúchadh a dhéanamh a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí ceimiceacha ardriosca, go háirithe i réimsí ina bhfuil baol níos mó go nochtfar daoine do cheimiceáin, lena n-áirítear próiseáil, iompar, monarú agus úsáid ceimiceán san ionad oibre | Rinne an ÚSS 796 iniúchadh a dhírigh ar ghníomhaíochtaí ceimiceacha ardriosca. |
| Tacú leis an RFTF agus le hÉirinn chun Straitéis Ceimiceán an AE um Inbhuanaitheacht a chur chun cinn i gcaibidlíocht Chomhairle an AE agus iad ag forbairt tograí reachtacha nua do REACH, Rialachán 'Substaint amháin, measúnú amháin', Rialachán na nGlantach agus Rialacháin Eorpacha maidir le hOnnmhairiú/Allmhairiú | Thug an ÚSS tacaíocht theicniúil don Roinn maidir le forbairt trí thograí reachtacha de chuid an CE 'Substaint amháin, measúnú amháin' agus an nuashonrú ar Rialachán na nGlantach. Níl an dá phacáiste reachtaíochta curtha i gcrích go fóill. |
| Tacú le cuspóir an chur chuige 'Substaint amháin, measúnú amháin' maidir le measúnuithe sábháilteachta ceimiceán a sheachadadh ar fud na reachtaíochta ábhartha uile, agus dul i mbun oibre páirtithe leasmhara chun an rud céanna a chur chun cinn | Lean an ÚSS de bheith ag tacú le cuspóir an chur chuige 'Substaint amháin, measúnú amháin' trí pháirt a ghlacadh i sainghrúpa oibre an CE ar 'Substaint amháin, Measúnú amháin' agus in Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca (RiME+) ECHA, agus éascaíonn an dá cheann acu gníomhaíocht rialála chomhordaithe ar cheimiceáin. |
| Faisnéis a sholáthar agus feasacht a mhúscailt faoi na hathruithe reachtaíochta nua ar Rialachán CLP | Chuir an ÚSS na hathruithe reachtacha nua ar CLP in iúl tríd an suíomh gréasáin, trí chainéil na meán sóisialta agus trí chumarsáid dhíreach. Beidh seimineáir ghréasáin á reáchtáil ag an Údarás ar an Rialachán CLP nuashonraithe in 2025. |
| Tús a chur le meastóireacht ar shubstaint cheimiceach amháin thar ceann na hÉireann faoin bpróiseas meastóireachta substaintí de chuid REACH | Chuir an ÚSS tús le measúnú ar an tsubstaint 3,3'-[meitiléinbis(ocsaimeitiléin)] bisheptán faoin bpróiseas meastóireachta substaintí REACH. Tá an tÚdarás i gceannas ar an measúnú ar shláinte an duine agus ag obair i gcomhar leis an údarás Portaingéalach, a dhéanfaidh measúnú ar na críochphointí comhshaoil. |

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| Togra(í) maidir le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe (CLH) do shubstaintí ceimiceacha a ullmhú agus a chur faoi bhráid ECHA | Chuir an ÚSS dhá chomhad aicmithe beartaithe isteach, ceann amháin do shláinte an duine agus don chomhshaol i gcás na substainte O-iseapróipile tiacarbamáite eitile agus ceann amháin do chríochphointí comhshaoil i gcás na substainte clóirít sóidiam. |
| Ceithre thuairim eolaíocha a ullmhú mar chomhalta coiste ECHA | Lean an ÚSS de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí an AE trí rannpháirtíocht sa CMR agus sa Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CAS), agus trí thuairimí eolaíocha agus teicniúla a ullmhú. Chríochnaigh na saineolaithe Éireannacha ar an CMR dhá thuairim eolaíocha mar rapóirtéirí (CLH faoi CLP). Chomh maith leis sin, ghlacamar páirt i ngrúpaí oibre Choiste ECHA a rinne measúnú ar an gcomhad srianta maidir le substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS). |
| Saineolas a sholáthar d'Fhóram ECHA um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú chun tionscadal forfheidhmiúcháin ar fud an AE a sheachadadh maidir le comhlíonadh substaintí, meascán agus earraí allmhairithe | Sa bhliain 2024, ghlac an ÚSS páirt i gcéim oibríochtúil thionscadal Fhóram ECHA um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú, Fóram Forfheidhmiúcháin REACH (FFR)-12, inar sheiceálamar comhlíonadh táirgí allmhairithe le hoibleagáidí clárúcháin, údaruithe agus srianta REACH.<br><br>Chuir an tÚdarás saineolaí ar fáil freisin chun páirt a ghlacadh i nGrúpa Oibre Fhóram ECHA do FFR-13 maidir le díolacháin ar líne táirgí ceimiceacha, lena n-áirítear forbairt an lámhleabhair forfheidhmithe agus éascú oiliúna cigirí ó Bhallstáit an AE, a bheidh ag feidhmiú in 2025. |
| Comhairle maidir le pleanáil úsáide talún (PÚT) a chur ar fáil d'údaráis phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le COMAH agus forbraíochtaí in aice láimhe | Phróiseáil an ÚSS 302 iarratas ar chomhairle PÚT in 2024. |
| Treoir bhreise a fhorbairt maidir le PÚT teicniúil agus comhairle stórála agus iompair, go háirithe don earnáil táirgthe fuinnimh | Níor fhorbair an ÚSS tuilleadh treorach in 2024. |
| Measúnú a dhéanamh ar thuairiscí sábháilteachta agus ar mhodhnuithe suntasacha do shuíomhanna COMAH | Fuair an ÚSS 11 tuarascáil sábháilteachta agus 11 mhodhnú shuntasacha le haghaidh measúnaithe in 2024. |
| Measúnú a dhéanamh ar thuairiscí sábháilteachta agus ar mhodhnuithe suntasacha do shuíomhanna COMAH | Fuair an ÚSS 11 tuarascáil sábháilteachta agus 11 mhodhnú shuntasacha le haghaidh measúnaithe in 2024. |
| Tús áite a thabhairt d'iniúchadh ar láithreáin úsáide ceimiceán ardriosca | Rinneadh cigireacht ar 49 bunaíocht uas-sraithe agus 47 bunaíocht íos-sraithe faoi Rialacháin COMAH.<br><br>Rinneadh 131 cigireacht bhreise ar láithreáin ina stóráiltear substaintí contúirteacha gar do thairseach COMAH ach faoina bhun (fo-COMAH). |
| Iarratais ar údaruithe a mheas agus a phróiseáil, de réir mar is gá, faoi na Rialacháin IECB. | Rinne an ÚSS measúnú agus próiseáil ar 12 údarú in 2024, chomh maith le dhá údarú eile a leasú/a nuashonrú. |

# **Príomhéachtaí:**
# Clár Faireachais Margaidh

| Rialáil | Cur Chun Cinn | Tionchar |
|---|---|---|

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| Measúnú a dhéanamh ar 750 táirge ceimiceach agus 325 táirge tionsclaíoch atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó úsáid tomhaltóirí, chun a dheimhniú go gcomhlíonann siad cheanglais an AE | Rinne an ÚSS measúnuithe ar 472 táirge ceimiceach agus 413 táirge tionsclaíoch chun a chinntiú go raibh siad i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha maidir le faireachas margaidh. Baineadh táirgí neamhchomhlíontacha den mhargadh. Ba mar gheall ar shrianta ar acmhainn acmhainní a bhí an laghdú ar líon na measúnuithe ar tháirgí ceimiceacha a seachadadh. |
| Táirgí neamhchomhlíontacha a sheiceáil atá ar an margadh Éireannach, ar tugadh fógra don Chóras Mear-Rabhaidh AE um tháirgí neamhbhia (Geata Sábháilteachta) nó don Chóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS) fúthu | Rinne an ÚSS athbhreithniú ar 77 foláireamh Geata Sábháilteachta a bhain le táirgí tionsclaíocha, agus tar éis seiceálacha imscrúdaitheacha a dhéanamh, fuarthas amach go raibh 7 dtáirge a tugadh fógra ina leith i láthair ar mhargadh na hÉireann freisin. Aithníodh na soláthraithe, agus glacadh beart leantach chun na táirgí a bhaint den mhargadh.<br><br>Rinne an ÚSS monatóireacht ar an ICSMS i rith na bliana agus rinne siad athbhreithniú réamhghníomhach ar 87 fógra. Fuarthas amach go raibh 4 cinn de na táirgí sin ar an margadh, agus rinneadh bearta leantach cuí.<br><br>Phróiseáil an tÚdarás 398 foláireamh Geata Sábháilteachta a bhain le ceimiceáin shrianta chun a fháil amach an raibh siad curtha ar mhargadh na hÉireann. Tar éis seiceálacha imscrúdaitheacha, fuarthas amach gur bhain 13% de na foláirimh le ceimiceáin shrianta a bhí i láthair ar mhargadh na hÉireann. Aithníodh na soláthraithe agus rinneadh teagmháil leo chun táirgí neamhchomhlíontacha a bhaint den mhargadh.<br><br>Rinne an ÚSS monatóireacht ar an ICSMS i rith na bliana, agus rinne siad obair leantach ar 23 táirge ceimiceach, agus tá na bearta sin fós ar siúl nó tá siad críochnaithe. |
| Ballstáit eile a chur ar an eolas (tríd an ICSMS agus córas Geata Sábháilteachta) faoi tháirgí neamhchomhlíontacha a aimsíodh ar mhargadh na hÉireann agus a d'fhéadfadh a bheith ar mhargaí an AE freisin | Níor cuireadh aon fhógra Geata Sábháilteachta isteach maidir le táirgí tionsclaíocha i rith na bliana.<br><br>Cuireadh trí fhógra Geata Sábháilteachta isteach le linn 2024 i gcás táirgí ceimiceacha.<br><br>Chuir an ÚSS 12 fhógra ICSMS tionsclaíocha agus 2 fhógra cheimiceacha isteach i gcás táirgí neamhchomhlíontacha. |
| Tacaíocht agus comhairle rialála a sholáthar do ghnólachtaí a mhonaraíonn, a allmhairíonn nó a dháileann táirgí ceimiceacha agus tionsclaíocha, lena n-áirítear iad siúd ón Ríocht Aontaithe (RA) | Phléigh Deasc Chabhrach Ceimiceán an ÚSS ceisteanna ábhartha faoi cheimiceáin. |

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| **Na feachtais forfheidhmithe AE agus náisiúnta seo a leanas a dhéanamh:**<br>• Gníomh comhpháirteach ar ardaitheoirí siosúr<br>• Gníomh comhpháirteach AE maidir le sábha ciorclacha<br>• Tionscadal PROSAFE ar aispeist i bpillíní coscáin d'fheithiclí dhá roth<br>• Comhlíonadh earraí ceimiceacha allmhairithe<br>• Substaintí srianta REACH i ngliúnna agus greamacháin<br>• Substaintí srianta REACH i ndúigh tatú | Ghlac an ÚSS páirt i ndá ghníomh chomhpháirteacha AE maidir le táirgí tionsclaíocha:<br>• Gníomh comhpháirteach ar ardaitheoirí siosúr: Rinneadh tástáil agus measúnú ar chomhréireacht ar 43 samhail d'ardaitheoirí siosúr ó 19 mbranda éagsúla.<br>• Gníomh comhpháirteach maidir le sábha ciorclacha: Rinneadh measúnú agus tástáil ar 55 sábh ciorclach san iomlán, sábha láimhe agus sábha boird araon, ó 22 branda éagsúil freisin.<br>Bhí obair shuntasach ar fud an AE i gceist leis na tionscadail sin. Tá tuarascálacha mionsonraithe ar na gníomhartha comhpháirteacha á dtabhairt chun críche, ina n-aibhsítear roinnt easnamh sábháilteachta i dtáirgí éagsúla a ndearnadh measúnú orthu, agus eiseoidh an CE iad.<br>Cuireadh tús le tionscadal Gníomhaíochta Comhpháirtí an Aontais Eorpaigh lena ndéantar measúnú ar aispeist i bpillíní coscáin le haghaidh feithiclí dhá roth le linn 2024 agus tá sé fós ar siúl.<br>Ghlac an ÚSS páirt i dtionscadal ECHA, FFR-12, maidir le forfheidhmiú chomhlíonadh substaintí, meascán agus earraí allmhairithe le rialacháin an AE, agus rinneadh measúnú ar 60 táirge allmhairithe le haghaidh comhlíonadh clárúcháin, srianadh agus údarú REACH. Beidh an toradh ar fáil in 2026.<br>Rinne an tÚdarás seiceálacha comhlíontachta ar ghliúnna agus greamacháin, agus rinne sé athbhreithniú ar 63 táirge ó 48 mbranda ar fud 15 chuideachta, lena n-áirítear allmhaireoirí, dáileoirí agus miondíoltóirí. Tugadh aghaidh ar gach neamhchomhlíonadh.<br>Ghlac an ÚSS páirt i gcomhthionscnamh le Ballstáit eile den AE chun measúnú a dhéanamh ar shubstaintí srianta i ndúigh tatú. Fuarthas amach go raibh ceithre shampla a chuir an ÚSS isteach ag sárú Rialachán REACH, Iarscríbhinn XVII, Iontráil 75, agus sháraigh dhá cheann na leibhéil inghlactha ceadaithe agus cuireadh le Geata Sábháilteachta iad/baineadh den díol iad. |



# **Príomhéachtaí:** Clár Náisiúnta Creidiúnaithe

**Rialáil** | **Cur Chun Cinn** | **Tionchar**

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| **Mar chuid dár gclár creidiúnaithe leanúnach:** | |
| An clár creidiúnaithe a choinneáil do chliaint reatha agus do chliaint iarrthacha | Lean Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) de chreidiúnú a sholáthar i gcomhréir le sraith caighdeán ábhartha ISO 17000.<br>Tháinig an Bord Creidiúnaithe le chéile 6 huaire in 2024 agus bhronn siad 13 chreidiúnú nua agus 7 síneadh ar raon feidhme disciplíní nua. Rinne bainisteoir BNÉC 334 cinneadh eile ar chreidiúnú.<br>Bhí 575 imeacht measúnaithe ann in 2024, méadú 4% ar 2023. |
| Iarratais nua ar chreidiúnú ó chliaint nua agus reatha a phróiseáil | Ag deireadh mhí na Nollag 2024 bhí aon iarratas déag nua ar chreidiúnú idir lámha. Áiríodh leis seo trí chreidiúnú in ISO/IEC 17025, tástáil leighis amháin do ISO 15189, dhá chomhlacht cigireachta do ISO/IEC 17020, dhá chomhlacht deimhniúcháin do ISO/IEC 17024, dhá chomhlacht deimhniúcháin táirgí do ISO/IEC 17065 agus áis bhithbhaincéireachta amháin (ISO 20387).<br>Bhronn BNÉC 159 síneadh ar raon feidhme do chliaint reatha, méadú 35% ar fhigiúirí 2023. |
| Glacadh níos tapúla le hiarratais ar ghníomhaíocht nua creidiúnaithe tugtha isteach | Is tosaíocht de chuid *Straitéis um Chreidiúnú 2022-2026* líon na n-iarratas ar chreidiúnú a mhéadú, rud a chuirfidh fíorfhiúchas leis agus a fheabhsóidh rochtain do chliaint. Ar cheann de chuspóirí BNÉC tá deiseanna do thuilleadh scéimeanna creidiúnaithe agus éileamh sa todhchaí a aithint, ag baint leas as torthaí ó anailís éilimh, cleachtaí maidir le scanadh ionchais agus tionscadail taighde. Tá sé seo fós ar siúl agus déanfar dul chun cinn breise air i rith 2025 agus thar shaolré na straitéise.<br>Bhronn BNÉC 13 chreidiúnú nua. Áiríodh leis seo trí chreidiúnú in ISO/IEC 17025, cúig thástáil leighis do ISO 15189, dhá chomhlacht cigireachta do ISO/IEC 17020, comhlacht deimhniúcháin córas bainistíochta amháin do ISO 17021-1 agus dhá chomhlacht deimhniúcháin táirgí do ISO/IEC 17065.<br>Críochnaíodh an chéad mheasúnú le haghaidh creidiúnú saoráid bithbhaincéireachta (ISO 20387) in 2024. Tá sé beartaithe ag BNÉC iarratas a dhéanamh freisin chun dul isteach san EA MLA do ISO/IEC 17029 in 2025/2026. |
| Gach ionadaíocht ar choistí creidiúnaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh | D'fhreastail baill foirne BNÉC ar 26 cruinniú de choistí creidiúnaithe agus grúpaí oibre Eorpacha agus idirnáisiúnta le linn 2024.<br>Beidh dhá chruinniú Eorpacha á reáchtáil ag BNÉC in 2025: cruinniú Ghrúpa Oibre Cúraim Sláinte Choiste Saotharlainne Chomhar na hEorpa um Chreidiúnú (EA) agus Ghrúpa Oibre Choiste Deimhniúcháin EA (Comhshaoil). |

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
| --- | --- |
| **Gach freagracht reachtach a chomhlíonadh maidir lenár ról mar údarás monatóireachta ar Dhea-chleachtas Saotharlainne (DCS)** | Is é BNÉC an t-údarás reachtúil monatóireachta comhlíontachta DCS atá freagrach as cigireacht agus fíorú DCS faoi I.R. Uimh. 18/2020 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Saotharlainne), 2020.<br><br>Chun leanúint lena fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh, rinne sé imscrúduithe ar an láthair agus d'fhreastail sé ar ghrúpaí oibre DCS de chuid an AE agus de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). Críochnaíodh dhá chigireacht DCS in 2024. |
| **Cuspóirí Bhliain 3 den Straitéis um Chreidiúnú 2022-2026 a chomhlíonadh, go háirithe:**<br>• taighde a choimisiúnú chun na buntáistí a bhaineann le creidiúnú a anailísiú, a mheas agus a fhíorú;<br>• an plean cumarsáide a ceapadh in 2023 a chur i bhfeidhm;<br>• creidiúnú a chur chun cinn agus branda BNÉC a thógáil, ag leanúint leis an rannpháirtíocht Rialtais agus páirtithe leasmhara;<br>• an plean straitéiseach fórsa saothair a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais acmhainní chun an straitéis a chur i gcrích; agus<br>• éifeachtúlacht a fheabhsú laistigh den phróiseas creidiúnaithe d'fhonn taithí an úsáideora a fheabhsú agus réitigh chreidiúnaithe éifeachtacha a sholáthar. | Le cur chun feidhme na Straitéise Creidiúnaithe BNÉC, méadófar feasacht ar bhuntáistí an chreidiúnaithe agus cuirfidh an rialtas, tionscal agus tomhaltóirí muinín i dtáirgí agus seirbhísí Éireannacha dá dheasca. Tá anailís ar na buntáistí eacnamaíochta a thugann gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta creidiúnaithe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí tábhachtach do thuiscint agus d'fheasacht cliant ar chreidiúnú. Mar gheall air sin, tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí na straitéise seo taighde agus anailís mhargaíochta a choimisiúnú chun eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta agus chun tionchar a imirt air.<br><br>Cuireadh plean cumarsáide i gcrích. Cabhróidh an plean seo le feasacht agus rannpháirtíocht i gcreidiúnú a chur chun cinn agus a luach agus a shochair a chur in iúl. Leanfar le cur i bhfeidhm an phlean seo ar feadh 2025.<br><br>Ullmhaíodh sraith cur i láthair chun tairbhí an chreidiúnaithe a chur chun cinn, chun roinnt eolais a fheabhsú agus chun faisnéis a mhalartú.<br><br>Rinneadh leathanach meán sóisialta LinkedIn BNÉC a nuashonrú go rialta chun cumarsáid a dhéanamh le cliaint agus idirghníomhú leo, chun roinnt eolais a fheabhsú agus chun líonraí a mhéadú.<br><br>Foilsíodh dhá eagrán de nuachtlitir BNÉC agus dáileadh iad ar na CABanna agus na páirtithe leasmhara uile, agus cuireadh ar fáil é ar LinkedIn agus ar shuíomh gréasáin BNÉC.<br><br>Tionóladh fóram do mheasúnóirí teicniúla BNÉC i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2024. Cuireadh oiliúint ar fáil do na rannpháirtithe go léir. Ina theannta sin, reáchtáladh seisiúin bheaga do gach caighdeán creidiúnaithe.<br><br>D'eisigh BNÉC agus an ÚSS nuachtlitreacha chun faisnéis a sholáthar faoi fhorbairtí in BNÉC agus i gcreidiúnú. Tionóladh roinnt cruinnithe le páirtithe leasmhara. I measc na dtopaicí a clúdaíodh sna cruinnithe páirtithe leasmhara bhí intleacht shaorga, monatóireacht astaíochtaí cruachta, Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ('an Rialachán um Tháirgí Foirgníochta') agus tástáil uisce óil. Is é aidhm na teagmhála sin ná faisnéis a sholáthar, eolas a roinnt agus creidiúnú a chur chun cinn.<br><br>Thug BNÉC cur i láthair do pháirtithe leasmhara i gcúram sláinte ag Siompóisiam III BioBANC, ag an RCPI agus ag Acadamh na hEolaíochta Cliniciúla agus an Leighis Saotharlainne.<br><br>Thug BNÉC cuairt ó Sheirbhís Creidiúnaithe na Ríochta Aontaithe chun plé a dhéanamh ar chur chuige measúnaithe trasteorann (go háirithe maidir le Tuaisceart Éireann), ar chomhroinnt eolais agus ar dheiseanna oiliúna.<br><br>Rinne BNÉC urraíocht ar dhuaiseanna do Chomórtas Tomhais Anailíseach Eurachem (CTAE). Is é aidhm an CTAE ná feasacht a mhúscailt i measc scoláirí eolaíochta maidir le tábhacht na hinniúlachta i scileanna saotharlainne agus cruinneas i dtomhas anailíseach. Bhí an ócáid á reáchtáil ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Sligeach, i mí Aibreáin 2024.<br><br>Bhronn Bainisteoir Cláir BNÉC teastais chreidiúnaithe ar na CABanna a raibh creidiúnú bronnta orthu. Bhí sé seo chun tábhacht agus luach an chreidiúnaithe a chur chun cinn. |

# **Príomhéachtaí:** Clár Éifeachtachta Oibríochtúla

## ÁR MODH OIBRE

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| Na gníomhartha atá leagtha amach inár *Straitéis Daoine 2023 – 2025 Empowering our Future (Cumhachtú ár dTodhchaí)* a chur i gcrích, chun a chinntiú go leanfaimid orainn ag mealladh, ag forbairt agus ag coinneáil lucht saothair ard-oilte agus ag an am céanna ag tabhairt aird ar thionchar cultúrtha na n-athruithe claochlaitheacha anois agus sa todhchaí | Lean ár bhfeachtas earcaíochta ar aghaidh in 2024, agus mar thoradh air sin tháinig 51 duine nua isteach agus tugadh ardú céime do dhaoine ar fud an ÚSS. Chun tacú le baill foirne nua agus chun oiliúint agus aistriú eolais cuí a chinntiú, reáchtáil an tÚdarás clár forbartha cuimsitheach do chigirí nua. Cuirtear an clár seo ar fáil trí chur chuige foghlama cumaiscthe, ina bhfuil oiliúint sa seomra ranga i gcomhar le cigireachtaí faoi thionlacan agus faoi mhaoirseacht araon.<br><br>Bhain níos mó ná 90% dár bhfostaithe leas as an bhforáil le haghaidh oibre cumaiscthe in 2024. Leanann an cur chuige seo de chothromaíocht fheabhsaithe oibre is saoil a chur ar fáil don fhoireann agus caighdeáin láidre feidhmíochta agus táirgiúlachta á gcothabháil laistigh den ÚSS ag an am céanna. Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas in 2025, i gcomhréir leis an gCreat Beartais um Obair Chumaisc d'Eagraíochtaí na Seirbhíse Sibhialta.<br><br>Cuireadh clár fairsing foghlama agus forbartha i bhfeidhm, agus críochnaíodh breis is 200 modúl oiliúna éagsúla in 2024. Leanadh le soláthar oiliúna láraithe le cláir chéimnithe d'oifigigh chléireachais, feidhmiúcháin agus ardoifigigh feidhmiúcháin. Cuireadh tús le Clár Ceannaireachta Oiriúnaitheach do bhainisteoirí i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh freisin.<br><br>Lean sláinte agus folláine ár bhfoirne de bheith ina tosaíocht. Rinne an ÚSS suirbhé Work PositiveCI agus bhunaigh sé ghrúpa oibre chun tacú le hanailís na dtorthaí agus le forbairt plean gníomhaíochta. Bhí freastal maith ar chlár seimineár folláine ar líne i rith na bliana, agus d'eagraigh baill foirne imeachtaí in oifigí áitiúla chun tacú le hiarrachtaí folláine.<br><br>Tugadh isteach soláthraí sláinte ceirde nua, le tacaíochtaí sonracha don fhoireann atá i mbun imscrúduithe ar theagmhais thromchúiseacha. Cuireadh clár scagthástála sláinte ar fáil do gach ball foirne. |

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| Cuir i bhfeidhm na gníomhartha ábhartha uile atá leagtha amach inár *Straitéis Bainistíochta Sonraí 2025 – 2029* | Sa bhliain 2024, sheol an ÚSS a straitéis bainistíochta sonraí do 2025-2029 i gcomhréir leis an ngealltanas straitéiseach chun cur chuige bunaithe ar fhianaise, atá tiomáinte ag sonraí a fhorbairt i leith leithdháileadh acmhainní, taighde, anailís agus meastóireacht. Leagtar amach conair shoiléir sa straitéis sonraí nua chun an uaillmhian seo a bhaint amach, ag díriú ar fheabhsú leanúnach agus ar úsáid chomhsheasmhach uirlisí agus próiseas molta.<br><br>Agus an straitéis á forbairt, chuir an ÚSS a oibleagáidí dlíthiúla faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, **Treoir (AE) 2019/1024** ('an Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus le hAthúsáid Fhaisnéis na hEarnála Poiblí') agus an tAcht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas 2019 san áireamh. Tá an straitéis ag teacht freisin le *Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019 – 2023* de chuid an Rialtais, a bhfuil sé mar aidhm aici trédhearcacht a fheabhsú, riarachán a shruthlíniú, tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus feabhas a chur ar sheachadadh agus ar thorthaí tionscadal.<br><br>Tá an straitéis sonraí bunaithe ar cheithre phríomhcholún: Bainistíocht agus Rialachas Sonraí, Dearadh agus Ailtireacht Sonraí, Léargas atá Treoraithe ag Sonraí agus Cumais Sonraí. Sainaithníonn gach colún tosaíochtaí straitéiseacha atá le tabhairt fúthu sna cúig bliana atá romhainn, rud a chuireann ar chumas an ÚSS sonraí a bhainistiú agus a ghiaráil go héifeachtach chun tacú le hoibríochtaí laethúla agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Cinntíonn an cur chuige cuimsitheach seo go gcaitear le sonraí mar shócmhainn luachmhar, le próisis láidre agus cuntasacht shoiléir, rud a chothaíonn cultúr ina bhfuil cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí ríthábhachtach do rath na heagraíochta. |
| Feachtais feasachta, imeachtaí (ar líne agus go fisiciúil araon), foilseacháin agus gníomhaíocht sna meáin/caidrimh phoiblí a chur i gcrích, lena n-áirítear tacú le feachtais chigireachta pleanáilte, mar chuid de sheachadadh ár *Straitéis Chumarsáide 2023 – 2025* | Chuir an ÚSS réimse leathan tionscnamh cumarsáide i bhfeidhm chun tacú le cláir oibre agus le príomhthosaíochtaí.<br><br>Maidir le himeachtaí, d'óstáil an tÚdarás roinnt imeachtaí náisiúnta ardphróifíle, lena n-áirítear Lá Cuimhneacháin na nOibrithe, an taispeántas sábháilteachta feirme ag an gComórtais Náisiúnta Treabhdóireachta agus sraith seimineár a bhí ailínithe le téama fheachtas na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) ar dhigitiú. Bhí seimineáir ghréasáin ina gcuid mhór de chlár imeachtaí an ÚSS agus reáchtáladh roinnt seimineár gréasáin a raibh freastal maith orthu i rith na bliana.<br><br>Dhear agus tháirg an ÚSS 27 foilseachán nua, agus d'eisíomar 31 preasráiteas mar chuid dár rannpháirtíocht réamhghníomhach leis na meáin.<br><br>Reáchtáladh feachtais fógraíochta leathana i réimse formáidí traidisiúnta agus digiteacha ar thopaicí amhail breith laonna, innealra agus foréigean agus ionsaitheacht a bhaineann le hobair.<br><br>Fuair suíomh gréasáin ÚSS beagnach 4 mhilliún cuairt, agus rinneadh ár ngníomhaíocht sna meáin shóisialta a bhainistiú chun feasacht ar ár ngníomhaíochtaí a uasmhéadú. |
| Cabhrú le daoine a nascadh agus comhoibriú a chur chun cinn d'fhonn tionchar dearfach a imirt ar rannpháirtíocht chomhghleacaithe trí chumarsáid inmheánach éifeachtach. Trí ár ndaoine a choinneáil ar an eolas faoinár gcuid oibre laethúla chomh maith le haon athruithe straitéiseacha nó oibríochtúla amach anseo, cinnteoidh sé sin go mbeidh an obair ailínithe go hinmheánach le spriocanna na heagraíochta agus le teachtaireachtaí seachtracha | D'fhorbair agus d'fheabhsaigh an ÚSS roinnt bealaí cumarsáide inmheánacha i rith 2024. Tá an córas inlín inmheánach curtha chun cinn agus tá sé tar éis éirí coitianta mar an príomhbhealach le haghaidh fógraí agus nuashonruithe foirne. Bhí sé seo thar a bheith tábhachtach in 2024, nuair a bhí gá le teachtaireachtaí tábhachtacha faoi acmhainní, earcaíocht agus forbairt na straitéise a chur in iúl don fhoireann go tapa agus go comhsheasmhach.<br><br>Bhaineamar úsáid as bealaí cumarsáide inmheánacha eile – amhail cruinnithe halla an bhaile, seimineáir ghréasáin ar líne agus fóraim bhainistíochta – chun rannpháirtíocht na foirne a bharrfheabhsú in 2024. Bhaineamar úsáid as na bealaí seo chun ionchur agus rannpháirtíocht na foirne a fháil mar chuid den phróiseas forbartha straitéise. Bhí an t-aiseolas fairsing ó gach cearn den eagraíocht an-luachmhar don Bhord agus é ag cur leis an straitéis. |

| Gníomh i gClár Oibre 2024 | Bainte amach in 2024 |
|---|---|
| Leanúint lenár n-ardán nua bainistíochta cásanna a fhorbairt chun ár bpróisis ghnó lárnacha a bharrfheabhsú, rud a thabharfaidh buntáistí amhail bealaí oibre níos éifeachtaí; pleanáil oibre níos fearr; eispéiris fheabhsaithe do chustaiméirí; rochtain ar shonraí atá cruinn, glan agus iomlán; agus léargais níos fearr | I mí Aibreáin 2024, sheol an ÚSS Céim 1 dá ardán lárnach nua, Córas. Tá go leor buntáistí ag baint leis an ardán nua seo, lena n-áirítear comhtháthú le Microsoft Power BI agus ríomhphost, réamhphleanáil cigireachtaí agus cigireachtaí comhpháirteacha, cláir eolais chun ualach oibre a rianú, radhairc chun cigireachtaí a bhainistiú agus a scagadh, agus scuainí chun cabhrú le tosaíocht a thabhairt don obair monatóireacht a dhéanamh uirthi. Tá an cumas ann freisin cásanna a chumasc, atreoruithe inmheánacha a sheoladh agus cigireachtaí comhpháirteacha a rianú. Faoi dheireadh 2024, bhí breis is 15,000 cás taifeadta ar Córas le beagnach 8,000 cigireacht agus rinne beagán os cionn 160 imscrúdú a bhainistiú leis. |
| Creat a chur i bhfeidhm chun teagmhais thromchúiseacha nó éigeandála a bhainistiú, ag cinntiú go bhfuil bealach soiléir ag an ÚSS chun leanúnachas gnó a choinneáil i gcónaí | In 2024, rinne an ÚSS dul chun cinn suntasach maidir le creat a leabú chun teagmhais thromchúiseacha nó imeachtaí géarchéime a bhainistiú, agus leanúnachas gnó amach anseo a chinntiú. Áiríodh i gCéim 1 measúnuithe riosca (MR) agus measúnuithe tionchair ghnó a dhéanamh do gach rannóg, creat athléimneachta eagraíochtúil a fhorbairt, agus pleananna bainistíochta géarchéime agus cumarsáide a dhréachtú. Tá Pleananna Leanúnachais Ghnó do gach rannóg críochnaithe anois. Díreofar i gCéim 2 ar na pleananna seo a chur i bhfeidhm, a thástáil agus a nascadh le creatlacha athléimneachta gaolmhara. Cinnteoidh oiliúint foirne, cleachtaí deisce, tástáil agus monatóireacht, agus próisis feabhsúcháin leanúnacha go mbeidh na pleananna praiticiúil agus éifeachtach. |
| Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tosaíocht dár gClár Feabhsúcháin Slándála Faisnéise, ag feabhsú sheasamh slándála an ÚSS agus ag cinntiú go bhfuil pleananna láidre um leanúnachas gnó agus athshlánú ó thubaistí i bhfeidhm maidir le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) | Cosúil le gach comhlacht san earnáil phoiblí, tá riosca mór i gceist le cibearshlándáil, agus in 2024 leanamar orainn ag tabhairt tús áite do chlár feabhsúcháin slándála faisnéise. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar chomhlíonadh slándála TFC ina ndéantar measúnú ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne *Chaighdeáin Bhunlíne Cibearshlándála na hEarnála Poiblí*.<br><br>Ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach air in 2022, tá roinnt tionscnamh agus feabhsuithe tábhachtacha tugtha isteach ag an ÚSS chun a chumais slándála a fheabhsú. Bunaithe ar an athbhreithniú is déanaí, cuirfear Clár Feabhsúcháin Slándála Faisnéise úr i bhfeidhm chun bearta slándála an ÚSS a neartú tuilleadh agus chun a chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin chibearshlándála atá ag teacht chun cinn. |
| Cuir dea-chleachtas i bhfeidhm chun cáilíocht a chinntiú (ailínithe le ISO 9001:2015), rud a eascraíonn i bpróisis oibre agus éifeachtúlacht fheabhsaithe, comhsheasmhacht cur chuige, cuntasacht agus trédhearcacht mhéadaithe agus feabhsú leanúnach | In 2024, rinneamar dul chun cinn suntasach maidir le feabhas a chur ar cháilíocht agus ar éifeachtacht ár bpróiseas oibre. I measc na n-éachtaí tá bunú mol beartais inmheánaigh, forbairt agus feabhsú beartas agus nósanna imeachta eagraíochtúla, forbairt teimpléid agus cur i bhfeidhm beartais rialaithe maidir le doiciméadú. |



# Aguisín 1:
# Príomhtháscairí feidhmíochta 2024

**Tábla 2.**
**Príomhtháscairí feidhmíochta 2024**

| Príomhtháscairí feidhmíochta | sprioc 2024 | bainte amach in 2024 |
|---|---|---|
| Cigireacht (SSC) | 10,000 | 11,523 |
| Cigireachtaí réamhghníomhacha (an tAcht Ceimiceán agus an tAcht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar) | 620 | 796 |
| Cigireachtaí imoibríocha | 500 | Ionchorpraithe san fhigiúr cigireachtaí thuas |
| Measúnuithe ar Fhaireachas Margaidh (táirgí ceimiceacha) | 750 | 472 |
| Measúnuithe ar Fhaireachas Margaidh (táirgí tionsclaíocha) | 325 | 413 |
| Feachtais forfheidhmiúcháin an AE maidir le faireachas margaidh | 4 | 2 |
| Úsáideoirí nua BeSMART | 7,500 | 21,719 |
| Tuairimí eolaíocha ullmhaithe do Choistí ECHA | 4 | 2 |
| Tograí nua chun aicmiú agus lipéadú substaintí a chomhchuibhiú | 1 | 1 |
| Cinntí creidiúnaithe (nua) | 15 | 20 |
| Cinntí creidiúnaithe (gach cinneadh ag Bainisteoir BNÉC) | 400 | 334 |

# Aguisín 2:

## Sleachta ó Ráitis Airgeadais neamhiniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

# Réamhrá

I gcomhréir le ceanglais Alt 48 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ceanglaítear ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta Ráitis Airgeadais a chur i dtoll a chéile gach bliain. Tagann deireadh le bliain airgeadais an Údaráis ar an 31 Nollaig gach bliain. Ní mór do na ráitis airgeadais a bheith i bhfoirm a cheadódh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, le comhaontú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura mbíonn sé cuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú; agus
- luaigh cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Bíonn an tÚdarás freagrach as leabhair chuntasaíochta chearta a choimeád ina nochtar staid airgeadais an Údaráis le cruinneas réasúnta ag aon uair ar leith agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Bíonn an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Tá dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 ullmhaithe agus bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais iad ag a chruinniú a tionóladh Déardaoin an 20 Márta 2025. Ullmhaíodh na Dréachtráitis Airgeadais do 2023 i gcomhréir le forálacha ábhartha FRS102 agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Rinne an Coiste athbhreithniú ar na Dréachtráitis Airgeadais agus mhol sé iad ar bhonn ‘gan athrú ábhartha’.

Cuireann an tÚdarás na dréacht-Ráitis Airgeadais faoi bhráid na Roinne agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste roimh an 31 Márta gach bliain, agus déanfaidh siad an t-iniúchadh seachtrach. Tá an obair allamuigh iniúchta sceidealaithe le déanamh le linn R2 na bliana seo.

Tógadh an fhaisnéis thíos ó na Dréachtráitis Airgeadais agus níor cheart í a áireamh mar fhoinse iontaofa fianaise airgeadais i dtaca le cúrsaí airgeadais an Údaráis go dtí go dtabharfar an t-iniúchadh seachtrach chun críche. San áireamh leis na Ráitis Airgeadais Iniúchta, beidh na cáipéisí thíos in éineacht le sraith iomlán nótaí mínithe:

- Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird
- Ráiteas ar Rialú Inmheánach
- Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
- Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
- Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024
- Ráiteas ar Shreafaí Airgid
- Sleachta ó na Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nuair a bheidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích agus nuair a gheofar Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, déanfaidh an tÚdarás na socruithe cuí chun na Ráitis Airgeadais a ndearnadh iniúchadh orthu a chur faoi bhráid an Aire lena bhfaomhadh agus lena gcur faoi bhráid Thithe an Oireachtais go foirmiúil.

Is féidir teacht ar chóip de na Ráitis Airgeadais iniúchta ar shuíomh idirlín an Údaráis i ndiaidh don iniúchadh seachtrach a bheith curtha i gcrích. Tá próiseáil idirbhearta airgeadais an Údaráis curtha amach ar conradh don chonraitheoir seachtrach (Crowley’s DFK).

Leanann an tÚdarás air ag bainistiú na feidhme airgeadais agus tá na rialuithe agus cosaintí cuí curtha i bhfeidhm aige chun sláine na feidhme a chinntiú.

**Aguisín 1** | Sleachta ó na Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta

# Faisnéis

| | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Patricia Byron (Cathaoirleach) | Ceaptha 30/06/2023 |
| | Paul Kelly (Leaschathaoirleach) | Athcheaptha 20/12/2022 |
| | Bríd De Buitléar | Athcheaptha 11/08/2023 |
| | Ciarán Roche | Athcheaptha 11/08/2023 |
| | David Hughes | Athcheaptha 20/12/2022 |
| | Deirdre MacDonald | Athcheaptha 20/12/2022 |
| | Fiona Kilcullen | Ceaptha 25/09/2023 |
| | Frank Kelly | Athcheaptha 20/12/2022 |
| | Mary Coyne | Athcheaptha 11/08/2023 |
| | Michelle Quinn | Athcheaptha 20/12/2022 |
| | Padraig Somers | Ceaptha 20/12/2022 |
| | Terry O'Niadh | Ceaptha 30/06/2023 |

| | | |
|---|---|---|
| **An Príomhfheidhmeannach** | Conor O'Brien | Ceaptha ar an 29/05/2023 |

| | |
|---|---|
| **Ceannoifig** | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta<br>An Foirgneamh Cathrach<br>Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1 D01 K0Y8 |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 D01 PF72 |
| **Cuntasóirí** | Crowleys DFK<br>Cuntasóirí Cairte<br>5 Cé an Lapaigh, Corcaigh T12 RW7D |
| **Iniúchóirí Inmheánacha** | Deloitte<br>Áras Deloitte & Touche<br>29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2 D02 AY28 |
| **Aturnae** | Mason Hayes and Curran<br>Teach an Bhruaigh Theas<br>Sráid na Bearú, Baile Átha Cliath 4 D04 TR29 |
| **Banc** | Banc na hÉireann<br>Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 D02 Y754 |

**Aguisín 1** | Sleachta ó na Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar an 1 Samhain 1989 faoi réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, mar a bhí ann an uair sin. Tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ina ionad. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 16 d'Acht 2005. Tá an Bord freagrach don Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta faoi údarás tarmligthe ón Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, rud a dhéanann sé trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treo an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ó lá go lá. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a dheimhniú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an gcomhlacht agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Is idirghabhálaí díreach é an POF idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, sna Buanorduithe a d'fhaomh an Bord, i Sceideal na bhFeidhmeanna Forchoimeádta agus Tarmligthe, ina luaitear chomh maith na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird. San áireamh ar na ábhair sheasta a bhreithníonn an Bord, tá:

- Dearbhú leasanna;
- Tuarascálacha ó Choistí;
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- Tuarascálacha feidhmíochta;
- Cúrsaí forchoimeádta

Ceanglaíonn Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar an Údarás gach cuntas cuí agus gnásúil ar gach airgead a fuair sé is a chaith sé a choinneáil i gcíbe foirm a cheadóidh an tAire Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- luaigh cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura mbíonn sé cuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta chearta a choimeád a nochtann a staid airgeadais le cruinneas réasúnta ag aon uair ar leith agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus cruinneas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh idirlín an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Ní mór meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta trí thagairt a dhéanamh don phlean agus buiséad bliantúil a dhéanamh go rialta ag cruinnithe an Údaráis.

Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Tá an Bord den tuairim go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta léargas fírinneach agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta amhail an 31 Nollaig 2024.

## Struchtúr an Bhoird

Bíonn Cathaoirleach, Leaschathaoirleach agus 10 ngnáthchomhalta ar an mBord, agus cheap an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhse trí bliana agus buaileann siad le chéile ar bhonn rialta. Tá tréimhse ceapacháin ár gcomhaltaí reatha liostaithe thíos:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|
| **Patricia Byron** | Cathaoirleach | Ceaptha 30/06/2023 |
| **Paul Kelly** | Leaschathaoirleach | Athcheaptha 20/12/2022 |
| **Bríd De Buitléar** | | Athcheaptha 11/08/2023 |
| **Ciarán Roche** | | Athcheaptha 11/08/2023 |
| **David Hughes** | | Athcheaptha 20/12/2022 |
| **Deirdre MacDonald** | | Athcheaptha 20/12/2022 |
| **Fiona Kilcullen** | | Ceaptha 25/09/2023 |
| **Frank Kelly** | | Athcheaptha 20/12/2022 |
| **Mary Coyne** | | Athcheaptha 11/08/2023 |
| **Michelle Quinn** | | Athcheaptha 20/12/2022 |
| **Padraig Somers** | | Ceaptha 20/12/2022 |
| **Terry O'Niadh** | | Ceaptha 30/06/2023 |

### Tá ceithre (4) Choiste bunaithe ag an mbord, atá le feiceáil thíos:

1. **An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais**: ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird. Is é cuspóir an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais ná tacú le Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ina fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht airgeadais, riosca, rialú agus rialachas corparáideach trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe maidir le freastal ar riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ndearbhuithe sin. Tá an Coiste neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, deimhníonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

   Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais le linn 2024 ná: Mary Coyne (Cathaoirleach), David Hughes, Frank Kelly agus Paul Kelly. Bhí ocht (8) gcruinniú ag an gCoiste in 2024. Reáchtáladh gach cruinniú go ó chian.

2. **An Coiste Stiúrtha Straitéisigh:** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Stiúrtha Straitéisigh ná breithniú a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach an Údaráis agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

   Ba iad comhaltaí an Choiste Stiúrtha Straitéisigh le linn 2024 ná: Patricia Byron (Cathaoirleach), Bríd De Buitléar, Paul Kelly, Michelle Quinn agus Fiona Kilcullen. Bhí trí (3) chruinniú ag an gCoiste Stiúrtha Straitéisigh le linn 2024.

3. **An Coiste Reachtaíochta agus Treorach**: ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Reachtaíochta agus Treorach (R&T) ná monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngnéithe reachtaíochta agus treorach de chlár oibre an Údaráis, agus scrúdú a dhéanamh ar thograí reachtaíochta, Cóid Chleachtais agus, más gá, Treoir a ghabhann leo, agus conclúidí agus/nó moltaí cuí a chur faoi bhráid an Bhoird.

   Ba iad comhaltaí an Choiste Reachtaíochta agus Treorach le linn 2024 ná: Deirdre MacDonald (Cathaoirleach), Padraig Somers, Ciarán Roche, Frank Kelly agus Michelle Quinn. Bhí ceithre (4) chruinniú ag an gCoiste Reachtaíochta agus Treorach in 2024.

4. **Coiste BNÉC**: Is Coiste den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC). Tá 11 chomhalta reatha agus folúntas amháin ar Bhord BNÉC, a dhéanann cinntí maidir le creidiúnú a bhronnadh, agus is é Bord an Údaráis a cheapann na comhaltaí sin. Níl aon chomhaltaí den Bhord ar an gCoiste seo.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas

Tá sceideal tinrimh do na cruinnithe Boird agus Coiste in 2024 leagtha amach thíos, na táillí agus na costais a fuair gach comhalta san áireamh:

| | An Bord | An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais | An Coiste Stiúrtha Straitéisigh | An Coiste Reachtaíochta agus Treorach | Táillí 2024 € | Speansais 2024 € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | **7** | **8** | **3** | **4** | | |
| Patricia Byron | 7 | | 3 | | 11,970 | - |
| Paul Kelly | 7 | 8 | 3 | | 7,695 | - |
| Bríd De Buitléar | 5 | | 3 | | 7,695 | - |
| Ciarán Roche | 7 | | | 4 | 7,695 | 1,578 |
| David Hughes | 7 | 6 | | | 7,695 | 956 |
| Deirdre McDonald | 7 | | | 4 | 7,695 | 4,622 |
| Fiona Kilcullen | 7 | | 3 | | - | - |
| Frank Kelly | 6 | 8 | | 3 | 7,695 | - |
| Mary Coyne | 7 | 7 | | | 7,695 | 3,072 |
| Michelle Quinn | 4 | | 3 | 3 | 7,695 | - |
| Padraig Somers | 6 | | | 4 | 7,695 | 224 |
| Terry O'Niadh | 7 | | | | 7,695 | 4,789 |
| | | | | | **88,920** | **15,241** |

Ní bhfuair Fiona Kilcullen táillí Boird faoin bprionsabal "Duine Aonair, Tuarastal Aonair" (DATA) mar is oifigeach í de chuid na Roinne Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta.

### Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Ní dhearnadh aon athruithe tábhachtacha ar phearsanra le linn 2024.

### Nochtaí a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Is é an Bord atá freagrach as a dheimhniú gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016.

In 2024, fuair Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, 25 nochtadh cosanta ó pháirtithe lasmuigh den Údarás agus a bhain le tríú páirtithe.

Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach ó bhaill foirne an Údaráis.

Ceanglaíonn an Cód orainn na nochtaí seo a leanas a dhéanamh:

### Costais Sainchomhairleoireachta

San áireamh orthu seo, tá costas comhairle seachtraí don bhainistíocht ach níl feidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre san áireamh.

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 54,047 | 51,983 |
| Comhairle airgeadais/achtúireach | 14,760 | 32,973 |
| Sainchomhairleoireacht TF | 423,979 | 1,015,980 |
| Cumarsáid Sheachtrach | 41,714 | 4,305 |
| Sainchomhairleoireacht sláinte ceirde | 6,765 | 53,375 |
| Forbairt Straitéisí | 156,401 | 37,659 |
| Acmhainní Daonna | 1,846 | - |
| **Costais Sainchomhairleoireachta san Iomlán** | **699,512** | **1,196,275** |

| | | |
|---|---|---|
| **Costais sainchomhairleoireachta chaipitlithe** | - | - |
| Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe | 699,512 | 1,196,275 |
| **Iomlán** | **699,512** | **1,196,275** |

## Costais agus Socruithe Dlí

Tugann an tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitigh eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a gearradh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a fuair an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí dlí – imeachtaí dlí | 49,314 | 61,507 |
| Íocaíochta comhréitigh agus eadrána | - | - |
| Socruithe | - | - |
| **Iomlán** | **49,314** | **61,507** |

San áireamh leis na costais dlí seo tá méid de €0 a bhaineann le cúinsí leanúnacha le gníomhaireachtaí Stáit eile.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar rangú ar chaiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| **Baile** | | |
| An Bord | 10,619 | 8,930 |
| Fostaithe | 1,557,455 | 1,275,036 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| An Bord | - | - |
| Fostaithe | 109,748 | 114,389 |
| **Iomlán** | **1,677,822** | **1,398,355** |

Áirítear leis caiteachas taistil agus cothaithe de €10,619 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2024 (2023: €8,930). D'íoc an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta caiteachas taistil idirnáisiúnta agus cothaithe de €0 thar ceann chomhaltaí an Bhoird in 2024 (2023: €0).

## Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | 20,252 | 9,040 |
| Fáilteachas do chliaint/eile | 935 | 1,168 |
| **Iomlán** | **21,187** | **10,208** |

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in 2016 agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm le deimhniú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú den chuid is mó in 2024.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## An raon freagrachta

Thar ceann comhaltaí Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, glacaim lenár bhfreagracht a chinntiú go gcoinneofar agus go n-oibreofar córas éifeachtach um rialú inmheánach. Cuireann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní cinnteacht iomlán atá sa chóras ach cinnteacht réasúnach go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus go ndéantar taifead cuí orthu, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Rinne an tÚdarás na bearta seo a leanas le cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialála i bhfeidhm:

- freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus beart ceartaitheach cuí a chinntiú;
- próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údaráis a chosaint; agus
- cultúr cuntasachta a fhorbairt i ngach leibhéal den eagraíocht.

## An Cumas chun dul i ngleic le Riosca

Chuir an tÚdarás na próisis seo a leanas ar bun chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas:

- cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an Údaráis a shainaithint, lena n-áirítear méid agus catagóirí an riosca a mheasann sé a bheith inghlactha;
- dóchúlacht na rioscaí aitheanta a mheas;
- measúnacht a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a bheidh ann a bhainistiú agus a mhaolú;
- measúnacht a dhéanamh ar chostais rialaithe ar leith a fheidhmiú i gcomhréir leis an sochar a bhaineann leo; agus
- oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna agus ar thacaíocht an Údaráis do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá an córas rialaithe inmheánach bunaithe ar chreatlach de ghnáthfhaisnéis bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis seo go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe a bhfuil buiséad bliantúil aige a chomhaontaíonn agus a athbhreithníonn an Bord;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte ceannaigh agus faofa atá sainmhínithe go soiléir; agus
- Disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadail.

Oibríonn Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais gníomhach, a tháinig le chéile ocht n-uaire i rith na bliana, go dlúth leis an mBord ar réimsí riosca a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an Údarás. Leagann an Bord amach an fonn riosca atá ar an Údarás, deimhníonn sé go bhfuil próisis bainistíochta riosca i bhfeidhm, agus mionsonraíonn sé na róil agus na freagrachtaí atá ag baill foirne i dtaca le riosca. Déanann clár rioscaí, ina sainaithnítear príomhrioscaí don Údarás, meastóireacht ar na rioscaí agus cuireann sé in ord iad de réir a ndóchúlachta agus de réir a n-iarmhairtí don Údarás, bunaithe ar mhaitrís scórála aontaithe. Déanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ag gach cruinniú.

Is féidir linn a dhearbhú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm do na réimsí seo a leanas:

- Tuairiscíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá córas buiséadaithe cuí ann, le buiséad bliantúil, ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, chun na sócmhainní a chosaint.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás, a oibríonn i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2016. Cabhraíonn gnólacht iniúchóirí neamhspleácha leis an Údarás chun an plean iniúchta inmheánaigh a d'fhaomh a Bord a chur i bhfeidhm. Braitheann obair an iniúchta inmheánaigh ar an anailís a dhéantar ar an riosca a nochtar an tÚdarás dó, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Tacaíonn Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais leis an anailís ar an riosca agus ar na pleananna iniúchóra inmheánaigh agus faomhann Bord an Údaráis iad. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, cuirfidh an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil faoi bhráid an Údaráis ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí. San áireamh leis an tuarascáil seo, tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar oiriúnacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Déanfaidh obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais, a mhaoirsíonn obair an iniúchóra inmheánaigh, an Feidhmeannas laistigh den Údarás a bhfuil an fhreagracht air as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ráitis a dhéanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile, déanfaidh siad eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun comhlíontacht le rialacha agus le treoirlínte soláthair a dheimhniú, agus gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta na nósanna imeachta sin den chuid is mó in 2024.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Rinne an Bord athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ar an 31 Márta 2025 le deimhniú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Chun eolas a dhéanamh don athbhreithniú a rinne sé ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, d'fhéach an Bord ar thuarascálacha bliantúla an Fheidhmeannais ar phróisis bainistíochta riosca agus bainistíochta sábháilteachta, chomh maith le sraith de thuarascálacha airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil ar Chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú. Féachadh ar na tuarascálacha sin agus ar thuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais agus tuarascálacha rialta an Iniúchóra Inmheánaigh. Rinne na hIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais i mí an Mhárta in 2025.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha in 2024. Tá dearbhú réasúnta ag an Údarás gur éifeachtach na córais rialuithe inmheánacha atá tionscanta agus atá curtha i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteacht don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laige i dtaca le rialú inmheánach i ndáil le 2024.

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta - Deontas Oireachtais | 2 | 31,864,977 | 27,999,054 |
| Ioncam Creidiúnaithe | 3 | 3,569,274 | 3,371,175 |
| Ioncam COMAH | 4 | 116,850 | 185,350 |
| Ioncam Eile | 5 | 444,851 | 501,472 |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha | 13 | 5,464,055 | 5,559,715 |
| | | 41,460,007 | 37,616,766 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Tuarastal | 6 | 19,376,762 | 17,154,303 |
| Costais Sochair Scoir | 13 | 7,503,977 | 7,014,054 |
| Costais Oibriúcháin | 8 | 12,764,029 | 12,987,426 |
| | | 39,644,768 | 37,155,783 |
| Barrachas /(Easnamh) roimh leithreasuithe | | 1,815,239 | 460,983 |
| Aistriú (chuig) / ó Chuntas Caipitil | 12 | (1,041,376) | (873,900) |
| Barrachas /(Easnamh) i ndiaidh leithreasuithe | | 773,863 | (412,917) |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir | | 1,205,244 | 1,618,161 |
| **Iarmhéid arna thabhairt ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | | **1,979,107** | **1,205,244** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí.

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

| | | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|---|
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain | | 773,863 | (412,917) |
| Gnóthachan/caillteanas ó thaithí maidir le hoibleagáidí sochair | | 3,424,000 | (165,000) |
| Athrú ar thoimhdí atá mar bhonn ag luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | | (11,487,000) | 5,408,000 |
| (Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha sa bhliain | 13 | (8,063,000) | 5,243,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha | | 8,063,000 | (5,243,000) |
| **(Easnamh)/Barrachas Iomlán don Bhliain** | | **773,863** | **(412,917)** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí.

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

| | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 3,274,846 | 2,233,470 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Suimeanna infhaighte | 1,419,240 | 1,331,389 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 1,705,609 | 1,606,684 |
| | 3,124,849 | 2,938,073 |
| **Dliteanais reatha (méideanna atá dlite faoi cheann bliana)** | | |
| Suimeanna iníoctha | (1,145,742) | (1,732,829) |
| Glansócmhainní Reatha | 1,979,107 | 1,205,244 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Shochair Scoir** | **5,253,953** | **3,438,714** |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha | 121,248,592 | 123,847,537 |
| Oibleagáid sochair scoir | (121,248,592) | (123,847,537) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | **5,253,953** | **3,438,714** |
| **Lena léirítear** | | |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | 1,979,107 | 1,205,244 |
| Cuntas Caipitil | 3,274,846 | 2,233,470 |
| | **5,253,953** | **3,438,714** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí.

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

| | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) oibriúchán don Bhliain | 773,863 | (412,917) |
| Dímheas | 555,454 | 376,415 |
| Aistriú (ó) / chuig Cuntas Caipitil | 1,041,376 | 873,900 |
| (Laghdú)/ Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | (587,087) | 697,077 |
| (Laghdú)/ Méadú ar Shuimeanna Infhaighte | (87,851) | (215,457) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **1,695,755** | **1,319,018** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe | 1,695,755 | 1,319,018 |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | (1,596,830) | (1,250,315) |
| **Glanmhéadú ar Airgead agus Coibhéisí Airgid** | **98,925** | **68,703** |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig 2023 | 1,606,684 | 1,537,981 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig 2024** | **1,705,609** | **1,606,684** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais sin iad na Nótaí seo a leanas.

# Nótaí

## (mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach le linn na bliana seo agus le linn na bliana roimhe.

**a) Faisnéis Ghinearálta**

Bunaíodh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 (tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 in ionad an achta seo). Tá feidhmeanna breise bronnta ar an Údarás ó shin faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, agus faoi reachtaíocht eile. Tá Ceannoifig an Údaráis san Fhoirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8.

Tá príomhchuspóirí an Údaráis leagtha amach in Alt 34 d'Acht 2005. Is ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) atá an fhreagracht fhoriomlán as sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a riar agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Déanann an tÚdarás monatóireacht chun a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht san ionad oibre agus gur féidir leis bearta forfheidhmithe (agus fiú ionchúisimh) a dhéanamh. Is é an tÚdarás an lárionad náisiúnta faisnéise agus comhairle d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe maidir le gach gné de shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre. Cuireann an tÚdarás oideachas, oiliúint agus taighde chun cinn i réimse na sláinte agus na sábháilteachta chomh maith. Tá raon leathan gníomhaíochta a thagann faoi shainchumas an Údaráis, lena n-áirítear:

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil.
- Feabhas ar shábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a chur chun cinn.
- Monarú, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- Feidhmiú mar údarás faireachais de réir na reachtaíochta baintí ar an margadh aonair Eorpach.
- Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú i gcomhréir sraith caighdeán ábhartha (ISO) 17000 Eagraíochta Idirnáisiúnta na gCaighdeán. Is é an comhlacht náisiúnta atá ag Éirinn laistigh de líonra Eorpach de chomhlachtaí creidiúnaithe. Déanann BNÉC measúnú ar chomhlachtaí creidiúnaithe, comhlachtaí saotharlainne agus imscrúdaithe chun a dheimhniú go gcomhlíonann siad na caighdeáin chomhchuibhithe idirnáisiúnta, rud a dhearbhaíonn go léiríonn na comhlachtaí seo inniúlacht agus cumas feidhmíochta agus iad i mbun a gcuid oibre.

Bunaíodh BNÉC mar Choiste de chuid Forfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 arna leasú le hAlt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998.

Faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh), 2014, rinneadh Coiste den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta de BNÉC, agus aistríodh feidhmeanna agus foireann iomlán BNÉC chuig an Údarás.

Is é an tÚdarás an comhlacht a bhfuil freagracht dlí air as creidiúnú. Tarmligtear an fhreagracht sin chuig an gCoiste (a dtugtar an Bord Creidiúnaithe air i reachtaíocht 2014). Ceapann Bord an Údaráis an Bord Creidiúnaithe agus is fostaithe de chuid an Údaráis iad an fhoireann a shanntar le BNÉC chun na feidhmeanna laethúla a chomhlíonadh.

**Is Eintiteas ar mhaithe le Leas an Phobail (PBE) é an tÚdarás.**

**b) Ráiteas Comhlíontachta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

# Nótaí

## (mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

**c) Bonn Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar luach cóir iad faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm a cheadaigh an tAire Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta maidir le déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an ghrúpa agus an Údaráis.

**d) Ioncam**

<u>Deontais an Oireachtais</u>

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhraithe; eisceacht amháin leis seo is ea cás Dheontais an Oireachtais, a aithnítear ar bhonn admhálacha airgid. Tugann Deontais an Oireachtais, a thaispeántar sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, léiriú ar an méid a fuarthas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) le linn na bliana.

<u>Ioncam BNÉC</u>

**Léiríonn ioncam do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) ioncam a sonrascadh le linn na bliana.**

<u>Ioncam COMAH</u>

**Ioncam ó chostais in-aisghabhála a sonrascadh le linn na bliana as imscrúduithe agus fiosruithe a dhéanamh faoi Rialacháin an Achta Ceimiceán 2015.**

<u>Ioncam Eile</u>

**Taifeadtar gach ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.**

**e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon fhoráil le haghaidh bearnú. Foráiltear do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide an luach iarmharach measta a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Troscán agus trealamh oifige | 20% | De Réir Méid Cothrom |
| Trealamh Ríomhaireachta | 33.33% | De Réir Méid Cothrom |
| Trealamh Eolaíochta | 20% | De Réir Méid Cothrom |
| Daingneáin agus Feistis | 10% | De Réir Méid Cothrom |
| Forbairt Bogearraí | 10% | De Réir Méid Cothrom |

Feidhmíonn an tÚdarás beartas tairsí caipitlithe €1,000.

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair dá ndiúscrófaí sócmhainn, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus sa bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú ar luach na sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

# Sleachta ó na Nótaí

## (mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

**f) Cuntas Caipitil**

Cuimsíonn an Cuntas Caipitil an luach gan amúchadh na ndeontas a úsáidtear chun sócmhainní seasta a chistiú.

**g) Airgeadraí Eachtracha**

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais atá in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag dáta an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Aistrítear ioncaim agus costais de réir na rátaí malartaithe i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart bunaidh.

Déileáiltear le brabúis agus caillteanais a eascraíonn as aistrithe airgeadraí eachtracha agus ar shocrú suimeanna infhaighte agus iníoctha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cuntas Cúlchistí Coinnithe.

**h) Suimeanna Infhaighte**

Aithnítear suimeanna infhaighte ar a luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

**i) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin má tá méaduithe cíosa a bhaineann leis an ráta measta boilscithe, sa chás sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

**j) Sochair Fostaithe**

<u>Sochair Ghearrthéarmacha</u>

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana sna Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

<u>Sochair Scoir</u>

Bhunaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a scéim pinsin le sochar sainithe féin roimhe seo, scéim a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a chuireann an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) ar fáil agus le ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne agus na mball. Oibríonn an tÚdarás Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") freisin, sin scéim le sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin atá gnóthaithe ag fostaithe agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an RFTF agus an RCPA. Aithnítear mar ioncam méid a fhreagraíonn don táille pinsin sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus fritháirithe ag deontais a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón RFTF.

Léiríonn na ráitis airgid, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis agus aon mhaoiniú eile a bhaineann leo agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina ngnóthaíonn na fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach leis an modh creidmheasa aonaid measta.

**k) Forálacha**

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an Údarás mar thoradh ar imeachtaí a tharla roimhe sin; is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach; is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

# Sleachta ó na Nótaí

## (mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

**l) Teagmhais**

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as imeachtaí a tharla roimhe sin nuair (i) nach dóigh go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nach féidir an tsuim a mheas go hiontaofa ar an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar gurb ann dó nuair a tharlaíonn nó nach dtarlaíonn imeachtaí éiginnte sa todhchaí nach bhfuil smacht iomlán ag an Údarás orthu. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin má tá an baol eis-sreafa fánach.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadas nuair is dóigh go mbeidh sreabhadh sochar eacnamaíoch ann.

**m) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta**

Ceanglaíonn ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna sócmhainní agus dliteanas a thuairiscítear amhail an dáta tuairiscithe, agus ar na suimeanna ioncaim agus costas a thuairiscítear le linn na bliana. Pé scéal é, mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir na torthaí iarbhír agus na suimeanna sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas.

<u>Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh</u>

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh bearnaithe nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar imthosca le fios gur féidir nach mbeifear in ann an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe don mhéid ar mó suim ghlanluacha na sócmhainne ná a suim in-aisghabhála. Is ionann an tsuim in-aisghabhála agus an ceann is mó de luach cóir sócmhainne lúide costais lena díol agus a luach úsáide. Chun bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais ar bhain bearnú leo, le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

<u>Dímheas agus Luachanna Iarmharacha</u>

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha na n-aicmí sócmhainní seasta ar fad, go háirithe saolréanna eacnamaíocha úsáideacha agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain siad de thátal as sin go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

<u>Forálacha</u>

Déanann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta forálacha do na hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe arb eol dó go bhfuil siad gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Bunaítear na forálacha sin ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, coigeartaithe do na treochtaí is deireanaí nuair is gá. Is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí ar féidir nach dtarlóidh siad go ceann roinnt blianta eile, áfach. Mar thoradh air seo agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

<u>Oibleagáid Sochair Scoir</u>

Déantar nuashonrú bliantúil, bunaithe ar na dálaí eacnamaíocha reatha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir, ar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha óna ndéantar amach na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta do chostais cúraim sláinte).

Is féidir leis na rudaí seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán;

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo; agus

(iii) rátaí treochta do chostais cúraim sláinte, ráta boilscithe costas leighis sna réigiúin ábhartha.

# Sleachta ó na Nótaí

## (mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

### 2. DEONTAIS AN OIREACHTAIS

| | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|
| R/FTF - Vótáil 32 - Fotheideal C5 | 32,785,000 | 28,909,000 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaithe a cuireadh ar aghaidh chuig R/FTF | (572,083) | (646,408) |
| Ranníocaíochtaí na Scéime Aonair a cuireadh ar aghaidh chuig R/CPA | (347,940) | (263,538) |
| | **31,864,977** | **27,999,054** |

I ndiaidh comhráite leis an Roinn, cuireadh socrú nua i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, trína bhfaigheann an tÚdarás maoiniú breise anois mar mhír líne scoite ina leithdháileadh Deontais Státchiste gach bliain i leith íocaíochtaí cnapshuime agus cuireann an tÚdarás gach ranníocaíocht aoisliúntais fostaithe ar aghaidh chuig an Roinn gach mí.

### 3. IONCAM CREIDIÚNAITHE

| | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|
| Ioncam Creidiúnaithe | 3,569,274 | 3,371,175 |

I ndiaidh dhíscaoileadh Forfás in 2014, aistríodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an BNÉC freagrach as gníomhaíochtaí creidiúnaithe is cuireann sé sonraisc chuig cliaint as obair a dhéantar.

### 4. IONCAM COMAH

| | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|
| Ioncam COMAH | 116,850 | 185,350 |

In 2016, thug an tÚdarás sceideal táillí isteach do ghníomhachtaí éagsúla imscrúdaithe agus fiosraithe faoi Rialacháin an Achta Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2015.

# Sleachta ó na Nótaí

## (mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

### 5. IONCAM EILE

| | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|
| Ioncam a bhaineann le Cúrsa Oiliúna Tiománaithe | 34,737 | 50,000 |
| Fíneálacha IECB[1] | 5,600 | 9,300 |
| Ioncam ECHA[2] | - | 10,930 |
| Ilghnéitheach (Seimineáir, Costais Dlí, Finnéithe, an Coimisiún Eorpach) | 74,514 | 103,964 |
| Ioncam Sábháilteachta Feirme[3] | 330,000 | 331,521 |
| | **444,851** | **501,472** |

1 Baineann ioncam fíneálacha IECB le fíneálacha a d'eisigh cigirí as reachtaíocht a shárú i dtaca le hearraí contúirteacha a iompar.

2 Baineann ioncam ECHA le fostú cigirí an Údaráis chun obair a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán.

3 Cistí a fuarthas ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i leith gníomhaíochtaí sábháilteachta feirme.

### 6. COSTAIS TUARASTAIL

| | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 17,590,052 | 15,614,889 |
| ÁSPC Fostóra | 1,786,810 | 1,539,414 |
| **Costais Iomlána Tuarastal** | **19,376,762** | **17,154,303** |

#### Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | | |
|---|---|---|
| Bunphá | 17,537,485 | 15,539,502 |
| Ragobair | 32,932 | 31,078 |
| Liúntais | 19,635 | 44,309 |
| Costais chúitimh eile | - | - |
| | **17,590,052** | **15,614,889** |

Is féidir leis an Údarás a dhearbhú nach ndearnadh aon íocaíocht foirceanta le linn na bliana 2024.

# Sleachta ó na Nótaí

## (mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

### 6. COSTAIS TUARASTAIL *(ar lean)*

**Líon Foirne**

| | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 |
|---|---|---|
| Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana – Proifisiúnta/Teicniúil | 174 | 156.3 |
| Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana - Riarachán | 101 | 99.6 |
| | **275** | **255.9** |

Baineadh €653,044 (2023: €597,539) de thobhach pinsin asbhainte ó bhaill foirne agus íocadh leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta é.

| | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|
| **Luach Saothair an POF agus POF Eatramhaigh** | | |
| Luach Saothair an POF Pá Comhlán | 169,769 | 93,619 |
| Luach Saothair an POF Eatramhaigh Pá Comhlán | - | 73,193 |
| **Taisteal agus Cothabháil an POF agus POF Eatramhaigh** | | |
| Costais Taistil an POF | 1,208 | 1,549 |
| Costais Taistil an POF Eatramhaigh | - | 4,219 |

Fuair an POF tuarastal €169,769 agus speansais ar luach €1,208 in 2024. Ceapadh an POF ar an 29 Bealtaine 2023.

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon bhónas ná peorcais sa bhliain.

Tá teidlíochtaí sochair scoir an POF i gcomhréir leis na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim samhla aoisliúntais sochair na hearnála poiblí.

**Miondealú ar Shochair Fostaithe**

| Raon na sochar fostaithe iomlán | | Líon Fostaithe |
|---|---|---|
| Ó Chuig | 2024 | 2023 |
| €60,000 - €69,999 | 42 | 42 |
| €70,000 - €79,999 | 51 | 40 |
| €80,000 - €89,999 | 34 | 26 |
| €90,000 - €99,999 | 10 | 17 |
| €100,000 - €109,999 | 7 | 5 |
| €110,000 - €119,999 | 7 | 3 |
| €120,000 - €129,999 | 1 | 4 |
| €130,000 - €139,999 | 4 | 0 |
| €140,000 - €149,999 | 0 | 1 |
| €150,000 - €159,999 | 0 | 0 |
| €160,000 - €169,999 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **157** | **138** |

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca leis na seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre, agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostóra, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra leo.

# Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

## 7. TÁILLÍ AGUS COSTAIS NA gCOMHALTAÍ

| **Comhalta Boird** | **2024 Táillí €** | **2024 Speansais €** | **2023 Táillí €** | **2023 Speansais €** |
|---|---|---|---|---|
| Patricia Byron (Cathaoirleach) | 11,970 | - | 5,985 | 133 |
| Paul Kelly (Leaschathaoirleach) | 7,695 | - | 7,695 | - |
| Bríd De Buitléar | 7,695 | - | 7,695 | - |
| Ciarán Roche | 7,695 | 1,578 | 7,695 | 953 |
| David Hughes | 7,695 | 956 | 7,695 | 375 |
| Deirdre McDonald | 7,695 | 4,622 | 7,695 | 3,069 |
| Fiona Kilcullen | - | - | - | - |
| Frank Kelly | 7,695 | - | 7,695 | - |
| Mary Coyne | 7,695 | 3,072 | 7,695 | 2,110 |
| Michelle Quinn | 7,695 | - | 7,695 | - |
| Padraig Somers | 7,695 | 224 | 7,695 | 314 |
| Terry O'Niadh | 7,695 | 4,789 | 3,848 | 1,976 |
| | **88,920** | **15,241** | **79,088** | **8,930** |

# Sleachta ó na Nótaí

## (mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

### 8. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN


| | Iomlán 2024 € | Iomlán 2023 € |
|---|---|---|
| Cóiríocht | 1,760,648 | 1,975,127 |
| Costais chumarsáide | 312,420 | 243,884 |
| Taisteal agus cothú - náisiúnta | 1,568,074 | 1,283,966 |
| Taisteal agus cothú - idirnáisiúnta | 109,748 | 114,389 |
| Foilseacháin agus margaíocht | 1,023,097 | 1,147,896 |
| Seirbhísí dlí | 103,361 | 113,490 |
| Taighde | 73 | 1,531 |
| Seirbhísí airgeadais | 530,307 | 558,315 |
| Pinsin agus acmhainní daonna | 47,580 | 43,787 |
| Sainchomhairleoireacht eile | 1,398,192 | 958,747 |
| Creidiúnú – costais an mheasúnóra sheachtraigh | 1,578,504 | 1,260,939 |
| Athbhreithniú ar phróiseas gnó | 1,187,982 | 1,319,773 |
| Costais foirne | 589,245 | 816,489 |
| Soláthairtí trealamh ginearálta | 187,223 | 195,232 |
| Infheistíocht san fhoghlaim | 510,225 | 407,734 |
| Costais teicneolaíochta | 897,584 | 1,821,746 |
| Dímheas | 555,454 | 376,415 |
| Táillí iniúchta inmheánaigh | 38,888 | 31,953 |
| Táillí Iniúchta sheachtraigh | 22,500 | 21,200 |
| Táillí na gcomhaltaí | 89,525 | 84,381 |
| Eile | 243,620 | 210,432 |
| Drochfhiacha | 9,779 | - |
| | **12,764,029** | **12,987,426** |

San áireamh i gcostais oibríochta tá muirear de €21,187 (2023: €10,208) i leith méideanna a d'íoc an tÚdarás le haghaidh foireann/fáilteachas eile.



# Aguisín 3:
# Iniúchtaí, Fiosrúcháin agus Ionchúisimh

**Tábla 3.1** Líon na n-iniúchtaí agus na bhfiosrúchán san ionaid oibre 2015–2024




**Tábla 3.2** Líon na n-iniúchtaí ar ionaid oibre ag an earnáil gheilleagair 2024

| Earnáil gheilleagair | Iniúchtaí |
|---|---|
| Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht | 1,480 |
| Mianadóireacht agus cairéalú | 370 |
| Déantúsaíocht | 1,531 |
| Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe | 328 |
| Soláthar uisce, córas séarachais, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin | 499 |
| Foirgníocht | 2,579 |
| Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar | 1,353 |
| Iompar agus stóráil | 701 |
| Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia | 528 |
| Faisnéis agus cumarsáid | 81 |
| Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais | 14 |
| Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh | 22 |
| Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla | 93 |
| Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin | 270 |
| Riarachán poiblí agus cosaint, slándáil shóisialach éigeantach | 304 |
| Oideachas | 240 |
| Gníomhaíochtaí maidir le sláinte an duine agus oibre sóisialta | 738 |
| Na hEalaíona, siamsaíocht agus caitheamh aimsire | 244 |
| Earnálacha eile | 148 |
| **Iomlán** | **11,523** |

**Tábla 3.3** Líon na n-iniúchtaí san ionad oibre (SSC agus ceimiceáin) 2024

| SSC agus clár fiosraithe ceimiceán 2024 | |
|---|---|
| **Fiosrú ar thimpistí/tharluithe contúirteacha** | **135** |
| **Eile** | **9** |
| **Iomlán** | **144** |

**Tábla 3.4** Toradh na n-ionchúiseamh a cuireadh i gcrích in 2024

| Cineál imeachtaí | Líon iomlán a éisteadh | Caite amach | Á n-achomharc | Pianbhreith ar fionraí | Pianbhreith choimeádta | Seirbhís Pobail | An tAcht Promhaidh | Ordú Cúitimh | Fíneálacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar Díotáil | 9 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | €1,437,000 |
| Go hAchomair | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | €3,000 |
| **Iomlán** | **11** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **2** | **0** | **€1,440,000** |

**Tábla 3.5** Sonraí na n-ionchúiseamh a cuireadh i gcrích in 2024 (gan cásanna a caitheadh amach san áireamh)

## Ionchúisimh ar díotáil

**Ionchúiseamh Duine Aonair**

Ar an 16 Eanáir 2024, éisteadh an cás seo i gCúirt Dúiche Chill Mocheallóg. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 13 Nollaig 2022 i mBrú Rí, Contae Luimnigh, an cúisí, atá mar Stiúrthóir ar an gcliant de réir bhrí na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013, theip ar an gcliant sin Maoirseoir Tionscadail inniúil a cheapadh i scríbhinn don Chéim Tógála le haghaidh síneadh a thógáil ar sheid talmhaíochta ar fheirm.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Rialachán 6(1)(b) contrártha d'Alt 77(2)(c)<br><br>contrártha d'Alt 80(1) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013<br><br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €2,500 |

**Loftus Heritage Teoranta**

Ar an 25 Márta 2024, éisteadh an cás seo i gCúirt Dúiche Loch Garman. Phléadáil an cúisí ciontach i dtrí chúiseamh. Ar an 6 Eanáir 2023 ag The Village Inn, an tSráid Mhór, Ceann Poill, Co. Loch Garman, theip ar an gcúisí, agus iad ina bhfostóir, a ngníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a dhéanamh ar bhealach a chinntigh, a mhéid a bhí indéanta go réasúnta, nach raibh daoine ag an ionad oibre (nach fostaithe dá gcuid iad) i mbaol rioscaí dá sábháilteacht, dá sláinte agus dá leas. Go sonrach, theip ar Loftus Heritage Teoranta bearta rialaithe iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le hobair ag airde, theip orthu ardán rochtana a úsáid faoi bhun na háite oibre, theip orthu cosaint imeall oiriúnach a shuiteáil ag an áit oibre, theip orthu trealamh pearsanta cosanta titime a úsáid, theip orthu líontán sábháilteachta a shuiteáil agus lig siad do dhuine neamhúdaraithe rochtain a fháil ar dhíon na háite oibre agus dá bharr sin, bhain gortuithe pearsanta dó agus fuair sé bás.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €500 |
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |
| Rialachán 6(1)(b) contrártha d'Alt 77(2)(c) | Curtha san áireamh | Curtha san áireamh | |

# Ionchúisimh ar díotáil

**McGrath Industrial Waste Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar an 8 Feabhra 2024, i gCúirt Chuarda Shligigh. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 11 Nollaig 2018 ag Eastát Tithíochta Castle Burn, theip ar an gcúisí, agus iad ina bhfostóir, sábháilteacht, sláinte agus leas a bhfostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid a bhí indéanta go réasúnta, i ndáil le hoibriú RCV chun boscaí bruscair rothaí a bhailiú ag fostaithe i ndáil le háit oibre faoina smacht, áit a raibh an fheithicil sin lochtach agus neamhshábháilte. Bhí an fheithicil sin dainséarach toisc nach raibh braiteoirí an chláir coise ag feidhmiú sa mhéid is nach raibh siad suite i gceart agus nach raibh siad dírithe ar oibrithe a bhí ina seasamh ar na cláir coise, athraíodh an sreangú chuig an braiteoir neastaobh agus mar gheall air sin ní raibh aon soláthar cumhachta ag dul chuig an mbraiteoir neastaobh ar féidir leis, de ghnáth, córais sábháilteachta na braiteoirí a ghníomhachtú, cuireadh an córas teorannaithe luais shábháilte ar ceal agus bhí na bacainní sábháilteachta cúil a chuireann cosc ar oibreoir dul isteach sa chrios neamhshábháilte ardaitheora ag cúl na feithicle as feidhm. Ina theannta sin, ceadaíodh d'fhostaí oibriú ar an bhfeithicil sin.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €13,500 |
| Alt 8(1) agus 8(2)(e), contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €13,500 |

**Shannon Valley Plant Hire Teoranta**

Ar an 19 Márta 2024, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 28 Deireadh Fómhair 2021 ag Cairéal Behan, Ráth Cúil, Co. Bhaile Átha Cliath, theip ar an gcúisí, mar dhuine a bhí i gceannas ar áit oibre nach láthair oibre baile é, a chinntiú go raibh an áit oibre sin sábháilte agus gan riosca don tsláinte sa mhéid nach raibh soilsiú leordhóthanach i bhfeidhm le haghaidh oibre lasmuigh d'uaireanta sholas an lae, nach raibh maor tráchta i bhfeidhm le linn an phróisis athbhreoslaithe, nach raibh deighilt cheart daoine agus gléasra agus innealra ann, agus nár múchadh gléasra agus meaisín le linn an phróisis athbhreoslaithe, agus mar thoradh air sin bhain gortú pearsanta do dhuine go pearsanta agus fuair siad bás.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 15(3) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €600,000 |

**L. Behan Aggregates & Recycling Teoranta**

Ar an 19 Márta 2024, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 28 Deireadh Fómhair 2021 ag Cairéal Behan, Ráth Cúil, Co. Bhaile Átha Cliath, theip ar an gcúisí, mar oibreoir an chairéil, a chinntiú go raibh treoracha agus nósanna imeachta oibriúcháin oiriúnacha i bhfeidhm sa chairéal chun trealamh oibre a úsáid go sábháilte, go háirithe athbhreoslú gléasra agus innealra a bhí ag obair sa chairéal sin lasmuigh d'uaireanta solais.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Rialachán 14(a) contrártha d'Alt 77(2)(c) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €50,000 |

**Esker Readymix Unlimited Teoranta**

Ar an 20 Márta 2024, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda na Gaillimhe. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 16 Meán Fómhair 2020, ag áit oibre san Eiscir, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, theip ar an gcúisí, agus iad ina bhfostóir, a chinntiú gur dréachtaíodh agus gur leanadh rialacha tráchta iomchuí nuair a bhí trealamh oibre, eadhon sluasaid lódála Volvo L150F, ag bogadh timpeall san áit oibre sin i gcúinsí ina raibh an tsluasaid lódála sin agus coisithe ag bogadh timpeall san áit oibre chéanna.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Rialachán 41(a) contrártha d'Alt 77(2)(c) | Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €110,000 |

**Padraig Thornton Waste Disposal Teoranta**

Ar an 8 Aibreán 2024, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 19 Márta 2020 ag Eastát Dhún an Oir, an Seanbhábhún, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, theip ar an gcúisí, agus iad ina bhfostóir, sábháilteacht, sláinte agus leas a bhfostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid a bhí indéanta go réasúnta, i ndáil le hoibriú RCV chun boscaí bruscair rothaí a bhailiú ag fostaithe i ndáil le háit oibre. Bhí an RCV 07 D 90418 sin lochtach agus dainséarach go háirithe sa chaoi is go raibh an clár coise neastaobh agus an clár coise ar an taobh thall damáiste, nach raibh córas braiteora an chláir coise ag feidhmiú mar gur athraíodh é chun feidhm na laisce braiteora gaireachta a chur ó mhaith, nach raibh an lasc braiteora gaireachta ar an taobh thall ag obair agus go raibh an dá fhuinneog Peirspéacs a bhí feistithe i dtaobhphainéil an ardaitheora boscaí bruscair ag cúl na feithicle bailithe dramhaíola ar iarraidh. Theip ar an gcúisí an fheithicil bhailithe bruscair a chothabháil ar bhealach a laghdódh na rioscaí d'úsáideoirí an trealaimh oibre agus do dhaoine eile ag an obair.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €60,000 |
| Rialachán 31(c) contrártha d'Alt 77(2)(c) | Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |

**Stuart & Lyndon Smith Teoranta**

Ar an 25 Aibreán 2024, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda Choiriúil Chorcaí. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 26 Meitheamh 2021 i Ráth na Ruachtaí, Inis Eonáin, Co. Chorcaí, theip ar an gcúisí, agus iad ina bhfostóir, an obair a bhí á déanamh ag daoine aonair ag an ionad oibre (nach fostaithe dá gcuid iad) a bhainistiú go sábháilte, sa mhéid is nár éirigh leis an gcúisí a chinntiú go bhfanfadh sciath tharathair de chóras iompair tarathair CanAGRO i bhfeidhm le linn oibríochta agus dá bharr sin bhain gortuithe pearsanta do dhuine nach fostaí iad.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | PIONÓS |
|---|---|---|---|
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €65,000 |
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |

**Ionchúiseamh Duine Aonair**

Ar an 8 Bealtaine 2024, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda an Náis. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 25 Márta 2019 ag Áth na Bearú, Bóthar Mhainistir Eimhín, Baile Átha Í, Co. Chill Dara, theip ar an gcúisí, ar iad duine a raibh smacht acu ar áit oibre nach láthair oibre baile é, a chinntiú go raibh an áit oibre sin sábháilte agus gan riosca don tsláinte. Theip ar an gcúisí a chinntiú gur áit oibre shábháilte a bhí sa chóras ardáin obair ar airde a cuireadh ar fáil – ina raibh forcardaitheoir, túir agus dréimirí scafalra seiftithe – agus go háirithe bhí an t-ardán oibre ar airde easnamhach sa mhéid is nach raibh cosaint imeall leordhóthanach air, agus bhí an ráille láimhe adhmaid ar ardán uachtarach an chórais lochtach agus briste. Mar thoradh air sin, thit duine, bhain gortuithe pearsanta tromchúiseacha dóibh agus fuair siad bás.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 15(1) agus (3) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €125,000 |
| Alt 14(b) contrártha d'Alt 77(2)(b) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |
| Rialachán 6(1)(a) agus 6(3)(a) contrártha d'Alt 77(2)(c) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013<br><br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |
| Rialachán 6(1)(b) agus 6(3)(b) contrártha d'Alt 77(2)(c) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013<br><br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |

**Ionchúiseamh Duine Aonair**

Ar an 8 Bealtaine 2024, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda an Náis. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 25 Márta 2019 in Áth na Bearú, Bóthar Mhainistir Eimhín, Co. Chill Dara, theip ar an gcúisí, agus iad ina bhfostóir, guais a aithint san áit oibre sin – go háirithe na guaiseacha a bhaineann le hobair ar airde agus rochtain agus imeacht ó obair ar airde – theip orthu na rioscaí a bhain leis an nguais sin a mheas agus theip orthu ráiteas scríofa a bheith aige faoi na rioscaí sin do shábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €50,000 |
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |

**Nitrofert Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar an 13 Bealtaine 2024 i gCúirt Chuarda Loch Garman. Phléadáil an cúisí ciontach in sé chúiseamh. Ar an 11 Deireadh Fómhair 2019 nó tuairim is an dáta sin, sa Ráithín, Ros Mhic Thriúin, Co. Chill Chainnigh, theip ar an gcúisí, mar fhostóir, a chinntiú, le linn na hoibre a bhí ar siúl, nach raibh daoine aonair san ionad oibre, nach fostaithe dá gcuid iad, i mbaol rioscaí dá sábháilteacht, dá sláinte nó dá leas, go háirithe sa mhéid is nach raibh sciatha nó gléasanna cosanta leordhóthanacha ag baint le páirteanna gluaisteacha innealra laistigh den ghléasra peallacála agus pailléadaithe san áitreabh sin, áit a raibh duine aonair ag obair, chun rochtain ar chriosanna contúirteacha a chosc nó chun gluaiseacht páirteanna contúirteacha a stopadh sula sroichtear na criosanna contúirteacha, agus mar thoradh air sin bhain gortuithe pearsanta do dhuine agus fuair siad bás.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €200,000 |
| Alt 15(3) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €150,000 |
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |
| Alt 15(3) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |
| Rialachán 33(e) contrártha d'Alt 77(2)(c) | Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Curtha san áireamh | |

# Aguisín 4:
# Ionadaíocht AE agus idirnáisiúnta 2024

Mar Údarás Inniúil (ÚI) agus an ceannasaí náisiúnta ar reachtaíocht SSC, ceimiceán agus faireachais margaidh, ghlac an ÚSS páirt ghníomhach i roinnt coistí AE agus idirnáisiúnta agus grúpaí oibre saineolaithe le linn 2024. Mar an ÚI do Chlárú, Meastóireacht Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) substaintí agus meascán, ghlac an tÚdarás páirt i raon cruinnithe ÚI/Údarás Náisiúnta Ainmnithe (ÚNA) an AE. Ghlac BNÉC páirt i gcruinnithe Eorpacha agus idirnáisiúnta chomh maith agus rinne sé ionadaíocht ar Éirinn iontu.

Chuir an ÚSS seasamh na hÉireann in iúl go héifeachtach chun tionchar a imirt ar thoradh chun go rachadh sé chun sochair na hÉireann nó nach rachadh sé chun dochair di. Chomh maith leis sin, chuir an ÚSS ionchur teicniúil, eolaíoch agus beartais ar fáil ar leibhéal an AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta, mar a d'iarr an tAire agus an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF).

Ní liosta cuimsitheach an liosta thíos de na príomhchruinnithe ar fhreastail an ÚSS orthu in 2024.

| Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - SSC | Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (CCSH) (lena n-áirítear Grúpa Sainleasa an Rialtais) | 2 |
| Grúpa Oibre CCSH ar Ionaid Oibre | 3 |
| Grúpa Oibre CCSH ar Threalamh Scáileán Taispeána | 3 |
| Bord Bainistíochta EU-OSHA | 2 |
| Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair (CCSS) | 2 |
| Grúpa Oibre CCSS um Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe Ginearálta | 2 |
| Grúpa Oibre CCSS um Cheimiceáin | 8 |
| Grúpa Oibre Bitheolaíoch CCSS | 3 |
| Divex CCSS | 2 |
| **Iomlán** | **27** |

| Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta – Ceimiceáin | Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Straitéis Ceimiceán an AE um Inbhuanaitheacht | 1 |
| An Coiste um Airteagal 133 REACH | 7 |
| ÚI agus foghrúpaí um Rialacháin REACH agus CLP | 4 |
| Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) | 6 |
| Coiste um Measúnú Riosca (CMR) ECHA | 12 |
| Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CAS) ECHA | 4 |
| Coiste na mBallstát (MSC) ECHA | 8 |
| Fóram ECHA um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú REACH, CLP agus Rialachán Rotterdam | 12 |
| Grúpa Saineolaithe um Shuaiteoir Inchríneach ECHA | 1 |
| Grúpa Saineolaithe PBT ECHA | 2 |
| Grúpa Stiúrtha ECHA HelpNet do Dheasca Cabhrach na mBallstát | 9 |
| Bainistíocht agus Measúnú Riosca ECHA (RiME+) (Ceimiceáin) | 4 |
| Sainghrúpa um Nochtadh ECHA REACH | 2 |
| Sainghrúpa Oibre an Choimisiúin Eorpaigh (CE) ar 'Substaint amháin, measúnú amháin' | 2 |
| Coiste Seveso an AE d'Údaráis Inniúla | 3 |
| Sainghrúpa an CE um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a bhaineann le Substaintí Contúirteacha ("Sainghrúpa Seveso") | 1 |
| Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha | 1 |
| Coiste an AE um Iompar Earraí Contúirteacha | 1 |
| Sainghrúpa an AE maidir le hIompar Earraí Contúirteacha | 4 |
| Grúpa Oibre Teicniúil ar Chigireachtaí Seveso (TWG 2) | 1 |
| Comhchruinniú na Náisiún Aontaithe | 1 |
| Grúpa Oibre Neamhfhoirmiúil um Iompar Dramhaíola Guaisí (Comhchruinniú RID/IECB/ADN) | 2 |
| Grúpa Oibre Neamhfhoirmiúil ar Fheithiclí Leictreacha agus an Comhshaol (UN WP 15) | 3 |
| Grúpa Comhordaithe Náisiúnta ECFE | 2 |
| **Iomlán** | **93** |

| Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - táirgí tionsclaíocha agus faireachas margaidh | Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Grúpa Comhair Riaracháin an AE um an Treoir maidir le Brú-Threalamh Iniompartha | 2 |
| Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le hInnealra | 2 |
| Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le Brú-Threalamh | 1 |
| Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le hArdaitheoirí | 1 |
| Sainghrúpa an AE um an Treoir maidir le hArdaitheoirí | 2 |
| Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) | 1 |
| Sainghrúpa TCP an AE | 2 |
| Coiste Comhairleach an AE um Threoir ATEX (trealamh d'atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach) | 2 |
| An Coiste Comhairleach ar an Rialachán maidir le Fearais Gháis | 2 |
| Grúpa Oibre an AE um an Treoir maidir le hInnealra | 2 |
| Grúpa Oibre Idirnáisiúnta um Iompar Dramhaíola Guaisí | 2 |
| Tascghrúpa um Innealra Talmhaíochta | 2 |
| Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha Táirgí Tionsclaíocha an AE (Sábha ciorclacha/ Ardaitheoirí siosúrtha) | 4 |
| **Iomlán** | **25** |

| Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - Creidiúnú | Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Coistí Teicniúla agus Beartais agus grúpaí oibre an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) [Saotharlann, Imscrúdú, Comhchuibhiú, Deimhniú, Comhaontú Iltaobhach, Comhthionól Ginearálta] | 19 |
| Coistí Teicniúla agus Beartais agus grúpaí oibre an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne [Saotharlann, Imscrúdú, Comhthionól Ginearálta] | 10 |
| Coistí Teicniúla agus Beartais agus grúpaí oibre an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin [Deimhniú, Comhthionól Ginearálta] | 9 |
| Coistí agus grúpaí oibre an Choimisiúin Eorpaigh agus an ECFE ar Dhea-chleachtas Saotharlainne (DCS) | 3 |
| Cruinnithe AE agus CE ar reachtaíocht a mbíonn tionchar aici ar chreidiúnú | 2 |
| **Iomlán** | **43** |

# Aguisín 5:
# Cóid Chleachtais agus doiciméid threorach críochnaithe in 2024

## Cóid Chleachtais

Cód Cleachtais nuashonraithe 2024 an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) Caighdeán Éireannach 820:2019 suiteálacha gáis nach gás tí é.

Cód Cleachtais 2024 do na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (2001-2021) agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí, Só-ghineacha agus Substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh) (2024).

## Treoir

### Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

**Cúrsaí Fuaime: Torann Ceirde**
Treoir phraiticiúil maidir le neamhchosaint ar thorann ag an obair a bhainistiú. Tá sé scríofa d'fhostóirí agus d'fhostaithe chun feasacht a mhúscailt agus riosca torainn san ionad oibre a rialú.

**Sábháilteacht Feirme le linn Breithe Uain**
Cé go bhféadfadh an baol díobhála coirp ó chaoirigh a bheith níos ísle ná mar atá sé maidir le beostoc eile, d'fhéadfadh rioscaí a bheith i gceist le caoirigh i ndáil le neamhoird mhatánchnámharlaigh agus galair zónóiseacha a tholgadh (doiciméad foilsithe i nGaeilge freisin).

**Sábháilteacht Feirme le linn Breithe Lao**
Ná déantar timpiste mharfach de rud atá in ainm is a bheith ina ócáid shona d'fheirmeoir agus do bhó (bearach) araon (doiciméad foilsithe i nGaeilge freisin).

**Bileog Eolais d'Oibrithe Leochaileacha**
Is é cuspóir na bileoige faisnéise seo ná feasacht a mhúscailt maidir le hoibrithe leochaileacha, chomh maith le freagrachtaí fostóirí maidir le hoibrithe leochaileacha a chosaint.

**Treoir maidir le Tuirse a Bhainistiú le hObair Feirme: An bhfuil tuirse tábhachtach do shláinte agus sábháilteacht?**
Is é aidhm na treorach seo ná cabhrú leat roghanna eolasacha a dhéanamh i mbainistíocht oibre feirme agus tuirse chun rioscaí sábháilteachta agus sláinte a laghdú (doiciméad foilsithe i nGaeilge freisin).

**Treoir maidir le Bainistiú Riosca Foréigin agus Ionsaitheachta a Bhaineann leis an Obair**
Is é cuspóir an doiciméid treorach seo ná faisnéis agus treoir a sholáthar maidir le bainistiú na rioscaí a bhaineann le foréigean agus ionsaitheacht i gcúrsaí oibre.

**Cén fáth a dtugann Cigire Sláinte agus Sábháilteachta cuairt ar d'Ionad Oibre**
Míníonn an treoirdhoiciméad seo duit cad is féidir leat a bheith ag súil leis nuair a thugann cigire ÚSS cuairt ar d'ionad oibre chun cigireacht nó imscrúdú a dhéanamh. Mínítear ann freisin cad a dhéanaimid leis na sonraí pearsanta a bhfuil orainn a bhailiú le linn ár gcigireachtaí agus ár n-imscrúduithe san ionad oibre.

**Tionóiscí agus Tarluithe Contúirteacha san Ionad Oibre a Thuairisciú**
Cuireadh an bhileog eolais seo d'fhostóirí, fostaithe agus daoine féinfhostaithe. Tugtar eolas inti faoi na ceanglais lárnacha chun tionóiscí agus tarluithe contúirteacha san ionad oibre a thuairisciú don ÚSS (doiciméad foilsithe i nGaeilge freisin).

**Treoir ar Shábháilteacht agus ar Shláinte Ghairme maidir le hOibrithe Leochaileacha san Ionad Oibre**
Is é cuspóir an doiciméid treorach seo ná feasacht a mhúscailt maidir le hoibrithe leochaileacha san ionad oibre a aithint, chomh maith lena riachtanais SSC (doiciméad foilsithe i nGaeilge freisin).

**Treoir maidir leis an Riosca a Bhaineann le hObair Aonair a Bhainistiú in Earnáil na Sláinte agus an Chúraim Shóisialta**
Tugtar treoir sa doiciméad seo d'fhostaithe atá ag obair ina n-aonar in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta ar féidir cur síos orthu mar oibrithe aonair. Tugtar comhairle ann ar conas timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chinntiú d'oibrithe aonair sláinte agus cúraim shóisialta in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta (doiciméad foilsithe i nGaeilge freisin).

**Treoirlínte maidir le Garchabhair in Ionaid Oibre**
Tá an treoirdhoiciméad seo ceaptha chun cabhrú le fostóirí, fostaithe, ionadaithe sábháilteachta agus daoine eile tuiscint a fháil ar na riachtanais atá leagtha amach i gCaibidil 2 de Chuid 7 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 (I.R. Uimh. 299/2007) Garchabhair (doiciméad foilsithe i nGaeilge freisin).

**Feachtas Cigireachta RCV 2024 – Torthaí**
I mí Iúil 2024, rinne an ÚSS feachtas cigireachta dírithe ar Fheithiclí Bailithe Dramhaíola (RCVanna). Rinneadh cigireacht ar chúig oibreoir RCV is fiche éagsúla. Dhírigh an feachtas cigireachta ar sholáthar agus ar chaitheamh éadaí sofheicthe, ar chaochspotaí tiománaithe agus ar chomhlíonadh chláir coise a úsáideann oibrithe leis an gCaighdeán Éireannach C.É. EN1501-1:2021.

## Faireachas margaidh agus ceimiceán

**Ceimiceáin i mBreisoideachas agus Oiliúint (BOO)**
Tá an bhileog eolais seo scríofa do bhaill foirne agus do mhic léinn BOO chun feasacht a mhúscailt maidir le bainistíocht shábháilte guaiseacha ceimiceacha agus chun cur ar chumas mic léinn/printíseach guaiseacha a aithint agus iad féin a chosaint le linn a gcuid oiliúna agus gairmeacha beatha amach anseo.

**Úsáid ceimiceáin go sábháilte i scoileanna**
Tá an bhileog eolais seo scríofa do bhaill foirne bunscoile agus iar-bhunscoile agus do dhaltaí iar-bhunscoile chun feasacht a mhúscailt maidir le húsáid agus bainistíocht shábháilte ceimiceán i scoileanna.

**Úsáid Ceimiceáin go Sábháilte ar an bhFeirm**
Is féidir le ceimiceáin amhail leasacháin, glantaigh, olaí, díghalráin agus táirgí cosanta plandaí ról tábhachtach a imirt i saol laethúil na feirme. Mar sin féin, mura n-úsáidtear na ceimiceáin seo go sábháilte, d'fhéadfá a bheith i mbaol.

**Úsáid Ceimiceáin go Sábháilte ar Láithreáin Tógála**
Úsáidtear táirgí ceimiceacha amhail séaltáin, greamacháin, gliúnna, roisíní eapocsa, péinteanna tuaslagóirí, cúir/péinteanna bunaithe ar isocianáit, ola mhianrach agus táirgí bunaithe ar stroighin gach lá ar láithreáin tógála.

**Bileog Eolais d'Allmhaireoirí Ceimiceán**
Faoi Rialacháin an AE maidir le Ceimiceáin, tá roinnt oibleagáidí le comhlíonadh ag cuideachtaí a allmhairíonn táirgí ceimiceacha ó lasmuigh den AE sular féidir leo rochtain a fháil ar mhargadh an AE. Leagtar amach anseo príomhfhreagrachtaí allmhaireoirí substaintí, meascán agus/nó earraí san AE faoin Rialachán REACH, Rialachán CLP agus Rialachán (CE) 649/2012 (an Rialachán maidir le Toiliú Feasach Roimh Ré (PIC), arb é an ÚSS an ÚI ábhartha in Éirinn ina leith.

# Aguisín 6:

# Tuarascáil Bhliantúil 2024 chuig an Aire maidir le hOibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

Ceapadh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (dá dtagraítear 'an tÚdarás' anseo) mar phríomhúdarás náisiúnta faoin Acht Ceimiceán 2008 arna leasú (dá dtagraítear 'an tAcht' anseo). Forálann an tAcht do riaradh náisiúnta agus d'fhorfheidhmiú an Rialacháin um Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH), Rialachán na nGlantach, an Rialacháin um Thoiliú Feasach Roimh Ré (PIC) agus an Rialacháin maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP). Ón 1 Meitheamh 2015, tagann na Rialacháin um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a bhaineann le Substaintí Contúirteacha COMAH (Seveso III) faoi raon an Achta freisin ach níl siad faoi réir na Tuarascála Bliantúla seo. Tá oibleagáidí riaracháin agus/nó forfheidhmithe ag cúig údarás náisiúnta faoin Acht, is iad sin ná, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) Bord Ospidéal Beaumont; Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim; agus an BNÉC.

Ceanglaíonn Alt 8(4) den Acht ar údarás náisiúnta (seachas an tÚdarás) chun a) socruithe leordhóthanacha a dhéanamh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi na forálacha reachtúla iomchuí; b) taifid iomchuí a choinneáil agus c) tuarascáil a chur chuig an Údarás laistigh de dhá mhí i ndiaidh dheireadh gach bliain. Beidh faisnéis a iarrfaidh an tÚdarás nó a bheidh ag teastáil uaidh ina leithéid de thuarascáil. Chun a dhualgais reachtúla faoin Acht a chomhlíonadh, d'iarr an tÚdarás ar gach údarás náisiúnta thuasluaite tuairisciú ar a gcuid gníomhaíochtaí le linn 2024 faoin Act. Is iad seo a leanas na sonraí do gach údarás náisiúnta.

## 1. Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Gníomhaíonn an BNÉC – an tÚdarás reachtúil um Monatóireacht ar Chomhlíonadh DCS – mar an ÚI náisiúnta chun críocha Airteagail 8(2) agus (3) de Rialachán na nGlantach amháin. Níl aon saoráid DCS i gclár monatóireachta BNÉC a dhéanann obair i dtaca le Rialachán na nGlantach agus níl aon saotharlanna creidiúnaithe de réir ISO 17025. D'fhreastail BNÉC ar chruinniú amháin de chuid ECFE DCS a bhain le EFSA Pharma i mí Feabhra.

## 2. Bord Ospidéal Beaumont

Is é Ospidéal Beaumont an comhlacht ceaptha atá freagrach as faisnéis a fháil i dtaca le freagairt sláinte éigeandála, de réir Airteagal 45 de Rialachán CLP, agus as bileoga sonraí comhábhar a fháil faoi mar a cheanglaíonn Airteagal 9(3) de Rialachán na nGlantach. Tá an Lárionad Náisiúnta um Fhaisnéis Nimheanna (LNFN) ainmnithe ag Bord Ospidéal Beaumont chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

Seo a leanas líon na n-acmhainní a bhí ar fáil le linn 2024: Oifigeach Riaracháin 0.9 Coibhéis Lánaimseartha (FTE) agus Oifigeach/Bainisteoir Faisnéise Nimheanna thart ar 0.7 FTE. Cé nach bhfuil aon fhoireann tiomnaithe LNFN ann chun oibriú go lánaimseartha ar na freagrachtaí faoin Rialachán CLP agus faoi Rialachán na nGlantach, tá seisear Oifigeach Faisnéise Nimheanna ag an LNFN, agus tá siad uile páirteach i soláthar faisnéise chun freastal ar an éileamh leighis i gcás éigeandála. Tugann an Stiúrthóir Cliniciúil comhairle bhreise ar chásanna tromchúiseacha nó casta. Tá Oifigeach Riaracháin amháin san LNFN a chaitheann an chuid is mó dá gcuid ama ag déileáil le fiosrúcháin ón tionscal. Cuidíonn Oifigeach Faisnéise Nimheanna amháin le fiosrúcháin, agus déanann beirt bhall foirne iniúchadh ar chion níos mó de na haighneachtaí. Ní oibríonn foireann an LNFN go heisiach ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an Acht Ceimiceán, agus ní mór tosaíocht a thabhairt do bhainistiú agus d'oibriú línte teileafóin na seirbhíse faisnéise nimheanna. Níl aon fhoireann bhreise faighte ag an LNFN do ghníomhaíochtaí an Achta Ceimiceán.

Tháinig Iarscríbhinn VIII i bhfeidhm maidir le meascáin cheimiceacha guaiseacha le haghaidh úsáide tionsclaíche ar an 1 Eanáir 2024, agus dá bharr sin ní ghlacann an LNFN le haon fhógraí meascán go díreach a thuilleadh. Ní mór gach fógra maidir le meascáin cheimiceacha a chur isteach anois trí

thairseach Fógraí Lárionad Nimhiúcháin (PCN) ECHA. Is ábhar buartha é go raibh rabhaidh ag 57.6% de na fógraí a aighníodh tríd an tairseach PCN 2024 ach níl ár ndóthain acmhainní againn chun athbhreithniú a dhéanamh orthu agus obair leantach a dhéanamh le lucht a n-aighnithe chun an t-eolas atá ar an mbunachar a fheabhsú.

Fuair foireann LNFN méadú ar líon na gceisteanna ón tionscal, den chuid is mó faoin nós imeachta chun fógra a thabhairt faoi mheascáin ghuaiseacha nó faoi uimhir theileafóin LNFN a úsáid ar bhileoga sonraí sábháilteachta (BSS). D'ardaigh líon na gceisteanna den sórt sin arís in 2024 go 1,113, méadú 16.8% i gcomparáid le 2023. Lean roinnt cuideachtaí orthu ag seoladh a gcuid BSS chuig an LNFN, agus uaslódáladh iad seo chuig an tseirbhís um ascnamh sonraí.

Le linn 2024, bhí Oifigeach Riaracháin an LNFN i dteagmháil le 47 cuideachta (147 ríomhphost) maidir le fiosrúcháin éigeandála i gcás nár cuireadh an táirge in iúl don LNFN nó nár leor an fhaisnéis ar thairseach PCN ECHA chun an riosca don othar a mheas. Thug naoi gcuideachta déag fógra faoin meascán ina dhiaidh sin trí thairseach PCN ECHA nó thug siad an fhaisnéis ar an bhfógra atá ann cheana cothrom le dáta. Níor aicmíodh ach 2 tháirge mar tháirge guaiseach bunaithe ar éifeachtaí sláinte nó fisiciúla, agus níor tugadh fógra faoi 26 meascán go fóill trí thairseach PCN ECHA.

Tar éis comhfhreagras a fháil ó bhall den phobal a raibh imní orthu, chuir an LNFN an ÚSS ar an eolas faoi tháirge glantach níocháin a raibh pacáistiú cosúil le bianna áirithe air a bhí ar díol i sreang ollmhargaí mór. Baineadh an táirge den mhargadh go deonach tar éis idirghabháil ón ÚSS.

Le linn 2024, rinneadh seiceáil ar 3,009 measúnú deisce ar tháirgí le fáil amach an raibh siad i gcomhréir le hAirteagal 45 agus Iarscríbhinn VIII de Rialachán CLP, mar shampla, seiceálacha ar chomhdhéanamh iomlán, pH, MIManna, faisnéis teagmhála agus láithreacht aitheantóir foirmle uathúil. Chuir an LNFN an ÚSS ar an eolas faoi sheacht meascán cheimiceacha a raibh baint acu le teagmhais nimhithe amhrasta ach nár cuireadh in iúl don LNFN faoi Airteagal 45 den Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP), mar aon le táirge bláthola nach raibh lipéadaithe de réir an Rialacháin CLP.

Le linn 2024, d'fhreagair an LNFN 1,584 fiosrúchán éigeandála a bhain le meascáin cheimiceacha, gan glantaigh a áireamh (sonraí sealadacha). Ba iad na catagóirí táirgí is coitianta ná táirgí cúraim aeir do sheomraí faoi dhíon (gníomh leanúnach), táirgí bithicídeacha do limistéir bia agus beatha, táirgí bithicídeacha le haghaidh sláinteachais dhaonna, díghalráin agus algaídí nach bhfuil beartaithe lena gcur go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe, luibhicídí le haghaidh cosaint plandaí (lena n-áirítear scriostóirí gáis agus caonach) agus leacht do thoitíní leictreonacha. Faoi láthair, ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir meascáin le haghaidh úsáide tomhaltóirí, gairmiúla nó tionsclaíche.

Sa bhliain 2024, d'fhreagair an LNFN 1,160 fiosrúchán éigeandála a bhain le táirgí glantaigh. Is iad glantaigh níocháin le húsáid sa tí, go háirithe saicíní/capsúil glantach leachtach, na táirgí glantach is minice a úsáidtear.

Ar leibhéal an AE, thug an LNFN tuairimí agus aiseolas don Ghrúpa Oibre um Chomhchuibhiú Teicniúil – Rialachán Glantaigh seacht n-uaire in 2024.

Tá Meabhrán Tuisceana (MT) agus Comhaontú Comhroinnte Sonraí i bhfeidhm ag Ospidéal Beaumont agus ag an Údarás ó mhí an Mheithimh 2022 i leith. Sa bhliain 2024, bhí cruinniú ag LNFN leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) chun plé a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ('an Rialachán maidir le Bithicídí') agus ar réimsí imní fhrithpháirteach, agus é mar aidhm acu Meabhrán Tuisceana agus comhaontú comhroinnte sonraí a fhorbairt.

Chuir an LNFN sonraí ar fáil don ÚSS maidir le fiosrúcháin a bhain le táibléid miasniteoirí, capsúil glantach níocháin leachtach, cumhráin seomra/ urraitheoirí aeir agus táirge ionanálach.

Ghlac an LNFN roinnt céimeanna chun an tionscal a chur ar an eolas go mbeadh deireadh leis an idirthréimhse chun fógra a thabhairt faoi mheascáin cheimiceacha guaiseacha ar an 31 Nollaig 2024. Áiríodh leis na céimeanna seo doiciméad ceisteanna coitianta ÚSS, Fógra faoi tháirgí ceimiceacha guaiseacha chuig an Lárionad Náisiúnta um Fhaisnéis Nimheanna in Éirinn, agus suíomhanna gréasáin LNFN a nuashonrú i mí Eanáir 2024; mír a fhoilsiú i rannóg nuachta shuíomh gréasáin LNFN, www.poisons.ie, ar an 30 Bealtaine 2024, a raibh nasc chuici ar an leathanach baile; agus teagmháil a dhéanamh le gach cuideachta a chuir faisnéis isteach go díreach chuig an LNFN san am atá thart, chun a chur in iúl dóibh go dtiocfadh deireadh leis an idirthréimhse chun fógra a thabhairt faoi mheascáin cheimiceacha guaiseacha ar an 31 Nollaig 2024. Seoladh ríomhphoist chuig 459 cuideachta idir Bealtaine agus Iúil 2024. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an tÚdarás agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faisnéis faoi dheireadh na hidirthréimhse ina nuachtlitreacha faoi seach i Meán Fómhair 2024 agus i mí na Nollag 2024.

## 3. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM)

Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) Rialacháin REACH agus CLP i bhfeidhm faoi na Rialacháin maidir le Táirgí Cosanta Plandaí (TCP) (Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009) agus Rialacháin Bithicídí atá sainiúil don earnáil. Deimhnítear go mbíonn lipéid táirge ag cloí leis an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) sula bhfaomhtar iad.

Seo a leanas líon na n-acmhainní a bhí ar fáil le linn 2024: 4.5 cigire FTE atá ag obair ar an Rialachán REACH, 4.5 cigire FTE atá ag obair ar an Rialachán maidir le CLP agus 0.5 cigire FTE arna leithdháileadh ar dhualgais faoin Rialachán PIC. Tá 15 chigire údaraithe chun na rialacháin REACH, CLP agus PIC a fhorfheidhmiú faoi Alt 11 den Acht. Tá 20 cigire cláraithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le Tairseach Idirghníomhaíochta ECHA chun críche REACH agus 3 chun críche PIC. Tá saineolas ag baill foirne a bhfuil baint acu le dualgais forfheidhmithe agus riaracháin REACH, CLP agus PIC i dtocsaineolaíocht, éiceathocsaineolaíocht, measúnú nochta, cinniúint agus iompar comhshaoil, measúnú riosca, bainistíocht riosca agus forfheidhmiú.

Sa bhliain 2024, rinne an RTBM seiceáil ar chomhlíonadh Rialachán CLP i gcás 245 táirge san iomlán. Rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) 103 seiceáil ar TCPanna mar chuid den phróiseas formheasa le haghaidh údaraithe, a dhírigh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le haicmiú, lipéadú guaise agus pacáistiú faoin Rialachán CLP. Pléadh CLP táirgí bithicídeacha le linn 142 seiceáil formheasa.

Ina theannta sin, seiceáladh oibleagáidí fógra faoi Airteagal 45 agus Iarscríbhinn VIII de CLP le haghaidh 80 TCP agus 273 táirge bithicíde. D'eisigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 30 píosa comhairle i scríbhinn mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le lipéadú guaise.

Coinníonn an RTBM leathanaigh ghréasáin thiomnaithe chun faisnéis a sholáthar ar cheanglais REACH a bhaineann le bithicídí agus ar oibleagáidí a bhaineann le PIC.

Mar chuid dá fheidhmeanna PIC, phróiseáil an RTBM fógra easpórtála amháin agus iarratas sainráite amháin ar thoiliú agus d'fhreagair sé iarratas amháin ar fhaisnéis ó pháirtí leasmhar. Mar chuid dá bhfeidhmeanna mar Údarás Náisiúnta Ainmnithe (ÚNA) faoin PIC, d'fhreastail an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar dhá chruinniú de ghrúpa saineolaithe an CE agus rinne siad idirchaidreamh leis an Údarás agus an tuarascáil faoi Airteagal 10 á cur isteach acu. D'fhreastail an RTBM ar chruinniú amháin de chuid HelpNet i mí na Bealtaine 2024.

## 4. Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim

Is iad na Coimisinéirí Ioncaim an ÚNA faoi Airteagal 17 de Rialachán PIC. Tá Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as rialú easpórtáil agus iompórtáil na gceimiceán guaiseach a liostaítear i Rialachán PIC. Chuige sin, tá próifílí leabaithe isteach i gcórais imréitigh Custam don Phróiseáil Iontrála Uathoibrithe (PIU) de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim an lucht gnó ar an eolas (trína gCoiste Comhairliúcháin Custam) faoi na ceanglais maidir le dearbhú easpórtálacha agus le hUimhir Thagartha Aitheantais (UTA) d'easpórtáil ceimiceán atá clúdaithe le Rialachán PIC.

Leagtar amach ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim faisnéis ghinearálta maidir le hearraí toirmiscthe agus srianta, lena n-áirítear faisnéis faoi easpórtáil ceimiceán contúirteach faoi Rialachán PIC.

Áirítear le gníomhaíochtaí Custam faoi Rialachán PIC próifíliú leictreonach ar cheimiceáin ghuaiseacha ar an gCóras PIU agus bailíochtú UTAnna ag an bhfoireann Custam ag am na heaspórtála nuair is ábhartha. Le linn 2024, rinneadh monatóireacht ar 263 coinsíneacht easpórtála faoi Rialachán PIC.

Is ball den Ghrúpa Idir-rannach Ceimiceán iad na Coimisinéirí Ioncaim. Tá MT idir na Coimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás agus an RTBM i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí faoi Rialachán PIC. Coinníonn na Coimisinéirí Ioncaim comhaontú comhroinnte sonraí leis an dá ghníomhaireacht i ndáil le malartú faisnéise faoin Rialachán PIC, a athnuadh in 2023.

## 5. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)

Sa bhliain 2024, b'ionann acmhainní GCC chun críocha Rialachán REACH agus thart ar 0.33 ball foirne FTE, rud atá comhsheasmhach leis na hacmhainní do 2023. Cé go raibh athruithe foirne ann, tá an GCC i mbun eolais agus taithí a fhorbairt i réimse REACH faoi láthair. I measc na ngníomhaíochtaí a bhaineann le REACH, mar shampla, tá faireachas margaidh, athbhreithniú ar chinntí maidir le hiarratais ar údarú ceimiceán srianta agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara. D'fhan an leithdháileadh acmhainní faoi Rialachán na nGlantach in 2024 (0.01 FTE) comhsheasmhach. Tá triúr cigirí údaraithe chun Rialachán REACH a fhorfheidhmiú agus tá cigire amháin údaraithe chun Rialachán na nGlantach a fhorfheidhmiú faoi Alt 11 den Acht. Tá saineolas ag baill foirne a bhfuil baint acu le dualgais forfheidhmithe agus riaracháin REACH agus Rialachán na nGlantach i measúnú riosca, bainistíocht riosca agus forfheidhmiú.

Le linn 2024, rinneadh seiceáil ar 71 táirge san iomlán le haghaidh chomhlíonadh Rialachán REACH: 20 as 163 táirge san iomlán a ndearnadh cigireacht orthu le linn cigireachtaí láithreáin chlár faireachais margaidh an GCC chun obair leantach a dhéanamh ar fhógraí Geata Sábháilteachta, agus 51 ó chuardaigh ar líne chun obair leantach a dhéanamh ar fhógraí Safety Gate. As na 20 táirge a ndearnadh seiceáil orthu le haghaidh comhlíonadh Rialachán REACH mar chuid den chlár faireachais margaidh chun obair leantach a dhéanamh ar fhógraí Safety Gate, cinneadh gur monaraíodh na táirgí seo go léir i nDaon-Phoblacht na Síne.

In 2024, d'fhreagair an GCC cúig cheist ó pháirtithe leasmhara a bhain le Rialachán REACH agus d'fhiosrúchán amháin ó pháirtí leasmhara ar Rialachán na nGlantach. Tá leathanach gréasáin tiomnaithe ag an GCC do Rialachán REACH. Tá ceimiceáin, lena n-áirítear roinnt gnéithe de REACH, clúdaithe i *dTuarascáil Staid Chomhshaoil na hÉireann 2024*de chuid an GCC (lgh. 386-391). Laistigh den GCC, roinntear ailt, podchraoltaí agus seimineáir ghréasáin a bhaineann le REACH agus ceimiceáin idir oifigí le foireann an GCC trí nuachtlitir inmheánach mhíosúil a eisíonn Foireann Ceimiceán an GCC.

In 2024, freastalaíodh ar chúrsa oiliúna le haghaidh rannpháirtíochta i dtionscadal FFR-13 de chuid Fhóram ECHA um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú i ndáil le díolacháin ar líne táirgí ceimiceacha. Bhí oiliúint forfheidhmithe REACH ar siúl i rith 2024 do bhaill nua foirne. D'fhreastail cigire freisin ar oiliúint ar Geata Sábháilteachta i mí na Bealtaine ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Tá beirt chigirí cláraithe do Thairseach Interact an ECHA.

Ar leibhéal náisiúnta, ghlac an GCC páirt sa chruinniú a d'eagraigh an RFTF i mí Eanáir chun plé a dhéanamh ar an togra le haghaidh rialáil a dhéanamh ar ghlantaigh agus dromchlaghníomhaithe, thug sé tuairimí don Údarás maidir le cúir comhraic dóiteáin agus thug sí faoi deara naisc le hobair ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (POPanna). Aon chomhfhreagras a fuarthas ón Údarás agus RFTF faoi chruinnithe choiste REACH agus faoi mhíreanna ar an gclár oibre – lena n-áirítear ceadúnú le haghaidh tuairimí agus faisnéise agus ionchuir a iarradh, i gcás inarb iomchuí – roinneadh é sin ar fud oifigí ábhartha an GCC. Ghlac an GCC páirt i gcruinniú leis an Údarás i mí na Samhna 2024 chun nuashonruithe a thabhairt; comhoibriú ar obair chomhroinnte, lena n-áirítear Rialacháin AE; athbhreithnithe ar reachtaíocht faoin Acht Ceimiceán; comhordú coistí faoin Acht Ceimiceán; faireachas margaidh; agus tuairisciú.

Ar leibhéal an AE, ceapadh ball d'Fhoireann Ceimiceán GCC mar ionadaí malartach chuig an bhFóram ECHA um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú, agus d'fhreastail sé ar chúig chruinniú, lena n-áirítear dhá chruinniú de chuid Fhóram ECHA, oiliúint d'oiliúnóirí, oiliúint do chomhordaitheoirí náisiúnta FFR-13 agus seimineár gréasáin ar chróimiam.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, bhí an GCC ina bhall de na grúpaí oibre seo a leanas: an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GEC), áit a bhfuil an GCC mar Phointe Fócais Náisiúnta do líonra Eionet GEC, agus ina nglacann sí páirt i ngníomhaíochtaí réimsí téamacha (is é sin grúpaí oibre) a chlúdaíonn ceimiceáin. Is minic a chlúdaítear míreanna a bhaineann le comhlachtaí rialála eile sna grúpaí oibre seo, agus scaipeann an GCC sonraí ábhartha le haghaidh ráitis nó tuairimí a fháil más ann dóibh; Grúpa Oibre Údaráis Inniúla an AE a chuireann Rialachán (AE) 2019/1021 chun feidhme (Grúpa Oibre Údaráis Inniúla um POPanna), áit a nglacann an GCC páirt sa ghrúpa oibre trí fhreastal ar chruinnithe agus aiseolas a thabhairt ar iarratais faisnéise nuair is iomchuí.

Tá Meabhrán Tuisceana (MT) ag an GCC leis an Údarás. Bhuail ionadaithe ón GCC leis an ÚSS i mí na Samhna 2024 don chruinniú bliantúil den Mheabhrán Tuisceana chun cumarsáid agus malartú eolais idir an dá pháirtí a éascú. Cuireann an GCC faisnéis ar fáil maidir le cúrsaí ceimiceacha a bhaineann lena fheidhmeanna de réir mar a iarrann an ÚSS agus/nó an RFTF.

Sa bhliain 2024, bhí an GCC i dteagmháil le húsáideoir údaraithe tionscail maidir le cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún maidir le húsáid leanúnach substainte srianta Iarscríbhinn XIV. Tá ról na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) maidir le coinníollacha an chinnidh cur chun feidhme a fhorfheidhmiú leagtha amach aici, agus mhínigh an t-úsáideoir údaraithe na gníomhartha, atá ar siúl agus iad siúd atá le déanamh fós, lena n-áirítear cóireáil fuíolluisce, chun a chinntiú go gcomhlíontar coinníollacha an chinnidh cur chun feidhme.

Sa bhliain 2024, d'fhormheas Bord an GCC Plean Faireachais Margaidh Ceimiceán 2024-2026, ina gcuirtear gníomhaíochtaí REACH san áireamh. Tá plean ceimiceán tras-oifige inmheánach i bhfeidhm ag an GCC chun cabhrú le scaipeadh faisnéise ábhartha faoi cheimiceáin agus eolas a roinnt idir oifigí a dhéileálann le réimsí ábhartha amhail ceadúnú, forfheidhmiú agus monatóireacht.

# Nótaí:

# Nótaí:



# Ár bhfís:
# Saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthar agus cur le fiontair tháirgiúla

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
**Fón: 0818 289 389**

**www.hsa.ie**

Uimh. Choda 0534 an ÚSS

ISBN 978-1-84496-310-2